

L. FRANK BAUM

IATH ÍONTACH OZ

S. Ó Coileáin

2

Iath Íontach



Leagan Gaeilge le Séamus Ó Coiléáin

Iath Íontach Oz

Arb é atá ann cuntas
ar zachtraí eile

AN FHIR BHRÉIGE

agus **AN FHIR CHOILLE STÁIN**

agus ar na nithé
aisteacha a tharla don
Dzargadaol ollmhéadaithe,
do Shéán Puimeínchann,
don Chapall Sábhadóirzachta Bzgo
agus don Ghump;

arb é atá sa scéal féin

Iarscéal Asarlaí Oscartha Oz

le

L. Frank Baum

Léaráidí le
John R. Neill

Séamus Ó Coileáin
a chuir culaith Ghaeilge air

Iath Íontach Oz

Foilsíodh an leabhar seo i mBéarla sa bhliain 1904 faoin teideal *The Marvelous Land of Oz*

Cóipcheart an leagain Ghaeilge seo (2020) © Séamus Ó Coileáin &



Ealaín an Chlúdaigh ©

Gach ceart ar cosnamh.

Áirítear air sin atáirgeadh an leabhair ina iomláine nó i bpáirt ar mhodh ar bith.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a tharchur le fearas ar bith, gan cead a fháil ó úinéir an chóipchirt roimh ré.


Ní ceadmhach an leabhar seo a tharchur gan chlúdach ná faoi chlúdach eile seachas an clúdach reatha.

ISBN:

Tá gach eolas faoin leabhar seo le fáil ar

facebook.com/AsarlaiOscarthaOz/





Focal ón Údar

Ach ar foilsíodh Asarlaí Oscartha Oz, fuair mé litreacha ó leanaí, a chuir in iúl dom an taitneamh a bhain siad as an scéal a leamh agus a d'iarr orm 'a thuilleadh a scríobh' faoin bhFear Bréige agus faoin bhFear Coille Stáin. Ghlac mé leis na litreacha sin ar dtúis mar mholadh ach fuair mé a thuilleadh acu sna míonna agus sna blianta ina dhiaidh sin.

I ndeireadh na dála, gheall mé do chailín beag amháin, a thaistil achar fada le bualadh liom -- is 'Dorothy' í dála an scéil -- nuair a scríobhfadh míle cailín beag litir chugam ag éileamh scéalta an Fhir Bhréige agus an Fhir Choille Stáin go scríobhfainn leabhar. Ní fheadar arbh é go raibh Dorothy ann mar a bheadh sióg i ngan fhios, nó mar gheall ar an rath a bhí ar léiriú stáitse 'Asarlaí Oscartha Oz', ach rinneadh cairde nua don scéal agus bhain míle litir ceann scríbe amach agus go leor leor eile sa bhreis orthu.

Agus anois, cé go raibh moill orm, seasaim le m'fhocal leis an leabhar seo.

L. FRANK BAUM.

Chicago, Meitheamh 1904


Tiomnaítear
an leabhar seo
do na fir
bhrzátha

agus
na fir ghrinn
iontacha
sin


David C.
Montgomery


agus
Frank A.
Stong
a chuir
An Fear Coille
Stáin

agus
An Fear
Bréige
ar stáitse go
szoigh agus
a spreag na
mílte leabh
ar fud na tíre.
An tUdar




	Liosta na gCaibidlí	
	Déanann Tip Puimcíncheann	1
	Púdar Iontach na Beatha	7
	Teitheadh na dTeifeach	19
	Déanann Tip Tástáil Draíodóireachta	29
	Dúiseacht an Chapail Sábhadóireachta	37
	Marcaíocht Sheáin Puimcíncheann	
	chuig an gCathair Iathghlas	46
	A Shoilse, An Fear Bréige	60
	Arm ceannairce an Ghin. Jin ur	70
	Beartaíonn an Fear Bréige ar éalú	82
	An Turas chuig an bhFear Coille Stáin	94
	Impire Nicilchlúdaithe	104
	An tUasal O.M. Deargadaol, L.O.	117
	Stair Ollmhéadaithe	128
	Déanann Mambáí Asarlaíocht	138
	Príosúnaigh na Banríona	149
	Déanann an Fear Bréige a Mharana	161
	Eitilt Éachtach an Ghump	171
	I Nead an Cháig	180
	AN FEAR COILLE STÁIN Piollaí Iomráiteacha Guí an Dr Nicidic	197
	Achainí sn Fhir Bhréige ar	
	Glinda Mhaith	208
	Stoitheann an Fear Coille Stáin Rós	223
	Claochlú Mhambáí	233
	An Banphrionsa Osma as Oz	241
	Saibhreas na Sástachta	251






Iath Íontach Oz



Déanann Tip puimcíncheann

I gCríoch na nGhilicíní, atá ar an taobh ó thuaidh de Chríoch Oz, bhí cónaí ar bhuachaill darbh ainm dó Tip. Níorbh é sin an t-ainm a bhí air ó cheart, óir deireadh Mambaí go minic gurbh é Tipirtéirias an t-ainm a bhí air i ndáiríre; ach ní bheifí ag súil go ndéarfadh éinne focal chomh mór sin nuair ba leor 'Tip'. Ní raibh cuimhneamh dá laghad ag an mbuachaill ar a thuismitheoirí, óir nuair a bhí sé an-óg tugadh chuig Mambaí é, nach raibh cáil rómhaith uirthi, ní mór a rá, chun é a thógáil. Bhí amhras ar mhuintir Ghilicín go mbíodh ealaíona draíochta nó asarlaíocht éigin ar bun aici, agus d'fhanaidís amach uaithi.

Níor chailleach i ndáiríre í Mambaí, óir chuir an Chailleach Mhaith, a bhí i gceannas ar an gcuid den de Chríoch Oz, cosc ar aon chailleach eile a bheith sa cheantar. Thuig Mambaí, dá bhrí sin, go raibh sé i gcoinne an dlí a bheith ina Cailleach agus nár bh fhéidir léi ach a bheith ina bandraíodóir nó ina ban-asarlaí.



Bhíodh ar Tip adhmaid a thabhairt ón bhforaois chuici ionas go bhféadfadh sí an corcán a fhiuchadh. Bhíodh sé ag obair sna goirt arbhair chomh maith; thugadh sé bia do na muca agus chrúdh sé bó na gceithre adharc a raibh Mambaí an-bhródúil aisti.

Ach ná samhlaigh go mbíodh sé ag obair an t-am go léir, óir mheas sé nár mhaith an rud é sin dó. Nuair a chuirte isteach san fhoraois é, ba mhinic a dhreapadh Tip in airde ar chrainn ar thóir uibheacha éin nó a théadh sé sa tóir ar scata coiníní nó a théadh sé ag iascach sna srutháin le doruithe a rinne sé féin as bioráin. Ansin, bhailíodh sé gabháil adhmaid go tapaidh agus thugadh sé abhaile í. Agus nuair a bhíodh sé in ainm is a bheith ag obair sna goirt arbhair, agus é i bhfolach ó Mhambaí i measc na ngas arda arbhair, ba mhinic Tip a bheith ag tochailt phoill na ngófar nó dá mbuaileadh an fonn é, a bheith ina luí ar a dhrom idir na hiomairí ina chodladh. Mar sin, toisc go raibh sé cúramach gan a neart a ídiú, d'éirigh sé breá láidir mar is dual do bhuachaill.

Ba mhinic a cuireadh draíodóireacht Mhambaí eagla ar na comharsana, agus d'fhanadís amach uaithi, gan caitheamh go míbhéasach léi, toisc go raibh cumhachtaí neamhghnácha aici. Ach bhí an ghráin dhearg ag Tip uirthi agus níor cheil sé an méid sin uirthi. Go deimhin féin, ba mhinic nach raibh a dhóthain measa aige ar an tseanbhean a thóg é.

Bhí puimecíní i ngoirt arbhair Mhambaí, puimecíní órdhearga i measc shraitheanna na ngas glas; cuireadh iad agus tugadh aire


mhaith dóibh ionas go bhféadfadh bó na gceithre adharc iad a ithe sa gheimhreadh. Ach aon lá amháin, nuair a baineadh an t-arbhar go léir agus nuair a bailíodh ina phunainn é, agus nuair a bhí Tip ag tabhairt na bpuimcíní chuig an stábla, bheartaigh sé ar Sheán na Gealaí a dhéanamh chun geit a bhaint as an tseanbhean.



Roghnaigh sé puimcín breá mór – ceann a raibh dath méith ómra-dhearg air – agus thosaigh sé á ghearradh. Rinne sé dhá shúil bheaga, srón thriantánach, agus béal mar a bheadh corrán na gealaí le bior a sceana. Ní fhéadfaí a rá go raibh an aghaidh álainn nuair a chríochnaigh sé í, ach bhí miongháire mór leathan uirthi a bhí chomh meidhreach sin gur thosaigh Tip ag gáirí agus é ag féachaint go bródúil ar a chuid oibre.

Ní raibh aon chairde dá aois féin ag an mbuachaill agus dá bhrí sin ní raibh a fhios aige go ndéanadh buachaillí an taobh istigh de Sheán an phuimcín a baint amach chun coinneal a chur isteach ann ionas go mbeadh an aghaidh níos scanrúla; ach bhí a smaoineamh féin aige a bheadh chomh héifeachtach céanna. Bheartaigh sé ar dhealbh duine a dhéanamh, a bhféadfadh sé an puimcíncheann a chur air, agus é a chur ina sheasamh áit a bhfeicfeadh Mambaí aghaidh ar aghaidh é.

"Agus ansin," arsa Tip leis féin agus é ag gáirí, "ligfidh sí uailh aisti mar a dhéanann an mhuc dhonn nuair a tharraingim a heireaball, agus tiocfaidh ballchrith uirthi mar a bhí orm anuraidh nuair a bhí fiabhras creathach orm!"



DÉANANN TIP PUIMCÍNCHÉANN

Bhí go leor ama aige chun an bheart a chur i gcrích, óir bhí Mambaí imithe chuig an sráidbhaile -- chun an siopadóireacht a dhéanamh, a dúirt sí -- agus ba thuras dhá lá a bhí ann ar a laghad.

Fuair sé tua agus d'imigh sé leis isteach san fhoraois, roghnaigh sé crainn óga théagartha dhíreacha, ghearr sé iad agus bhain sé na mionchraobhacha agus na duilleoga díobh. Dhéanfaidh sé géaga na lámh agus na gcos agus na cosa féin astu sin. Chun cabhail an duine a dhéanamh bhain sé coirt thiubh de chrann mór, agus chaith sé go leor dua leis chun sorcóir a dhéanamh as agus na himill á gceangal le chéile le pionnaí adhmaid aige. Ansin, agus é ag feadaíl go sona sásta dó féin, chuir sé ailt sna géaga agus d'fheistigh sé den chabhail iad le pionnaí a mhúnlaigh sé lena scian.

Faoin am a bhí an méid sin déanta aige, bhí an tráthnóna ag éirí dorcha agus chuimhnigh Tip nár mhór dó an bhó a chrú agus na muca a bheathú. Rug sé ar an bhfear adhmaid agus thug sé ar ais chuig an teach leis é.

I rith an tráthnóna sin, le solas na tine sa chistin, mhaolaigh Tip imill na n-alt agus mhaolaigh sé aon chuid den adhmaid a bhí garbh go deas néata agus go críochnúil. Chuir sé an dealbh ina sheasamh i gcoinne an bhalla ansin agus d'fhéach sé air go bródúil. Bhí sé an-ard, dar leis, fiú amháin d'fhear lánfhásta; ach ba mhaith an rud é sin dar le buachaill, agus bhí Tip breá sásta leis an bhfear a chruthaigh sé.


An mhaidin dar gcionn, nuair a d'fhéach Tip ar a shaothar, thug sé faoi deara go ndearna sé dearmad muineál a thabhairt dó, lena bhféadfadh sé an puimeíncheann a fheistiú den cholainn. Chuaigh sé ar ais chuig an bhforaois, nach raibh rófhada uaidh, agus bhain sé roinnt píosaí adhmaid de chrann chun an saothar a chríochnú. Nuair a d'fhill sé chuir sé trasnán ar bharr na colainne agus rinne


sé poll ina lár chun an muineál a choimeád ina sheasamh. Bhí bior ar bharr an phíosá sin adhmaid a d'úsáid sé don muineál agus nuair a bhí sé réidh leag Tip an puimcíncheann anuas air agus bhrúigh sé síos ar an mbior é agus shuigh sé go deas air. D'fhéadfaí an ceann a chasadh ar dheis nó ar chlé, mar ba mhian leis, agus toisc go raibh bacáin sna géaga bhí sé in ann an riochtán a shocrú mar ba mhian leis.

"Dar fia," arsa Tip go bródúil, "ach sin fear breá, agus ní foláir nó go mbainfidh sé cúpla scread bhreá as Mambaí! Ach bheadh cuma níos réalaíche air ná mbeadh éadaí air."

Níorbh aon ribín réidh é teacht ar éadaí dó, ach rinne Tip cartadh sa trunc ina raibh giuirléidí agus earraí luachmhara Mhambaí, agus ina íochtar ar fad thíos tháinig sé ar threabhsar corcra, ar léine dhearg agus ar veist bhándearg ar a raibh spotáí bána. Thug sé leis iad chuig an bhfear agus, cé nár oir na héadaí i gceart dó, chuir sé ar an dealbh iad. Chuir sé bailchríoch le dealbh an fhir ach stocaí cniotáilte Mhambaí a chur air mar aon le bróga seanchaite dá chuid féin, agus bhí Tip chomh sásta sin gur thosaigh sé ag pocléim agus ag gáire.

"Ní mór dom ainm a thabhairt dó!" ar seisean de liú. "Níor mhór ainm a bheith ag duine atá chomh maith leis seo. Is dóigh liom," ar seisean tar éis beagán machnaimh a dhéanamh, "go dtabharfaidh mé 'Seán Puimcíncheann!' air."







Púdar Iontach na Beatha

Tar éis dó a mharana a dhéanamh, bheartaigh Tip gurbh é an áit ab fhearr a bhféadfadh sé Seán a chur ná ag cor sa bhóthar, tamall slí ón teach. Rinne sé iarracht an fear a thabhairt ann ach níorbh aon ribín réidh é sin toisc go raibh sé trom agus amscáí. Tar éis dó an créatúir a tharraingt tamall slí, sheas Tip ar a chosa, agus lúb sé na hailt ar ghéag coise amháin agus ansin ar ghéag eile, agus chuir sé a lámha taobh thiar dó agus d'éirigh leis Seán a chur ina sheasamh agus é a shiúl chuig an gcor sa bhóthar. Baineadh tuisle as cúpla uair, agus bhí saothar i bhfad níor mó ar Tip ná mar a bhí riamh agus é ag obair sna goirt nó san fhoraois; ach le teann diabhláíochta lean sé air, agus bhain sé sásamh as deismíneacht a chuir oibre a fheiceáil.

"Tá Seán go deas agus is féidir é a bhogadh go breá!" ar seisean leis féin, agus saothar anála air. Ach ansin thug sé faoi deara gur thit géag na láimhe clé den fhear le linn an aistir agus chuaigh sé ar ais chun í a aimsiú, agus ina dhiaidh sin, tar éis dó pionna úr

níos téagartha a dhéanamh d'alt na gualainne, dheisigh sé é agus bhí an ghéag sin ní ba láidre ná mar a bhí sí roimhe sin. Thug Tip faoi deara chomh maith gurbh amhlaidh gur casadh ceann Sheáin timpeall agus go raibh sé ag féachaint tar a dhroim; ach b'éasca dó é sin a chur ina cheart. I ndeireadh thiar thall, agus an fear ina sheasamh ag féachaint i dtreo chor an bhóthair mar a bhfeicfeadh Mambaí é, bhí cuma sách nádúrtha air go gceapfadh duine gur feirmeoir ó Ghilicín a bhí ann -- ach sách mínádúrtha chun geit a bhaint as éinne a thiocfadh air gan choinne.

Toisc go raibh sé ró-mhoch sa lá fós go mbeadh an tseanbhean ag filleadh abhaile, chuaigh Tip síos isteach sa ghleann faoin teach feirme agus thosaigh sé ag bailiú cnónna ó na crainn a bhí ag fás ann.

Tháinig Mambaí ar ais ní ba luaithe ná mar a bhí súil aige léi, áfach. Casadh asarlaí cambheartach uirthi a raibh cónaí air i bpluais iargúlta sna sléibhte agus bhabhtáil sí roinnt rún draíochta leis .

Dá bhrí sin, agus trí oideas nua, ceithre phúdar draíochta agus roinnt luibheanna cumhachtacha aimsithe aici, d'fhill sí abhaile go tuisleach chomh tapaidh agus arbh fhéidir léi, ionas go bhféadfadh sí triail a bhaint as draíocht nua.

Bhí intinn Mhambaí chomh dírithe sin ar na hearraí luachmhara a fuair sí nach ndearna sí ach a ceann a sméideadh leis an bhfear a chonaic sé ag an gcor sa bhóthar agus arsa sise:

"Móradh dhuit tráthnóna, a dhuine uasail."

Ach, nóiméad ina dhiaidh sin, nuair a thug sí faoi deara nach raibh gíog ná míog as an duine, thug sí sracfhéachaint ar a

aghaidh agus chonaic sí nach raibh ann ach ceann puimecín a mhaisigh Tip lena scian.

"Hé," arsa Mambaí agus gnúsacht á déanamh aici, "bhí an rógaire de bhuachaill sin i mbun diabhláíochta arís! An-mhaith! An-mhaith! Tabharfaidh mé ide na muc agus na madraí dó as iarracht a dhéanamh geit a bhaint asam mar seo!"

D'ardaigh sí a bata siúil le teann feirge chun an puimecíncheann straoiseach a smísteáil, ach rith smaoineamh léi go hobann agus fágadh an bata ar crochadh san aer gan bhogadh.

"Dar fia, tá deis mhaith anseo agam triail a bhaint as an bpúdar nua!" ar sise go díocasach. "Beidh a fhios agam ansin an ndearna an t-asarlaí babhtáil chóir liom, nó an amhlaidh gur bhuail sé bob orm faoi mar a bhuail mise bob airsean."

Leis sin, leag sí uaithi an ciseán agus thosaigh sí ag cartadh ann go n-aimseodh sí ceann de na púdair iontacha a fuair sí.

Fad a bhí Mambaí á dhéanamh sin, shiúil Tip ar ais ar a sháimhín só agus a phócaí lán le cnónna, agus chonaic sé an tseanbhean ina seasamh ina aice lena fhear agus gan scáth gan eagla uirthi, ba chosúil.

Bhí díomá air ar dtús, ach ansin tháinig teann fiosrachta air féachaint a raibh ar siúl ag Mambaí. Chuaigh sé i bhfolach laistiar de sconsa, mar a raibh radhare aige uirthi i ngan fhios, agus thosaigh sé ag faire.

Tar éis di cuardach a dhéanamh, tharraing an tseanbhean sean-bhoiscín beag amach, ar a raibh lipéad ar ar scríobh an t-asarlaí na focail seo le peann luaidhe:

"Púdar na Beatha"

"Á -- siod é é!" ar sise go ríméadach. "Féachaimis anois an bhfuil aon chumhacht ann. Is beag de a thug an sprionlóir d'asarlaí dom, ach tá dóthain ann le haghaidh dhá dháileog nó trí."

Bhí ionadh an domhain ar Tip nuair a chuala sé an méid sin. Ansin chonaic sé Mambaí ag ardú a láimhe agus ag caitheamh púdair ón mbosca ar cheann an fhir a chruthaigh sé. Rinne sí é sin ar an gcaoi chéanna a chaithfeadh duine piobar ar phráta, agus shíothlaigh an púdar síos ó cheann Sheáin agus thit sé ar a léine dhearg agus ar a bhástchóta bándearg agus ar a threabhsar corcra agus thit beagán de ar na bróga seanchaite fiú.

Ansin, agus an boiscín beag á chur ar ais isteach sa chiseán aici, d'ardaigh Mambaí a lámh chlé, shín sí a lúidín i dtreo na spéire, agus ar sise:

"Bheá!" ansin d'ardaigh sí a lámh dheis, shín sí a hordóg i dtreo na spéire, agus ar sise:

"Teá!" ansin d'ardaigh sé a dhá lámh, shín sí a méaracha go léir i dtreo na spéire, agus ar sise:

"Peá!"

Sheas Seán Puimcíncheann siar céim amháin, ansin, agus ar seisean de ghlór gearánach:

"Ní bí ag béicíl mar sin! An dóigh leat gur bodhar atáim?"

Thosaigh Mambaí ag rince uime agus áthas an domhain uirthi.



THOSAIGH MAMBAÍ AG RINCE UIME.

"Tá sé beo!" ar sise de bhéic. "Tá sé beo! Tá sé beo!"

Chaith sí an bata in airde san aer agus rud sí arís air sular bhuail sé an talamh; agus rug sí barróg uirthi féin lena dhá lámh, agus rinne sí iarracht steip rince a dhéanamh; agus ar feadh an ama bhí sí ag liúireach go háthasach:

"Tá sé beo! Tá sé beo! Tá sé beo!"

Déarfá go raibh ionadh an domhain ar Tip agus é ag féachaint air sin go léir, agus bheadh an ceart agat!

Bhí an oiread sin eagla agus alltachta air ar dtús gur theastaigh uaidh rith leis, ach bhí a chosa ag creathadh chomh mór sin nárbh fhéidir leis. Rith sé leis ansin gurbh ait an rud é go mbeadh Seán beo, go háirithe agus cuma chomh háiféiseach agus chomh greannmhar sin ar a aghaidh. Chuirfeadh sé duine ar bith ag gáirí. Scaip an eagla a bhí air ar dtús agus thosaigh Tip ag gáirí; agus chuala Mambaí é agus theith sí léi go tuisleach isteach sa bhfál, agus rug sí ar Tip agus tharraing sí ar ais é chuig an áit ar fhág sí an ciseán, mar a raibh an puimcíncheann.

"A shramaide dhána!" ar sise go feargach. "Múinfidh mise duit gan a bheith ag spiadóireacht orm agus ag magadh fúm!"

"Ní raibh mé ag magadh fút," arsa Tip. "Ag gáirí faoi phuimcíncheann a bhí mé! Féach air! Nach mór an spóirt é!"

"Tá súil agam nach ag caint ar an gcuma atá orm atá tú," arsa Seán, agus toisc go raibh glór dáiríre a bhí aige bunoscionn leis an meangadh mór a bhí ar a aghaidh, scairt Tip amach ag gáirí.

Chuir Mambaí féin spéis le teann fiosrachta san fhear seo ar thug a cuid draíodóireachta beocht dó. Tar éis di stánadh go grinn air ar feadh nóiméid, arsa sise:

"Cén t-eolas atá agat?"

"Mhuise, is deacair a rá," arsa Seán. "Cé gur dóigh liom go bhfuil go leor ar eolas agam, níl a fhios agam cé mhéad eolais atá sa domhan ná cé mhéad de atá ar eolas agamsa. Glacfaidh sé tamall orm a dhéanamh amach an saoi nó daoí mé."

"Go deimhin," arsa Mambaí agus í ag machnamh.

"Ach cad a dhéanfaidh tú leis anois go bhfuil sé beo?" arsa Tip.

"Ní mór dom machnamh a dhéanamh air sin," arsa Mambaí. "Ach ní mór dúinn dul abhaile anois díreach óir tá an oíche ag titim. Cabhraigh le Puimcíncheann siúl."

"Ná bac liomsa," arsa Seán, "is féidir liomsa siúl chomh maith libh féin. Nach bhfuil dhá chos fúm, agus nach bhfuil ailt iontu?"

"An bhfuil?" arsa an bhean, agus í ag tiontú i dtreo Tip.

"Tá go deimhin, mé féin a rinne iad," arsa an buachaill agus bród air.

Thosaigh siad ag siúl i dtreo an tí, ach nuair a bhain siad an bhuaile amach thug Mambaí fear an phuimcín chuig cró na bó, chuir sí isteach é agus chuir sí glas ar an doras.

"Ní mór don déileáil leatsa ar dtús," ar sise agus í ag sméideadh a cinn le Tip.

Nuair a chuala sé an méid sin, tháinig scaoll ar an mbuachaill, óir bhí a fhios aige go raibh déanamh an díoltais inti agus nach gcuirfeadh sé isteach ná amach uirthi rud olc a dhéanamh.

Chuaigh siad isteach sa teach. Teach cruinn, mar a bheadh dóm, a bhí ann dála fhormhór na dtithe feirme i gCríoch Oz.



THUG MAMBAÍ FEAR AN PHUIMCÍN CHUIG CRÓ NA BÓ.

Dúirt Mambaí leis an mbuachaill coinneal a lasadh a fhaid a bhí sise ag cur an chiseáin sa chófra agus ag crochadh a clóca ar phionna. Rinne Tip rud uirthi go tapaidh, óir bhí sé sceimhlithe roimpi.

Ach ar lasadh an choinneal, d'ordaigh Mambaí dó tine a adhaint sa tinteán, agus a fhaid a bhí Tip á dhéanamh sin, d'ith an tseanbhean a suipéar. Nuair a bhí an tine ina caor, tháinig an buachaill anall chuici agus d'iarr sé blúire aráin agus cáise uirthi, ach dhiúltaigh Mambaí é.

"Tá ocras orm!" arsa Tip agus é ag pusaireacht.

"Ní fada eile a bheidh ocras ort," arsa Mambaí agus í ag féachaint go géar air.

Níor thaitin an chaint sin leis an mbuachaill, óir ba dhóigh leis gur bhagairt a bhí ann; ach chuimhnigh sé go raibh cnónna ina phócaí aige, agus bhris sé iad agus d'ith sé cuid díobh. D'éirigh an bhean ina seasamh, chroith sí grabhróga aráin dá naprún, agus chroch sí citeal beag dubh os cionn na tine.

Thomhais sí a oiread céanna bainne agus fínéagair agus dhoirt sí isteach sa chiteal iad. Ansin,

bhain sí amach roinnt paicéad luibheanna púdair agus thosaigh sí á gcur isteach sa chiteal. Anois agus arís, shíneadh sí a lámha i dtreo na coinnele ionas go bhféadfadh sí páipéar buí an oidis a léamh i gceart.

Agus Tip ag féachaint uirthi, mhéadaigh ar a mhíshuaimhneas.

"Cad dó é sin?" ar seisean.

"Duitse," arsa Mambaí go giorraisc.

D'éirigh Tip corrrthónach ar an stól agus é ag stánadh ar an gciteal a raibh boilgíní ag teacht ann.

D'fhéachadh sé ar aghaidh chrosta agus rocach na caillí agus ba chuma leis a bheith áit ar bith seachas sa chistin dhorcha sin a bhí lán de dheatach, áit a gcuirfeadh na scáileanna a rinne solas na coinnle ar an mballa, fiú, an croí trasna i nduine ar bith.

D'imigh uair an chloig agus ní raibh aon rud le cloisteáil ach sioscarnach an chorcáin agus bloiscarnach na tine.

I ndeireadh na dála, labhair Tip arís.

"An mbeidh orm an stuif sin a ól?" ar seisean agus sé ag sméideadh a chinn i dtreo an chorcáin.

"Beidh," arsa Mambaí.

"Cad a dhéanfaidh sé orm?" arsa Tip.

"Má dhéanaim i gceart é," arsa Mambaí, "déanfaidh ní dealbh chloiche díot."

Lig Tip osna agus uail as agus bhain sé an t-allas dá chlár éadain lena muinchille.

"Ní theastaíonn uaim a bheith i mo dhealbh chloiche!" ar seisean.

"Is cuma liomsa," arsa Mambaí agus í ag féachaint do dian air, "ba mhaith liom dealbh a dhéanamh díot."

"Cén mhaitheas a bheidh liom ansin?" arsa Tip.

"Ní bheidh éinne agat a dhéanfaidh obair duit."

"Cuirfidh mé an Puimcíncheann chun oibre," arsa Mambaí.

Lig Tip osna as arís.

"Nach ndéanfá gabhar, nó sicín, díom?" ar seisean go himníoch.



NÍ THEASTAÍONN UAIM A BHEITH I MO DHEALBH CHLOICHE!

"Ní féidir rud ar bith a dhéanamh le dealbh chloiche."

"Is féidir go deimhin," arsa Mambaí.

"Tá sé i gceist agam ceapóg bláthanna a chur san earrach agus cuirfidh mé i do sheasamh ina lár thú.

Nach aisteach nár smaoinigh mé air sin roimhe seo; tá tú do mo chrá le blianta fada."

Nuair a chuala sé an méid sin, mhothaigh Tip na braonacha allais ar fud a cholainne, ach d'fhan sé socair agus é ar creathadh agus stán sé go himníoch ar an gciteal.

"Seans nach n-éireoidh léi," ar seisean faoina fhiaccla de ghlór lag éadóchasach.

"Ó, éireoidh liom," arsa Mambaí go meidhreach.

"Is annamh a dhéanaim botún."

Bhí ciúnas ann arís, ciúnas a bhí chomh fada agus chomh leamh sin go raibh sé ag déanamh ar mheán oíche nuair a bhain Mambaí an citeal den tine.

"Ní beidh tú in ann é a ól nó go mbeidh sé sách fuar," arsa an tseanchailleach óir ba chailleach í in ainneoin an dlí a bhí ann i gcoinne na gailleach.

"Ní mór dúinn beirt dul a chodladh anois, agus ar bhreacadh an lae, cuirfidh mé fios ort agus déanfaidh mé dealbh chloiche díot láithreach."

Leis sin, d'imigh sí léi go tuisleach isteach ina seomra leapa, agus an citeal ina lámh aici, agus chuala Tip an doras á dhúnadh agus á ghlasáil.

Ní dheachaigh an buachaill a luí, ach d'fhan sé ina shuí agus é ag stánadh ar na tine a bhí ag dul in éag.



Teitheadh na dTeifeach

Rinne Tip a mharana. "Is deacair an rud é a bheith i do dhealbh chloiche," arsa seisean leis féin go teanntásach, "agus ní ghéillfidh mé di.

Deir sí go raibh mé á crá le blianta fada, agus tá sí ag iarraidh fáil réidh liom.

Tá bealach níos éasca ann ná dealbh a dhéanamh díom.

Ní bheadh aon spraoi ag buachaill dá mbeadh sé ina sheasamh i lár ceapóige bláthanna!

Teithfidh mé liom, sin é a dhéanfaidh mé, agus tá sé chomh maith agam éalú anois sula dtabharfaidh sí orm an stuif ghránna sin sa chiteal a ól."

D'fhan sé go dtí gur chuala sé an tseanchailleach ag srannadh, d'éirigh sé ina shuí go deas réidh agus théaltaigh sé anonn chuig an gcófra féachaint an aimseodh sé rud éigin le n-ithe.

"Ní fiú imeacht ar thuras gan roinnt bua," ar seisean leis féin agus é ag cuardach ar na seilfeanna cúnga.

D'aimsigh sé crústaí aráin ach bhí air cartadh i gciseán Mhambaí don cháis a thug sí abhaile léi ón sráidbhaile.

Agus é ag cartadh leis an chiseán, tháinig sé ar an mboiscín ina raibh "Púdar na Beatha".

"Tá sé chomh maith agam é seo a thabhairt liom," arsa seisean, "nó úsáidfídh Mambaí é chun a thuilleadh diabhláíochta a dhéanamh."

Chuir sé an boiscín isteach ina phóca, mar aon leis an arán agus leis an gcáis.

Théaltaigh sé amach as an teach ansin agus dhún sé an doras ina dhiaidh.

Bhí an ghealach agus na réaltaí ag lonradh go gléigeal lasmuigh agus ba mhór an difear idir an oíche lasmuigh agus an chistin chúng bheag bhréan.

"Beidh mé sásta a bheith imithe ón áit," arsa Tip go séimh, 'óir níor thaitin an tseanbhean sin liom riamh.


Ní fheadar conas a tharla sé go raibh mé anseo léi ar an gcéad dul síos."

Agus é ag siúl go mall i dtreo a bhóthair, bhuail smaoineamh é agus stad sé.

"Níor mhaith liom Seán Puimeíncheann a fhágáil anseo le Mambaí ghránna," ar seisean faoina fhiacra.

"Agus is liomsa Seán óir ba mhise a rinne é, fiú más í an tseanchailleach a chuir beocht ann."

D'fhill sé ar ais chuig cró na bó agus d'oscail sé an doras san áit ar fágadh fear an phuimeín.



THUG TIP AR FEADH AN CHOSÁIN É.

Bhí Seán ina sheasamh i lár an stábla agus bhí Tip in ann a fheiceáil le solas na gealaí go raibh meangadh mór air mar a bhí riamh.

"Tar liom!" arsa an buachaill agus é ag luascadh a láimhe leis.

"Cén áit?" arsa Seán.

"Dá thúisce a bheidh a fhios agamsa é sin beidh a fhios agatsa é," arsa Tip agus rinne sé meangadh truachroíoch le fear an phuimcín.

"Níl sé déanamh anois againn ach siúl linn."

"Go breá," arsa Seán, agus shiúil sé go hamscaí amach as an stábla faoi sholas na gealaí.

Thiontaigh Tip i dtreo an bhóthair agus lean an fear é.

Shiúil Seán go tuisleach, agus anois is arís d'iompaíodh ceann d'ailt a choise siar, seachas chun tosaigh, agus ba dhóbair dó titim.

Ach thug an Puimcíncheann é sin faoi deara gan mhoill agus rinne sé a dhícheall coiscéimeanna a thógáil níos cúramaí, agus ba bheag timpiste a bhain dó ina dhiaidh sin.

Thug Tip ar feadh an chosáin é gan stad gan staonadh.

Níorbh fhéidir leo taisteal róthapaidh, ach shiúil siad leo go fonnmhar agus faoin am a lagaigh solas na gealaí agus a thosaigh solas na gréine ag péacadh os cionn na gcnoc bhí achar maith slí curtha díobh acu agus ní raibh eagla ar an mbuachaill go n-aimseodh an tseanbhean iad.

Anuas air sin, thaistil siad cosán amháin ar dtúis agus ansin cosán eile, sa tslí is dá leanadh éinne iad go mbeadh sé an-deacair orthu a dhéanamh amach cá ndeachaigh siad nó cá háit a n-aimseofaí arís iad. Agus é sách sásta gur thug sé na cosa leis --

go ceann tamaill, ar a laghad -- agus nach ndéanfaí dealbh de, stad an buachaill a chompánach agus shuigh sé féin ar charraig ar thaobh an bhóthair.

"Ithimis bricfeasta," ar seisean.

D'fhéach Seán Puimcíncheann ar Tip go fiosrach, ach níor ith é aon rud.

"Ní dóigh liom go ndearnadh mise mar a rinneadh tusa," ar seisean.

"Tá a fhios agam é sin," arsa Tip, "óir is mise a rinne thú."

"Ó!

An ndearna?" arsa Seán.

"Rinne go deimhin.


Agus chuir mé le chéile thú.

Agus ghearr mé amach do shúile agus do shróin agus do chluasa agus do bhéal," arsa Tip go bródúil.

"Agus ghléas mé thú."

D'fhéach Seán ar a cholainn agus ar a ghéaga go géar.

"Déanaim amach go ndearna tú an-jab" ar seisean.



"Dheara, tá tú go breá," arsa Tip go modhúil, óir chonaic sé

roinnt máchailí i gcruthú an fhir.

"Dá mbíodh a fhios agam go mbeimis ag taisteal lena chéile, seans go mbeinn ní ba chríochnúla."

"Más mar sin atá," arsa Seán Puimcíncheann de ghuth iontais, "ní foláir nó gur tusa mo chruthaitheoir, mo thuismitheoir, m'athair!"

"Nó do chumadóir," arsa an buachaill de gháire.

"Sea, a mhac, sin atá ionam go deimhin!"

"Ní mór dom rud a dhéanamh ort mar sin," arsa an fear, "agus ní mór duitse mise a chothú."

"Sin é go díreach é," arsa Tip agus é ag léim in airde.

"Imímis linn."

"Cá bhfuil ár dtrial?" arsa Seán agus iad ag siúl leo.

"Níl a fhios sin agam go baileach," arsa an buachaill, "ach is dóigh liom go bhfuilimid ag taisteal ó dheas, agus tabharfaidh sé sin muid, luath nó mall, chuig an gCathair Iathghlas."

"Cén chathair í sin?" arsa an Puimcíncheann.

"Nuathair, is í croílár Chríoch Oz í, agus an baile is mó sa tír go léir.

Ní raibh mé féin ann riamh, ach chuala mé scéalta faoina stair.

Asarlaí iontach agus cumhachtach ar a dtugtar Oz a thóg í, agus tá dath iathghlas ar gach ní inti - díreach mar atá dath corcra ar gach ní i gCríoch seo na nGilicíní."

"An bhfuil dath corcra ar gach ní anseo," a d'fhiosraigh Seán.

"Tá gan amhras.

Nach bhfeiceann tú féin é sin?" arsa an buachaill.

"Is dóigh liom nach féidir liom dathanna a fheiceáil," arsa an Puimcíncheann, tar éis dó stánadh uime.

"Tá dath corcra ar an bhféar, agus ar na crainn agus ar na tithe agus ar na sconsaí," arsa Tip leis.

"Fiú an láib atá ar na bóithre, tá dath corcra uirthi.

Ach sa Chathair Iathghlas, tá dath iathghlas ar gach ní a bhfuil dath corcra air anseo.

Agus i gCríoch an Mhionchine, thall san oirthear, tá dath gorm ar gach ní; agus sa chríoch ó dheas mar a bhfuil na Ceatharlaigh, tá dath dearg ar gach ní; agus i gcríoch na gCaochadóirí san iarthar, mar a bhfuil an Fear Coille Stáin i gceannas, tá dath buí ar gach ní.

"Ó!" arsa Seán.

Ansin, tar éis tosta, arsa seisean:

"An ndéir tú go bhfuil Fear Coille Stáin i gceannas ar na Caochadóirí?"

"Tá; bhí sé ar dhuine acusan a chuidigh le Dorothy Cailleach Ghránna an Iarthair a chloí, agus bhí na Caochadóirí chomh buíoch sin dó gur iarr siad air a bheith i gceannas orthu - faoi mar a rinne muintir na Cathrach Iathghlaise leis an bhFear Bréige."

"A thiarcais!" arsa Seán.

"Tá mearbhall ag teacht orm leis an stair seo go léir.

Cé hé an Fear Bréige seo?"

36

"Cara eile le Dorothy is ea é," arsa Tip.

"Agus cé hí Dorothy?"

"Sin í an cailín a tháinig anseo ó Kansas, atá lonnaithe sa saol

mór lasmuigh.

Scuab spéirling go Críoch Oz í, agus fad a bhí sí anseo thaistil an Fear Coille Stáin agus an Fear Bréige léi."

"Agus cá bhfuil sí anois?" a d'fhiosraigh an Puimcíncheann.

"Sheol Ginda, an Chailleach Mhaith, atá i gceannas ar na Ceatharlaigh, ar ais abhaile í," arsa an buachaill.

"Ó.

Agus cad a tharla don Fhear Bréige?"

"Dúirt mé leat é.

Eisean atá i gceannas ar an gCathair Iathghlas," arsa Tip.

"Mheas mé go ndúirt tú gur Asarlaí iontach a bhí i gceannas uirthi," arsa Seán agus níos mó agus níos mó mearbhaill ag teacht air.

"Sin é a dúirt mé.

Éist go cúramach liom anois agus míneoidh mé an scéal duit," arsa Tip agus é ag labhairt go mall agus ag féachaint sna súile ar an bPuimcíncheann a raibh meangadh gáire ar a aghaidh aige.

"Chuaigh Dorothy chuig na gCathair Iathghlas féachaint an seolfadh an tAsarlaí ar ais go Kansas í, agus chuaigh an Fear Coille Stáin agus an Fear Bréige ann in éineacht léi.

Ach níorbh fhéidir leis an Asarlaí í a sheoladh abhaile óir ba chosúil nach raibh sé chomh maith agus a mheas daoine.

Tháinig fearg orthu ansin leis an Asarlaí, agus bhagair siad a rún a sceitheadh; mar sin, rinne an tAsarlaí balún ollmhór agus d'éalaigh sé leis ann, agus

ní fhaca duine ná deoraí ó shin é."

"Anois, is spéisiúil an stair í sin," arsa Seán agus é breá sásta

leis féin, "agus tuigim go maith é seachas an míniú."

"Is maith sin," arsa Tip.


"Tar éis don Asarlaí éalú, roghnaigh muintir na Cathrach Iathghlaise A Shoilse, an Fear Bréige, le bheith ina Rí orthu, agus chuala mé go raibh cion ag cách air mar cheannasaí."

"An rachaimid chun an Rí aisteach seo a fheiceáil," arsa Seán go fonnmhar.

"Tá sé chomh maith againn," arsa an buachaill, "mura bhfuil rud is fearr leatsa a dhéanfaimis."

"Níl ná é, a athair dhil," arsa an Puimcíncheann.

"Táim breá sásta dul pé áit is rogha leat féin.







Déanann Tip Tástáil Draíodóireachta

Bhí an chuma ar an scéal go raibh náire ar an mbuachaill, a bhí beag agus sách leochaileach, go raibh fear puimcínchinn ard amascaí ag tabhairt 'athair' air, ach dá séanfadh sé an caidreamh bheadh air míniú leamh fadálach eile a thabhairt; dá bhrí sin d'athraigh sé ábhar na cainte ach an cheist a chur:

"An bhfuil tuirse ort?"

"Níl ná é!" arsa an fear eile.

"Ach," ar seisean ansin tar éis tosta, "is cinnte go gcaithfidh mé ailt adhmaid mo chos má leanaim orm ag siúl."

Rinne Tip a mharana agus iad ag siúl seo agus mheas sé go raibh an ceart aige.

Bhí aiféala air nár chuir sé na hailt le chéile ar bhealach níos cúramaí agus níos téagartha.

Ach conas a bheadh a fhios aige go ndéanfaí an fear a rinne sé chun geit a bhaint as Mambaí a bheothú ach púdar as seanbhoiscín a chaitheamh air?

Stad sé dá cháineadh féin agus thosaigh sé ag smaoineamh ar bhealaí lena bhféadfadh sé ailt laga Sheáin a chur ina gceart.

Agus é ag machnamh leis, tháinig siad chuig imeall coille, agus shuigh an buachaill síos ar chapall sábhadoíreachta a d'fhág fear coille ina dhiaidh agus lig sé a scíth.

"Nach suífeá síos?" ar seisean le Puimcíncheann.

"Nach gcuirfeadh sé brú ar mo chuid alt?" ar seisean.

"Ní chuirfidh. Is amhlaidh a bheidh scíth acu," arsa an buachaill.

Leis sin, rinne Seán iarracht suí, ach a thúisce a lúb sé a chuid alt níos mó ná mar a rinne sé go dtí sin, thit sé de phlab ar an talamh agus mheas Tip go raibh a phort seinnte.

Rith sé anonn chuig an bhfear, chuir sé ina sheasamh é, dhírigh sé a ghéaga láimhe agus coise, agus chuimil sé a cheann féachaint an raibh aon scoilt ann.

Ach bhí an chuma air go raibh Seán go breá, i ndeireadh na dála, agus arsa Tip leis:

"Déarfainn gur cheart duit fanacht i do sheasamh. Sin é ba shábháilte."



"Go breá, a athair dhil, pé rud a deir tú féin," arsa Seán agus meangadh gáire air agus an chuma air nár chuir an titim isteach ná amach air.

Shuigh Tip síos arís.

Ansín, arsa Puimcíncheann leis:

"Cad é an rud é sin a bhfuil tú i do shuí air?"

"Ó, is capall é seo," arsa an buachaill gan chuimhneamh.

"Cad is capall ann?" arsa Seán.

"Capall?"

Bhuel, tá dhá chineál capaill ann," arsa Tip, gan a fhios aige conas a mhíneodh sé é.

"Tá cineál amháin capaill beo, tá ceithre chos, ceann agus eireaball aige.

Agus bíonn daoine ag marcaíocht ar a dhroim."

"Tuigim," arsa Seán go meidhreach, "sin é an cineál capaill a bhfuil tú i do shuí air anois."

"Ní hé, mhuis," arsa Tip go pras.

"Cén fáth?"

Nach bhfuil ceithre cos, ceann agus eireaball aige sin!"

D'fhéach Tip ní ba ghrinne ar an gcapall sábhadóireachta agus chonaic sé go raibh an ceart ag an bPuimcíncheann.

Rinneadh an cholainn as omhna crainn agus fágadh craoibhín ag gobadh amach as taobh amháin a bhí an-chosúil le heireaball.

Ar an taobh eile, bhí dhá fhadharcán nó alt a bhí an-chosúil le súile, agus bhí cuid de bainte agus d'fhéadfaí béal capaill a shamhlú leis.

Maidir leis na cosa, ba é a bhí ann ceithre chraobh crainn a fheistíodh den cholainn, agus iad scartha amach óna chéile ionas go seasfadh an capall sábhadoireachta go socair nuair a leagfaí lomán anuas air chun é a ghearradh leis an sábh.

"Is mó de chosúlacht atá ag an rud seo le capall ceart ná mar a mheas mé," arsa Tip agus é ag iarraidh an scéal a mhíniú.

"Ach bíonn capall ceart beo, agus bíonn sé ag rith agus ag sodar agus ag ithe coirce, ach níl sa rud seo ach capaill adhmaid a úsáidtear chun lomáin a ghearradh."

"Dá mbeadh sé beo, nach ndéanfadh sé rith agus sodar agus nach n-ithfeadh sé coirce?" a d'fhiosraigh an Puimcíncheann.

"Seans go ndéanfadh sé rith agus sodar, ach ní íosfadh sé coirce," arsa an buachaill agus é ag gáirí.

"Agus ní fhéadfadh sé a bheith beo choíche óir tá sé déanta as adhmad."

"Dála mise!" arsa an fear.

D'fhéach Tip air agus ionadh air.

"Tá an ceart agat!" ar seisean.

"Agus tá an púdar draíochta a chuir beocht ionat i mo phóca anseo agam."

Bhain sé an boiscín amach as a phóca agus d'fhéach sé air go hamhrasach.

"N'fheadar," ar seisean go machnamhach, "an gcuirfeadh sé beocht sa chapall sábhadoireachta."

"Dá gcuirfeadh," arsa Seán ar nóscumaliom óir níor chuir aon ní isteach air, "d'fhéadfainn marcaíocht a dhéanamh ar a dhroim, agus ní bheinn ag caitheamh mo chuid alt ansin."



PÚDAR DRAÍOCHTA NA BEATHA

"Bainfidh mé triail as!" arsa an buachaill agus é ag léimint ar a chosa.

"Ach, n'fheadar an féidir liom cuimhneamh ar na focail a dúirt Mambaí, agus ar an gcaoi a d'ardaigh sí a lámha san aer."

Rinne sé machnamh ar feadh nóiméid, óir d'fhéach sé go haireach ar gach gluaiseacht a rinne an tseanchailleach agus d'éist sé le gach focal a dúirt sí, fad a bhí sé i bhfolach sa bhfál, agus mheas sé go bhféadfadh sé aithris a dhéanamh uirthi go díreach.

Leis sin, thosaigh sé ag caitheamh cuid de Phúdar na Beatha ón mboiscín ar cholainn an chapail sábhadoireachta.

Ansín, d'ardaigh sé a lámh chlé, shín sé a lúidín i dtreo na spéire, agus ar seisean:

"Bheá!"

"Cad is brí leis sin, a athair dhil?" arsa Seán go fiosrach.

"Níl a fhios agamsa," arsa Tip.

Ansín d'ardaigh sé a lámh dheis, shín sé a ordóg i dtreo na spéire, agus ar seisean:

"Teá!"

"Cad is brí leis sin, a athair dhil?" arsa Seán.

"Is é is brí leis go gcaithfidh tusa fanacht i do thost!" arsa an buachaill agus cantal air gur cuireadh isteach air agus rud tábhachtach ar siúl aige.

"Nach mise atá ag foghlaim go tapaidh!" arsa an Puimcíncheann agus meangadh ar a aghaidh.

Ansín d'ardaigh Tip a dhá lámh, shín sé a mhéaracha go léir i dtreo na spéire, agus ar seisean de ghlór ard:


"Peá!"

Thosaigh an capall sábhadóireachta ag bogadh, bhain sé searradh as a chosa, rinne sé méanfach lena bhéal gearrtha, agus chroith sé cúpla gráinnín púdair dá dhroim.

Bhí an cuid eile den phúdar imithe gan tásc gan tuairisc i gcolainn an chapail.

"Go maith!" arsa Seán, agus an buachaill ag stánadh agus ionadh air.

"Is draíodóir an-cliste thú, a athair dhil!"





Dúiseacht an chapail sábhadóireachta

Nuair a thuig an capall sábhadóireachta go raibh sé beo, ba mhó an t-ionadh a bhí air ná mar a bhí ar Tip. Bhog sé a shúile fadharcáin ó thaobh go taobh agus é ag féachaint den chéad uair ar domhan a raibh sé beo anois ann.

Rinne sé iarracht féachaint air féin, ach ní raibh aon mhuineál aige a bhféadfadh sé a chasadh; dá bhrí sin agus é ag iarraidh a cholainn a fheiceáil lean sé air ag guairneán agus ag guairneán gan aon radharc a fháil uirthi.

Bhí a chosa righin agus ciotach óir ní raibh alt glúine ar bith aige, agus bhuail sé faoi Sheán Puimcíncheann agus chuir sé i mullach a chinn ar thaobh an bhóthair air.

Baineadh geit as Tip agus chuir sé isteach air go raibh an capall ag pramsáil timpeall i gciorcal gan stad, agus arsa seisean de bhéic!

"Faí! Seas!"

Níor thug an capall aird dá laghad ar an ordú sin, agus i bhfiteadh na súl leag sé ceann dá chosa adhmaid anuas ar chos Tip agus gortaíodh a chos chomh mór sin gur rith sé ón gcapall sábhadóireachta agus gur lig sé béic eile as:

"Faí! Seas, a deirim!"

D'éirigh le Seán éirí ina shuí, agus d'fhéach sé go fiosrach ar an gCapall Sábhadóireachta.

"Ní dóigh liom gur féidir leis an ainmhí sin thú a chloisteáil," ar seisean.

"Tá an béicíl sách ard, nach bhfuil?" arsa Tip go feargach.

"Tá, ach níl aon chluasa ag an gcapall," arsa an Puimcíncheann agus meangadh gáire air.

"Is fíor dúirt!" arsa Tip, agus é á thabhairt sin faoi deara den chéad uair. "Conas a chuirfidh mé stop leis mar sin?"

Ach ansin díreach, stad an Capall Sábhadóireachta as a stuaim féin, óir thuig sé nárbh fhéidir leis a cholainn féin a fheiceáil.

Chonaic sé Tip, áfach, agus tháinig sé anall chuig an mbuachaill chun radharc níos fearr a fháil air.

Ba mhór an spóirt é féachaint ar an gcréatúir agus é ag iarraidh siúl, óir bhogadh sé na cosa ar thaobh na láimhe deise le chéile, agus ansin na cosa ar thaobh na láimhe clé le chéile, rud a d'fhág go raibh sé ag luascadh ó thaobh go taobh.

Chuir Tip a lámh ar chloigeann an chapail agus arsa seisean, 'Ceansaigh! Ceansaigh!' go deas séimh, agus d'imigh an Capall Sábhadóireachta leis agus a shúile ar leathadh aige chun Seán Puimcíncheann a scrúdú.

"Ní mór dom adhastar a fháil dó," arsa Tip agus tar éis a phócaí a chartadh tháinig sé ar rolla corda láidir.

D'oscail sé amach é, chuaigh sé sall chuig an gCapall Sábhadóireachta agus cheangail sé um a mhuineál é agus cheangail sé an taobh eile de chrann mór.

Níor thuig an Capall Sábhadóireachta a raibh ar siúl aige, sheas sé siar agus bhris sé an corda go héasca, ach ní dhearna sé aon iarracht éalú.

"Tá sé níos láidre ná mar a mheas mé," arsa an buachaill, "ach sách ceanndána, freisin."

"Nach ndéanfá cluasa dó?" arsa Seán.

"Ansin beidh tú in ann treoracha a thabhairt dó."

"Is iontach an smaoineamh é sin!" arsa Tip.

"Conas a smaoinigh tú air?"

"Níor smaoinigh mé air," arsa an Puimcíncheann, "níor ghá dom, óir is é sin an rud is fusa agus is simplí a dhéanfaí."

Bhain Tip a scian amach agus rinne sé cluasa as coirt a bhain sé de chrann beag.

"Ní féidir iad a dhéanamh rómhór," ar seisean agus é ag obair leis, "óir dhéanfaí asal den chapall seo againne."

"Conas é sin?" arsa Seán, agus é ina shuí ar thaobh an bhóthair.

"Nuathair, bíonn cluasa níos faide ar chapall ná mar a bhíonn ar fhear agus bíonn cluasa níos faide ar asal ná mar a bhíonn ar chapall," arsa Tip.

"Más mar sin atá, dá mbeadh mo chluasa níos faide, an mbeinn i mo chapall?" arsa Seán.

"A chara dhil," arsa Tip go dáiríre, "ní bheidh ionat go deo ach

Puimcíncheann, beag beann ar fhaid do dhá chluas."

"Ó," arsa Seán agus é ag sméideadh a chinn, "is dóigh liom go dtuigim thú."

"Má thuigeann, is iontas mór thú," arsa an buachaill, "ach ní haon díobháil é a cheapa go dtuigeann tú. Is dóigh liom go bhfuil na cluasa réidh anois. An mbéarfaidh tú greim ar an gcapall a fhaid a bheidh mé á gcur air?"

"Béarfaidh, cinnte, má thugann tú lámh chúnta dom éirí," arsa Seán.

Leis sin, chuir Tip ar chosa é, agus chuaigh an Puimcíncheann anonn chuig an gcapall agus choinnigh sé greim air a fhaid a rinne an buachaill dhá pholl ina chloigeann lena scian agus a chuir sé an dá chluas isteach ann.

"Nach mór an spóirt anois é," arsa Seán.

Ach bhí sé an-ghar don Chapall Sábhadóireachta nuair a dúirt sé an méid sin agus ós rud é gurbh iadsan na chéad fhocail a chuala sé riamh, baineadh geit as an ainmhí agus léim sé chun tosaigh agus leag sé Tip ar thaobh amháin agus Seán ar an taobh eile.

Léim sé chun tosaigh arís ansin óir chuir trup trup a chrúba eagla air.

"Faí," arsa Tip agus é ag éirí ina sheasamh, "seas, a amadáin, faí!"

Seans nach dtugadh an Capall Sábhadóireachta aon aird air sin ach amháin gur sheas sé isteach i bpoll sa talamh agus gur thit sé i mullach a chinn, áit ar luigh sé ar fhleasc a dhroma agus a cheithre chos á luascadh san aer aige ar mire.



“COINNIGH DO CHOSA SOCAIR!”

Rith Tip anonn chuige.

"Is deas an capaillín thú," ar seisean.

"Cén fáth nár stad tú nuair a dúirt é 'faí'?"

"An gciallaíonn 'faí' stop?" arsa an Capall Sábhadóireachta de ghlór an iontais agus d'iompaigh sé a shúile i dtreo an bhuachalla.

"Ciallaíonn gan amhras," arsa Tip.

"Agus ciallaíonn poll sa talamh stop freisin, nach gciallaíonn?" arsa an capall.

"Ciallaíonn, mura léimeann tú thairis," arsa Tip.

"Nach aisteach an áit í seo," arsa an créatúir agus iontas air.

"Cad tá ar siúl agam anseo cibé?"

"Nuathair, chuir mé beocht ionat," arsa an buachaill, "ach ní dhéanfaidh sé sin aon dochar duit, má éisteann tú liom agus má dhéanann tú rud orm."

"Déanfaidh mé rud ort mar sin," arsa an Capall Sábhadóireachta go géilliúil.

"Ach cad a tharla dom nóiméad ó shin?"

Ní dóigh liom go bhfuilim i gceart ar bhealach éigin."

"Tá tú bunoscionn," arsa Tip.

"Coinnigh go chosa socair ar feadh nóiméid agus cuirfidh mé ar ais ar an taobh ceart arís thú."

"Cé mhéad taobh atá agam?" arsa an créatúir go fiosrach.

"Go leor taobhanna," arsa Tip go giorraisc.

"Ach coinnigh na cosa sin socair."

Thit an Capall Sábhadóireachta dá thost agus choinnigh sé a chosa socair agus tar éis roinnt iarrachtaí bhí Tip in ann é a iompú agus a chur ar a chosa arís.

"Á, is dóigh liom go bhfuilim i gceart anois," arsa an t-ainmhí aisteach agus osna á ligean aige.

"Tá ceann de do chluasa brise," arsa Tip tar éis dó é a scrúdú go grinn.

"Beidh orm ceann nua a dhéanamh duit."

Thug sé an Capall Sábhadóireachta ar ais ansin chuig an áit a riabh Seán ag iarraidh seasamh ar a chosa arís, agus tar éis dó lámh chúnta a thabhairt don Phuimcíncheann, rinne Tip cluas nua agus d'fheistigh sé de chloigeann an chapail í.

"Anois," ar seisean agus é ag labhairt leis an gcapall, "éist go géar lena bhfuil le rá agam.

Ciallaíonn 'faí' stad; ciallaíonn 'hath amach' siúl chun tosaigh; ciallaíonn 'hup' imeacht chomh tapaidh agus is féidir leat.

An dtuigeann tú?"

"Tuigim is dóigh liom," arsa an capall.

"Go maith.

Táimid go léir ag imeacht ar thuras chuig an gCathair Iathghlas chun A Shoilse, an Fear Bréige, a fheiceáil agus beidh Seán Puimcíncheann ag marcaíocht ar do dhroim ionas nach gcaithfidh sé ailt a chos."


"Is cuma liom," arsa an Capall Sábhadóireachta.

"An rud is togha leatsa is togha liomsa é."

Thug Tip lámh chúnta do Sheán dul in airde ar dhroim an chapail ansin.

"Coinnigh greim daingean air," ar seisean, "nó titfidh tú agus scoiltfidh tú phuimcíncheann.

"B'uafásach an rud é sin!" arsa Seán agus é á chroitheadh sé.



"AN NGORTAÍONN SÉ THÚ?" ARSA AN BUACHAILL.

"Cad air a mbéarfaidh mé greim?"

"Ar na cluasa, gan amhras," arsa Tip tar éis dó machnamh a dhéanamh.

"Ná déan é sin," arsa an Capall Sábhadóireachta, "óir ní bheidh mé in ann aon rud a chloisteáil."

Bhí an ceart aige, agus rinne Tip iarracht smaoineamh ar bheart eile.

"Socróidh mé é," ar seisean tar éis tamaill.

D'imigh sé leis isteach sa choill agus ghearr sé géag fhada de chrann óg.

Rinne sé bior de cheann amháin den ghéag sin, agus ansin rinne sé poll ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta, díreach laistiar dá chloigeann.

Ansin, fuair sé cloch ar thaobh an bhóthair agus bhuail sé an cuaille go daingean isteach i ndroim an ainmhí.

"Stad!"

Stad!" arsa an capall, "tá tú ag baint creathadh uafásach asam."

"An ngortaíonn sé thú?" arsa an buachaill.

"Ní ghortaíonn go baileach," arsa an t-ainmhí, "ach cuireann an creathadh go léir imní orm."

"Tá sé thart anois ar aon chuma," arsa Tip.

"Anois, a Sheáin, coinnigh greim daingean ar an gcuille ionas nach dtitfidh tú agus nach ndéanfar smidiríní díot."

Rug Seán greim an fhir bháite ag Seán ar gcuille agus arsa Tip:

"Hath amach."

Thosaigh an t-ainmhí ag siúl láithreach agus ag luascadh ó thaobh go taobh agus é ag ardú a chos den talamh.

Shiúil Tip in aice leis an gCapall Sábhadóireachta agus é breá sásta leis an ball nua seo sa ghrúpa.

Thosaigh sé ag feadaíl ansin.

"Cad a chiallaíonn an fhuaim sin?" arsa an capall.

"Ná tabhair aon aird air sin," arsa Tip.

"Níl ann ach feadaíl, agus ciallaíonn sé sin go bhfuilim sona sásta."

"Dhéanfainn féin feadaíl dá bhféadfainn mo liopaí a chur le chéile," arsa Seán.

"Is oth liom a rá, a athair dhil, go bhfuil easnaimh áirithe orm."

57

Tar éis dóibh taisteal ar feadh tamaill slí ar feadh an chosáin chúing, tháinig siad ar bhóthar leathan a bhí clúdaithe le brící buí.

Bhí comhartha le hais an bhóthair agus an méid seo a leanas scríofa air:

NAOI MÍLE GO DTÍ AN CHATHAIR IATHGHLAS

Ach bhí an oíche ag tirim agus bheartaigh Tip ar an oíche a chaitheamh ansin agus leanúint orthu arís le breacadh an lae.

Thug sé an Capall Sábhadóireacht anonn chuig cnocán féir mar a raibh roinnt seach ag fás, agus thug sé lámh chúnta don Phuimcíncheann teacht anuas den chapall.

"Déarfainn go gcuirfidh mé i do luí ar an talamh thú don oíche," arsa an buachaill.

"Is sábháilte a bheidh tú mar sin."

"Cad fúmsa?" arsa an Capall Sábhadóireachta.

"Ní dhéanfaidh sé aon dochar duit seasamh," arsa Tip óir ní féidir leatsa codladh a dhéanamh agus dá bhrí sin tá sé chomh maith agat a bheith ar faire ar eagla go gcuirfeadh éinne isteach orainn.

Shín an buachaill é féin ar an bhféar in aice leis an bPuimcíncheann agus toisc go raibh sé traochta ón turas thit sé a shámhchodladh láithreach.







Marcaíocht Sheáin Puimcínchinn chuig an gCathair Iathghlas

Um bhreacadh an lae, dhúisigh an Puimcíncheann Tip.

Bhain sé an brach dá shúile, bhí folcadh aige i sruthán beag, agus ansin d'ith sé cuid den arán agus den cháis a bhí aige.

Agus é ullamh don lá úr, mar sin, arsa an buachaill:

"Cuirimis chun bóthair láithreach.

Is fada an t-achar slí é naoi míle, ach ba chóir go mbainfimis an Chathair Iathghlas amach um meán lá mura dtarlóidh aon ní fan na slí."

Leis sin, cuireadh an Puimcíncheann in airde ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta arís agus lean siar orthu ar a dturas.

Thug Tip faoi deara gur tréigeadh dath corcra an fhéir agus na gcrann agus gur dath labhandair éadroim a bhí orthu, agus níorbh fhada go raibh lí ghlas ar an dath labhandair sin nó gur

ndeachaigh an dath i nglaise agus i ngile agus iad ag druidim leis an gCathair mhór mar a raibh an Fear Bréige i gceannas.

Ní raibh ach dhá mhíle, ar éigin, curtha díobh ag an mbuíon bheag fan bhóthar na mbríicí buí nuair a tháinig siad ar abhainn leathan a raibh flosc uisce inti.

Ní raibh a fhios ag Tip conas an abhainn a thrasnú, ach tar éis tamaill chonaic sé fear i mbád fartha ag teacht ón taobh eile den abhainn.

Nuair a bhain an fear an bruach abhus amach, arsa Tip leis:

"An dtabharfaidh tú chuig an bruach thall muid?"

"Tabharfaidh, má tá airgead agat," arsa fear an bháid, agus cuma chrosta agus chantalach air.

"Ach níl aon airgead agam," arsa Tip.

"Faic na ngrást?" arsa an fear.

"Faic na ngrást," arsa an buachaill.

"Más mar sin atá, ní bhrisfidh mé mo dhrom do bhur dtabhairt trasna," arsa fear an bháid go diongbháilte.

"Nach deas an fear é!" arsa an Puimcíncheann agus meangadh gáire ar a aghaidh.

Stán fear an bháid air ach ní dúirt sé aon ní.

Bhí Tip ag iarraidh a mharana a dhéanamh, óir ba mhór an díomá é go raibh deireadh leis an turas go hobann.

"Ní mór dom an Chathair Iathghlas a bhaint amach," ar seisean le fear an bháid, "ach conas is féidir liom an abhainn a thrasnú mura dtabharfaidh tusa trasna mé?"

Lig an fear scairt gáire as, ach níor dheas an gáire é.

"Snámhfaidh an capall adhmaid sin ar an uisce," ar seisean,

"agus féadfaidh tú dul trasna ar a dhroim. Maidir leis an liúdramán de Phuimcíncheann atá leat, snámhadh sé nó téadh sé go tóin poill, is cuma faoi i ndáiríre."

"Ná bíodh aon imní ort fúmsa," arsa Seán agus meangadh gáire air le fear cantalach an bháid, "táim cinnte go snámhfaidh mé go breá ar bharr an uisce."

Mheas Tip gurbh fhiú dul sa seans, agus toisc nár thuig an Capall Sábhadóireachta contúirt in aon chor, ní raibh aon drogall airsean.

Thug an buachaill síos chuig an uisce é agus chuaigh sé in airde ar a dhroim.

Chuaigh Seán isteach san uisce a tháinig aníos chuig a ghlúine agus rug sé greim ar eireaball an chapail ionas go bhféadfadh sé a phuimcíncheann os cionn an uisce.



"Anois," arsa Tip, agus comhairle á cur aige ar an gCapall Sábhadóireachta, "má luascann tú do chosa seans go mbeidh tú in ann snámh, agus má beidh, seans go mbainfimid an bruach thall amach."

Thosaigh an Capall Sábhadóireachta ag luascadh a chos láithreach, a bhí cosúil le maidí rámha agus ghluais a bhuíon taistil trasna na habhann.

Níorbh fhada go raibh siad ag dreapadh in airde ar an mbruach féarmhar ar an taobh thall agus iad fliuch báite.

Bhí cosa treabhsair agus bróga Tip ina lipíní báite, ach rinne an Capall Sábhadóireachta snámh chomh maith sin go raibh an buachaill tirim óna ghlúine aníos.

Maidir leis an bPuimecíncheann, bhí gach orlach dá chuid éadaí aoibhne fliuch báite.

"Ní fada go dtriomóidh teas na gréine muid," arsa Tip, "agus thángamar trasna na habhann go slán sábháilte, beag beann ar fhear an bháid, agus is féidir linn leanúint ar aghaidh lenár dturas.

"Níor chuir an snámh isteach ná amach orm," arsa an capall.

"Ná ormsa," arsa Seán.

Níorbh fhada go raibh siad ar ais ar bhóthar na mbrící buí arís, agus chuir Tip an Puimecíncheann in airde ar dhroim an Chapaill Sábhadóireachta arís.

"Má ritheann an capall cosa in airde," ar seisean, "triomóidh an ghaoth do chuid éadaí.

Béarfaidh mise greim ar eireaball an chapaill agus rithfidh mé in bhur ndiaidh.

Ar an gcaoi sin, ní fada go mbeimid go léir tirim."

"Ní mór don chapall brostú mar sin," arsa Seán.

"Déanfaidh mé mo dhícheall," arsa an Capall Sábhadóireachta go meidhreach.

Rug Tip greim ar cheann na craoibhe a bhí mar a bheadh eireaball ag an gCapall Sábhadóireachta, agus arsa seisean os ard:

"Hath amach!"


Thosaigh an capall ag rith leis, agus Tip taobh thiar de.

Mheas sé ansin go bhféadfaidís dul ní ba thapúla, agus arsa seisean de bhéic:

"Hup!"

Chuimhnigh an Capall Sábhadóireachta gurbh é ba chiall leis an ordú sin rith chomh tapaidh agus arbh fhéidir leis, agus thosaigh sé ag luascadh ó thaobh taobh ar feadh an bhóthair ar nós na gaoithe, agus bhí sé dian ar Tip - a bhí ag rith ní ba thapúla ná mar a rith sé riamh ina shaol - fanúint ar a chosa.

Níorbh fhada go raibh gearr-anáil air agus cé gur theastaigh uaidh 'faí' a rá leis an gcapall, níorbh fhéidir leis an focal a chur thar a scornach.



Ansín, bhris deireadh an eireabaill a raibh greim aige air, toisc nach raibh ann i ndáiríre ach craobh fheoite crainn, agus cuireadh an buachaill ag guairneán sa dusta a bhí ar an mbóthar, agus chonaic sé an capall agus an marcach ag imeacht as radharc roimhe amach.

Faoin am a sheas Tip in airde agus a ghlan sé a scornach ionas go bhféadfadh sé 'faí' a rá, níor ghá é a rá in aon chor, óir bhí an capall imithe glan as radharc.

Leis sin, rinne sé an t-aon rud a d'fhéadfadh sé a dhéanamh. Shuigh sé síos agus lig sé a scíth, agus ansin thosaigh sé ag siúl leis fan bhóthair.

"Tiocfaidh mé orthu luath nó mall," ar seisean leis féin, "óir tiocfaidh deireadh leis an mbóthar ag geataí na Cathrach Iathghlaise agus ní bheidh siad in ann dul níos faide ná sin."

Idir an dá linn, bhí greim an fhir bháite ag Seán ar an gcuille a bhí ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta agus bhí siad ag imeacht leo ar luas lasrach fan bhóthair.

Ní raibh a fhios ag ceachtar acu nach raibh Tip taobh thiar díobh a thuilleadh, óir níor fhéach an Puimcíncheann ina dhiaidh agus níorbh leis an gCapall Sábhadóireachta a leithéid a dhéanamh.

Agus iad ag imeacht leo, thug Seán faoi deara go raibh dath geal iathghlas ar an bhféar agus ar na crainn, agus dúirt sé leis féin nárbh fholáir go raibh siad ag druidim leis an gCathair Iathghlas, fiú sula bhfaca sé na spuaiceanna arda agus na dóim.

Chonaic siad balla mór ard cloch glas, a bhí breactha le smaragaidí, os a gcomhair amach, agus toisc go raibh eagla ar

Sheán nach mbeadh a fhios ag an gCapall Sábhadóireachta gur chóir dó stopadh as a stuaim féin agus go mbuailfeadh an bheirt acu faoin mballa, lig Seán 'faí' as in ard a chinn agus a ghutha.

Stad an capall de gheit agus murach an cuaille is cinnte go gcaithfí Seán dá dhroim i mullach a chinn agus go ndéanfaí smisc dá aghaidh álainn.

"Thángamar anseo ar nós na gaoithe, a athair dhil," arsa Seán, agus nuair ná chuala sé aon fhreagra, thiontaigh sé agus thug sé faoi deara, den chéad uair, nach raibh Tip ann in aon chor.

Bhí idir ionadh agus imní ar an bPuimcíncheann nuair a mheas sé gur tréigeadh iad.

Agus faid a bhí sé ag iarraidh ar tharla den bhuachaill a dhéanamh amach, agus cad ba chóir dó a dhéanamh

sa chás ina raibh sé, osclaíodh geata sa bhalla iathghlas agus tháinig fear amach as.

feairín beag cruinn a bhí ann, a raibh aghaidh leathan aige agus an chuma air go raibh dea-ghiúmar air.

Bhí dath glas ar a chuid éadaí go léir agus bhí hata speiceach glas ar a cheann aige agus spéaclaí glasa ar a shúile aige.

D'umhlaigh sé os comhair an Phuimcínchinn agus arsa seisean:

"Is mise Garda Gheataí na Cathrach Iathghlaise.

Ar mhiste leat má fhiafraím díot cé thusa agus cén fáth ar tháinig tú chugainn?"

"Seán Puimcíncheann is ainm dom," ar seisean agus meangadh gáire air, "ach níl cliú dá laghad agam cén fáth ar tháinig mé chugaibh."

D'fhéach Garda an Gheata air agus iontas air, agus chroith sé a

cheann amhail is go raibh díomá air leis an bhfreagra a fuair sé.

"Cad atá ionat, fear nó puimcín?" ar seisean go béasach.

"An dá cheann acu, ambaist," arsa Seán.

"Agus an capall adhmaid seo - an bhfuil seisean beo?" arsa an Garda.

D'iompaigh an capall súil fadharcáin amháin ina cheann agus chaoch sé a shúil le Seán.

Thug sé léim ansin agus thug sé cos amháin anuas ar mhéaracha coise an Gharda.

"Obh!" arsa an fear, "tá aiféala orm gur chuir mé an cheist sin.

Ach tá an freagra diongbháilte.

An bhfuil aon ghnó agat sa Chathair Iathghlas, a dhuine uasail?"

"Is dóigh liom go bhfuil," arsa an Puimcíncheann go dáiríre, "ach níl a fhios agam cad é féin.

Tá a fhios ag m'athair é, ach níl sé anseo."

"Is aisteach an cás é seo go deimhin!" arsa an Garda.

"Ach tá an chuma oraibh nach bhfuil aon dochar ionaibh.

Ní bhíonn meangadh gáire chomh deas sin ar dhaoine a bhíonn i mbun diabhlaithe."

"Maidir leis sin," arsa Seán, "níl aon neart agam ar mo mheangadh gáire, óir greanadh ar m'aghaidh le scian é."

"Tar liomsa isteach i mo sheomra," arsa an Garda, "agus déanfaidh mé mo dhícheall duit."

Leis sin, chuaigh an Capall Sábhadóireachta agus Seán ar a dhroim isteach i seomra beag a tógadh sa bhalla.

Tharraing an Garda corda cloigín, agus tháinig saighdiúir - a

raibh éide ghlas air - isteach an doras trasna uathu láithreach.

Bhí gunna fada glas ar iompar aige ar a ghualainn agus bhí féasóg leicinn aoibhinn ghlas air síos go dtí a ghlúine.

Labhair an Garda leis láithreach, agus arsa seisean:

"Seo fear uasal aisteach nach eol dó cén fáth ar tháinig sé chuig an gCathair Iathghlas, nó a bhfuil uaidh.

Inis dom a dhéanfaimid leis?"

D'fhéach Saighdiúir na Féasóige Glaise ar Sheán go grinn agus go fiosrach.

Chroith sé a cheann i ndeireadh na dála, rud a bhain creathadh as ribí gruaige a fhéasóige agus arsa seisean:

"Ní mór dom é a thabhairt chuig A Shoilse, an Fear Bréige."

Ach cad a dhéanfaidh A Shoilse, an Fear Bréige, leis?" arsa Garda an Gheata.

"Faoina Shoilse é sin," arsa an saighdiúir.

"Tá mo dhóthain ar m'aire féin agam.

Ní mór gach trioblóid ón taobh amuigh a chur faoi bhráid A Shoilse. Cuirigí oraibh na spéaclaí agus leanaigí ag duine seo, agus tabharfaidh mé chuig an pálás an rí é."

Leis sin, d'oscail an Garda bosca mór spéaclaí agus rinne sé iarracht péire a chur timpeall ar shúile móra cruinne Sheáin.

"Níl péire agam a chlúdóidh na súile sin i ndáiríre," arsa an feairín agus lig sé osna as, "agus tá do chloigeann chomh mór sin go mbeidh orm na spéaclaí a cheangal ort."

"Ach cén fáth a gcaithfidh mé spéaclaí a chaitheamh?" arsa Seán.

"Sin é an faisean sna bólaí seo," arsa an Saighdiúir, "agus ní

dhallfar loinnir agus glioscarnach na Cathrach Iathghlaise do shúile."

"Ó!" arsa Seán.

"Ceangail orm iad, más mian leat.

Níor mhaith liom go ndallfaí mé."


"Ná mise!" arsa an Capall Sábhadóireachta, agus leis sin feistíodh péire spéaclaí glasa ar na fadharcáin bholgacha de shúile a bhí aige.

Thug Saighdiúir na Féasóige Glaise tríd an ngeata istigh ansin iad agus b'iúd iar ar phríomhshráid na Cathrach Iathghlaise iontaí.

Bhí seoda glioscarnacha glasa breactha ar éadain na dtithe áille agus bhí na túir agus na túiríní maisithe le smaragaidí.

Fiú an cosán glas marmair féin, bhí sé ag glioscarnach de bharr na gloch lómhar a bhí ann, agus b'iontach an radharc go cinnte é don té a d'fheicfeadh den chéad uair é.

Ní raibh aon tuiscint ag an bPuimcíncheann ná ag an gCapall Sábhadóireachta ar shaibhreas ná ar áilleacht, áfach, agus ba bheag aird a thug siad ar na radharcanna iontacha a chonaic siad tríd na spéaclaí glasa.



Lean siad an saighdiúir glas go breá réidh agus ba ar éigin a chonaic siad na sluaite móra daoine glasa a bhí ag stánadh orthu agus ionadh an domhain orthu.

Nuair a rith madra glas amach agus é ag amhastrach leo, tharraing an Capall Sábhadóireachta speach air lena chois adhmaid agus d'imigh an t-ainmhí bocht isteach i gceann de na tithe ag é ag geonaíl; ach ba bheag rud eile a chuir isteach ar a dturas chuig pálás an rí.

Theastaigh ón bPuimcíncheann dul caoldíreach suas na céimeanna marmair agus isteach i láthair an Fhir Bhréige, ach ní cheadódh an saighdiúir é sin.

Tháinig Seán anuas den chapall - ní gan dua - agus thug giolla an Capall Sábhadóireachta siar ar chúl an pháláis a fhaid a thug Saighdiúir na Féasóige Glaise an Puimcíncheann isteach sa phálás tríd an doras tosaigh.

Fágadh an strainséir sa seomra feithimh lánmhaisithe a fhaid a bhí an saighdiúir a fhógairt go raibh sé ansin.

Mar a tharla sé, bhí A Shoilse ag ligean a scítthe um an dtaca sin agus bhí leadrán air agus d'ordaigh sé go dtabharfaí an cuairteoir isteach i seomra na ríchathaoireach.

Ní raibh eagla na imní ar Sheán a bheith ag bualadh le ceannasaí na cathrach iontaí sin, óir ní raibh eolas ar bith aige ar bhéasa an tsaoil.

Ach nuair a chuaigh sé isteach sa seomra nuair a chonaic sé A Shoilse an Fear Bréige den chéad uair agus é ina shuí ina ríchathaoir ghlioscarnach, baineadh stangadh as agus ionadh an domhain air.



A Shoilse, An Fear Bréige

Ní foláir go bhfuil a fhios ag gach léitheoir an leabhair seo cad is fear bréige ann, ach toisc nach bhfaca Seán Puimcíncheann a leithéid riamh, ba mhó d'ionadh a bhí air Rí iontach na Cathrach Iathghlaise a fheiceáil ná aon ní eile a tharla dó ina shaol gairid go dtí sin.

Bhí culaith ghorm a raibh an dath tréithe ann ar a Shoilse an Fear Bréige, agus ní raibh de chloigeann aige ach mála beag a bhí lán de thuí, ar ar tarraingíodh súile, cluasa, srón agus béal go garbh mar a bheadh aghaidh.

Bhí a chuid éadaí lán de thuí, freisin, agus bhí an chuma air go ndearnadh é sin faoi dheifir nó ar nóscumaliom toisc go raibh a chosa bolgach.

Bhí lámhainní ag a raibh méaracha fada ar a lámha, agus bhí siad líonta le cadás.

Bhí soip tuí ag gobadh amach as cóta an rí mar a bhí óna

mhuineál agus ó bharr a bhuataisí.

Bhí coróin throm óir a bhí maisithe le seoda glioscarnacha ar bharr a chinn aige, agus bhí roicne ar a chlár éadain de bharr mheáchan na corónach sin, rud a chuir cuma mhachnamhach ar a aghaidh phéinteáilte.

Ba é an choróin amháin a chuir cuma an rí air, óir b'fhear bréige simplí é seachas sin - liobarnach, amscaí agus gan mórán téagair ann.

Ach má bhain cuma aisteach A Shoilse, an Fear Bréige, stangadh as Seán, bhain cuma an Phuimcínchinn a oiread céanna de stangadh as an bhFear Bréige.

Bhí an treabhsar corcra agus an bástchóta bándearg agus an léine dhearg ar liobarna ar na hailt adhmaid a rinne Tip, agus bhí meangadh gáire síoraí ar an aghaidh ghreanta, amhail is go raibh an fear ag baint an-sult as an saol.


I dtosach báire, mheas A Shoilse go raibh an cuairteoir aisteach ag gairí faoi agus ní mó ná sásta a bhí sé leis an easpa dáiríre a bhain leis, ach ní gan chúis a bhí an cháil ar an bhFear Bréige as a bheith ar an bhfear ba chliste i gCríoch Oz.

Rinne sé scrúdú ní ba ghrinne ar an gcuairteoir agus thuig sé gan mhoill go raibh gnúis Sheáin greanta air a aghaidh agus go raibh meangadh gáire air a bheadh air fiú dá mbeadh sé duairc.

Ba é an Rí a labhair ar dtús.

Tar éis dó féachaint ar Sheán ar feadh roinnt nóiméad, ba é a dúirt sé, de ghlór an iontais:

"Cad as ar tháinig tú in aon chor, agus conas atá tú beo?"



"Gabh mo leithscéal, a Shoilse," arsa an Puimcíncheann, "ach ní thuigim thú."

"Cad é nach dtuigeann tú?" arsa an Fear Bréige.

"Ní thuigim do theanga. Is as Críoch na nGílicíní mise, agus dá bhrí sin is eachtrannach mé."

"Á, go deimhin!" arsa an Fear Bréige.

"Is í teanga an Mhionchine a labhraím féin, agus is í sin teanga na Cathrach Iathghlaise.

Ach is dócha go labhraíonn tusa teanga na bPuimcíncheann?"

"Sin é go díreach é, a Shoilse," arsa an fear eile agus é ag umhlú dó, "agus beidh sé dian orainn a chéile a thuiscint."

"Is trua sin go deimhin," arsa an Fear Bréige agus é ag machnamh.

"Ní mór dúinn ateangaire a fháil."

"Cad is ateangaire ann?" arsa Seán.

"Sin duine a thuigeann mo theanga-sa agus do theanga-sa araon.

Nuair a deirimse rud éigin, déarfaidh an t-ateangaire leatsa a bhfuil i gceist agam, agus nuair a deir tusa rud éigin, inseoidh an t-ateangaire domsa a bhfuil i gceist agatsa.

Óir is féidir leis an ateangaire an dá theanga a labhairt chomh maith lena dtuiscint."

"Is ciste an rud é sin go deimhin," arsa Seán agus é breá sásta go raibh réiteach simplí acu ar an deacracht a bhí acu.

D'ordaigh an Fear Bréige do Shaighdiúir na Féasóige Glaise cuardach i measc na ndaoine nó go dtiocfadh sé ar dhuine a thuigfeadh teanga na nGilicíní mar aon le teanga na Cathrach Iathghlaise, agus an duine sin a thabhairt chuige láithreach.

Nuair a d'imigh an Saighdiúir, labhair an Fear Bréige:

"Nach suífeá síos a fhaid atá tú ag feitheamh?"

"Déanann tú dearmad, a Shoilse, nach dtuigim thú," arsa an Puimcíncheann.

"Más mian leat go suífinn síos ní mór duit comhartha a dhéanamh."

Tháinig an Fear Bréige anuas dá ríchathaoir agus chuir sé cathaoir uilleann laistiar den Phuimcíncheann.

Bhrúigh sé Seán go hobann ansin agus thit sé siar ar na cuisíní ar bhealach chomh hamscaí sin gur lúbadh sé mar a bheadh scian phóca, agus go raibh sé sách deacair air díriú in airde arís.

"Ar thuig tú an comhartha sin?" arsa an Rí go béasach.

"Thuig, go soiléir," arsa Seán agus chuir sé a lámha in airde chun a chloigeann a chasadh chun tosaigh arís toisc gur casadh an puimcín i leith a chúil ar an maide.

"Tá an chuma ort gur cuireadh le chéile faoi dheifir thú," arsa an Fear Bréige agus é ag féachaint ar Sheán agus é ag iarraidh é féin a dhíriú.

"Ach an oiread leatsa, a Shoilse," arsa Seán.

"Tá difríocht eadrainn," arsa an Fear Bréige, "is féidir liomsa lúbadh gan briseadh, ach is féidir leatsa briseadh gan lúbadh."

Um an dtaca sin, tháinig an saighdiúir ar ais agus greim láimhe aige ar chailín óg.

Bhí cuma shuáilceach agus umhal uirthi, bhí aghaidh dhathúil aici mar aon le súile agus gruaig ghlas.

Bhí léine álainn ghlas shíoda uirthi chomh fada lena glúine, bhí stocaí síoda uirthi a raibh cochaill phise bróidnithe orthu, agus bhí slipéirí sróil uirthi a raibh triopaill leitise orthu in ionad búclaí nó boghanna.

Bhí duilleoga seamair bróidnithe ar a básta síoda agus bhí seaicéad beag aoibhinn uirthi a bhí maisithe le smaragaidí glioscarnacha a bhí ar cóimhéad.



BHRÚIGH SÉ SEÁN GO HOBANN ANSIN

"Muise, is í Jellia Jamb atá ann!" arsa an Fear Bréige, agus an cailín glas ag umhlú a chloiginn álainn os a chomhair amach.

"An dtuigeann tú teanga na nGilicíní, a leanbh?"

"Tuigim, a Shoilse," ar sise, "óir tugadh sa Chríoch Ó Thuaidh mé."

"Déanfaidh tú ateangaireacht dúinn mar sin," arsa an Fear Bréige, "agus míneoidh tú gach a ndéarfaidh mé don Phuimcíncheann seo agus míneoidh tú gach a ndéarfaidh seisean domsa.

Ar chuma leat?" ar seisean agus é ag tiontú i dtreo an chailín.

"Ba chuma liom go deimhin," ar sise.

"Fiafraigh de, ar an gcéad dul síos," arsa an Fear Bréige agus é ag tiontú i dtreo Jellia,

"Cén fáth ar tháinig sé chuig an gCathair Iathghlas."

Ach in ionad é sin a dhéanamh, ba é a dúirt an cailín a bhí ag stánadh ar Sheán:

"Is iontach an créatúir thú go cinnte.

Cé a rinne thú?"

"Buachaill darb ainm dó Tip," arsa Seán.

"Cad a deir sé?" arsa an Fear Bréige.

"Tá mearbhall orm, déarfainn. Cad a dúirt sé?"

"Deir sé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil d'intinn ar liobarna," arsa an cailín go séimh.

D'éirigh an Fear Bréige corrthónach ar a ríchathaoir, agus chuimil sé a lámh chlé dá cheann.

"Nach iontach an rud é dhá theanga dhifriúla a thuiscint," ar seisean agus ligh sé osna as.

"Fiafraigh de, a leanbh, ar chuma leis é dá gcuirfí sa phríosún é as ceannasaí na Cathrach Iathghlaise a mhaslú?"

"Níor mhaslaigh mé thú!" arsa Seán go ceanndána.

"Tut, tut!" arsa an Fear Bréige, "fan go n-aistreoidh Jellia a ndúirt mé.

Cad is fiú ateangaire a bheith againn má labhraíonn tú amach neamhbhalbh mar seo?"

"Ceart go leor, fanfaidh mé," arsa an Puimcíncheann de ghlór gairgeach, cé go raibh cuma chomh meidhreach ar a aghaidh is a bhí riamh.

"Aistrigh an chaint, a chailín óig."

"Fiafraíonn a Shoilse díot an bhfuil ocras ort?" arsa Jellia.

"Ó, níl in aon chor!" arsa Seán go béasach, "óir ní féidir liomsa ithe."

"Is é an dála céanna agamsa é," arsa an Fear Bréige.

"Cad a dúirt sé, a Jellia, a leanbh?"

"D'fhiafraigh sé díot arbh eol duit go bhfuil ceann de do shúile péinteáilte níos mó ná an ceann eile?" arsa an cailín le teann diabhlaíochta.

"Ná creid focal uaithi, a Shoilse," arsa Seán.

"Ó, ní chreidim," arsa an Fear Bréige go calma.

Ansín, agus é ag féachaint go géar ar an gcailín, arsa seisean:

"An bhfuil tú cinnte go dtuigeann tú teangacha na nGílicíní agus an Mhionchine araon?"

"Lánchinnte, a Shoilse," arsa Jellia Jamb, agus í ag déanamh a díchill gan gáirí os comhair an rí.

"Conas a thuigim féin iad mar sin?" arsa an Fear Bréige.

"Óir is í an teanga chéanna atá ann!" arsa an cailín agus í ag gáirí go meidhreach.

"Nach eol duit, a Shoilse, go labhraítear an teanga chéanna i gCríoch Oz go léir?"

"An mar sin é?" arsa an Fear Bréige agus áthas air é sin a chloisteáil; "Bhí mé i m'ateangaire dom féin, mar sin!"

"Ormsa an locht, a Shoilse," arsa Seán mar a bheadh amadán, "shíl mé go mbeadh teangacha difriúla á labhairt againn toisc gurb as tíortha difriúla muid."

"Rabhadh é sin duit gan aon ní a shíleadh riamh," arsa an Fear Bréige go dáiríre.

"Óir mura féidir le duine síleadh go stuama b'fhearr dó a bheith ina amadán - cosúil leatsa go cinnte.

"Is fíor duit, go cinnte!" arsa an Puimcíncheann.

"Is dóigh liomsa," arsa an Fear Bréige de ghlór ní ba shéimhe, "go ndearna an té a rinne thú praiseach de roinnt pióg chun fear ar nóscumaliom a chruthú."

"Deirim leat, a Shoilse, nár iarr mise go ndéanfaí mé," arsa Seán.

"Á!

Ba é an dála céanna agamsa é," arsa an Rí go suáilceach.

"Dá bhrí sin, ó tharlaíonn go bhfuilimid difriúil le gnáthdhaoine, bímis cairdiúil lena chéile."

"Ba bhreá liom é sin ó mo chroí amach!" arsa Seán.

"Abair leat!

Tá croí agat?" arsa an Fear Bréige agus ionadh air.


"Níl - samhlaíocht a bhíonn ann; nath cainte ba chirte dom a rá," arsa an duine eile.

"Iarraim ort gan do shamhlaíocht a úsáid toisc nár cheart a leithéid a dhéanamh nuair nach bhfuil aon inchinn agat," arsa an Fear Bréige de rabhadh.

"Cinnte!" arsa Seán gan tuiscint dá laghad aige.

Sheol a Shoilse Jellia Jamb agus Saighdiúir na Féasóige Glaise amach as an seomra agus nuair a d'imigh siad thug sé a chara nua leis amach sa chlós chun caidhtí a imirt.





Arm ceannairce an Ghin. Jinjur

Bhí fonn ar Tip breith ar Sheán agus ar an gCapall Sábhadóireachta arís agus dá bhrí sin shiúil sé leath na slí chuig an gCathair Iathghlas gan stad gan scíth.

Ansin bhuail an t-ocras é ach ní raibh aon chuid den arán ná den cháis a bhí aige don Turas fágtha aige.

Agus é ag machnamh ar a ndéanfadh sé sa chruachás sin, tháinig sé ar chailín a bhí ina suí ar thaobh an bhóthair.

Bhí éide uirthi a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an mbuachaill: bhí dath iathghlas ar a básta síoda agus bhí ceithre dhath faoi leith ar a sciorta - gorm chun tosaigh, buí ar an taobh clé, dearg ar chúl agus corcra ar an taobh dheis.

Bhí ceithre chnaipe ar a básta chun tosaigh - bhí dath gorm ar

an gceann ar bharr, dath buí ar an gcéad cheann eile, dath dearg ar an tríú ceann agus dath corcra ar an gceann íochtair.

Bhí an gúna sin diamhair ar fad agus níorbh aon ionadh é mar sin gur stán Tip ar an ngúna ar feadh cúpla nóiméad sular mheall an aghaidh álainn

os a chionn radharc a shúl.

Bhí a haghaidh dathúil go cinnte, dar leis, ach bhí a gnúis míshásta agus cuma an teanntáis nó na ceanndánachta uirthi.

Agus an buachaill ag stánadh uirthi, d'fhéach an cailín go calma airsean.

Bhí ciseán lóin in aice léi, agus bhí ceapaire beadaí ina leathláimh agus ubh chruabhruite sa láimh eile, agus bhí trua ag Tip di óir bhí an chuma uirthi go raibh ocras uirthi.

Bhí sé ar tí blúire bia a lorg uirthi nuair a sheas an cailín in airde agus í ag baint na ngrabhróg dá gúna.

"Anois!" ar sise, "tá sé in am dom imeacht.

Iompar an ciseán dom agus féadfaidh tú a bhfuil istigh ann ithe má tá ocras ort."

Rug Tip greim go fonnmhar ar an gciseán agus thosaigh sé ag ithe, agus é ag leanúint an chailín aduain ar feadh tamaill gan aon cheist a chur uirthi.

Shiúil sí léi i dtruslóga tapaidh os a chomhair amach, agus bhí diongbháilteacht agus tábhacht ag baint léi a d'fhág gur mheas sé gur duine tábhachtach a bhí inti.

I ndeireadh thiar thall, agus a sháith ite aige, rith sé chuici agus rinne sé iarracht siúl cos ar chois léi agus fuadar fúithi, rud nárbh éasca, óir b'airde í ná eisean, agus ba léir go raibh deabhadh uirthi.



"Go raibh míle maith agat as na ceapairí," arsa Tip, agus é ag bogshodar leis.

"Cad is ainm duit, mura miste leat?"

"Is mise an Ginearál Jingur," ar sise go giorraisc.

"Ó!" arsa an buachaill agus ionadh air.

"Cén sórt Ginearáil thú?"

"Táim i gceannas ar an Arm Ceannairce sa chogadh seo," arsa an Ginearál go garbh.

"Ó!" ar seisean arís.

"Ní raibh a fhios agam go raibh cogadh ar siúl."

"Níor chóir a fhios sin a bheith agat," ar sise, "óir tá sé faoi rún, agus ó tharlaíonn gur cailíní ar fad atá san arm," ar sise agus bród uirthi, "is ábhar iontais é nach bhfuil scéal na Ceannairce i mbéal an phobail fós."

"Is ea go deimhin," arsa Tip.

"Ach cá bhfuil d'arm?"

"Um míle ón áit seo," arsa an Ginearál Jinjur.

Tá arm tagtha le chéile ó gach cearn de Chríoch Oz, faoi m'ordú-sa. Óir is é seo an lá a gheobhaimid an lámh in uachtar ar a Shoilse an Fear Bréige, agus a mbainfimid an ríchathaoir de. Tá an Arm Ceannairce ag feitheamh ormsa chun fogha a thabhairt faoin gCathair Iathghlas."

"Bhuel!" arsa Tip agus anáil fhada á tharraingt aige, "is ábhar iontais é seo go deimhin!"

Ar mhiste leat má fhiafraím díot cén fáth ar mian libh an lámh in uachtar a fháil ar a Shoilse, an Fear Bréige?"

"Óir tá fir i gceannas ar an gCathair Iathghlas sách fada anois, ar an gcéad dul síos," arsa an cailín. "Anuas air sin, tá an Chathair maisithe le seoda áille glioscarnacha, a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhair fáinní, braisléidí agus muincí, agus tá dóthain airgid i stórchiste an rí a cheannódh dosaen gúna nua do gach cailín san Arm seo againne.

Mar sin, tá sé i gceist againn ceannas a fháil ar an gCathair agus an rialtas a reáchtáil mar is mian linn féin."

Dúirt Jinjur an méid sin go diongbháilte agus go fonnmhar agus ba léir go raibh sí i ndáiríre.

"Ach is uafásach an rud é an chogaíocht," arsa Tip go machnamhach.

"Cogadh taitneamhach a bheidh sa chogadh seo," arsa an cailín go meidhreath.

"Marófar go leor díbh!" arsa an buachaill agus ionadh le brath ar a ghlór.

"Ó, ní mharóidh," arsa Jingur.

"Cén fear a chuirfeadh i gcoinne cailín, nó a mbeadh sé de dhánaíocht aige dochar a dhéanamh di? Agus níl aghaidh mhísciamhach ar bith san Arm seo agamsa."

Lig Tip gáire as.

"Seans go bhfuil an ceart agat," ar seisean.

"Ach is Garda dílis é Garda an Gheata, agus ní ligfidh Arm an Rí daoibh an Chathair a ghabháil gan choimhlint."

"Tá an tArm sin sean agus lag," arsa an Ginearál Jinjur go duairc.

"D'úsáid sé a neart chun féasóg a fhás, agus tá a bhean chéile chomh cantalach sin gur tharraing sí leath na ribí féasóige amach a cheana féin.

Nuair a d'éirigh an tAsarlaí Oscartha as, b'arm Ríoga iontach é Saighdiúir na Féasóige Glaise, óir bhí eagla ar dhaoine roimh an Asarlaí.

Ach níl eagla ar aon duine roimh an bhFear Bréige, agus dá

bhrí sin níl mórán maitheasa leis an Arm Ríoga in aimsir chogaidh."

Tar éis an chomhrá sin, thaistil siad tamall fada ina dtost, agus níorbh fhada ansin gur tháinig siad ar bhlár mór san fhoraois, áit a raibh um cheithre chéad ban óg bailithe le chéile.

Bhí siad ag gáirí agus ag caint go meidhreach lena chéile amhail is gur phicnic a bhí ar siúl acu seachas an cur chun cogaidh.

Bhí cheithre bhuíon ann, agus thug Tip faoi deara go raibh éidí orthu a bhí cosúil leis an éide a bhí ar an nGinearál Jingur.

Ba é an t-aon difríocht a bhí ann go raibh an chuid ghorm dá sciorta chun tosaigh ag na cailíní sin ó chríoch an Mhionchine, go raibh an chuid dhearg chun tosaigh ag na cailíní ó chríoch na gCeatharlach, go raibh an chuid bhuí chun tosaigh ag na cailíní ó chríoch na gCaochadóirí, agus go raibh an chuid chorera chun tosaigh ag na cailíní ó chríoch na nGilicíní.


Bhí básta glas ag gach duine díobh a sheas don Chathair Iathghlas a bhí siad ag iarraidh a ghabháil, agus sheas dath an chnaipe íochtair don chríoch sin arbh as don té a bhí a chaitheamh.

Bhí na héidí péacógach agus in oiriúint dóibh, agus sách suntasach nuair a bhí siad le chéile ina mbuíonta.

Mheas Tip nach raibh uirlisí dá laghad ag an Arm aisteach sin, ach bhí dul amú air.

Óir bhí dhá bhiorán fhada ghlioscarnacha cniotála sáite isteach i snaidhm ghruaige ar chúl a cinn.

Sheas an Ginearál Jingur in airde ar omhna crainn láithreach agus labhair sí leis an arm.



"A chairde, a chomhthíoránach, agus a chailíní!" ar sise, "táimid ar tí tús a chur le héirí amach i gcoinne fhir Oz!

Seo linn chun an lámh in uachtar a fháil ar an gCathair Iathghlas - chun an Fear Bréige Rí a bhaint den ríchathaoir - chun na mílte seod álainn a fháil - chun an stórchiste ríoga a ghabháil - agus chun cumhacht a fháil orthu-san a rinne cos ar bholg orainn!"

"Hurá!" arsa na cailíní a bhí ag éisteacht ach mheas Tip go raibh formhór an Airm róghafa le cadráil agus nach raibh siad ag tabhairt airde ar fhocail an Ginearáil.

Ordaíodh dóibh máirseáil, agus roinn na cailíní ina gceithre bhuíon agus as go brách leo ina dtruslóga i dtreo na Cathrach Iathghlaise.

Lean an buachaill iad agus go leor ciseán agus pacáistí a thug baill an Airm Cheannairce dó ar iompar aige.

Níorbh fhada gur tháinig siad ar bhallaí glasa eibhir na Cathrach agus stad siad ag an ngeata.

Tháinig Garda an Gheata amach láithreach agus d'fhéach sé go

hamhrasach orthu, amhail is gur tháinig an sorcas chun an bhaile.

Bhí glac eochracha ar crochadh ar shlabhra óir um a mhuineál; bhí a lámha sáite ina phócaí aige, agus bhí an chuma air nach raibh tuairim dá laghad aige go raibh an Chathair i mbaol na gceannaircithe. Labhair sé go suáilceach leis an cailíní, agus ar seisean:

"Móradh daoibh ar maidin, a stóra!

Cad a d'fhéadfainn a dhéanamh daoibh?"

"Géill láithreach!" arsa an Ginearál Jingur, agus í ina seasamh os a comhair amach agus púic uirthi chomh mór agus a d'fhéadfadh sí a dhéanamh lena héadan álainn.

"Géilleadh!" arsa an fear agus ionadh air.

"Ní féidir é sin a dhéanamh.

Tá sé i gcoinne an dlí!

Níor chuala mé a leithéid riamh i mo shaol."

"Bíodh sin mar atá, ní mór duit géilleadh!" arsa an Ginearál go fíochmhar.

"Táimid ag éirí amach!"

"Níl an chuma sin oraibh," arsa an Garda agus é ag féachaint orthu ina nduine agus ina nduine.

"Ach táimid!" arsa Jingur agus í ag satailt a cos go mífhoighneach, "agus tá fúinn an Chathair Iathghlas a ghabháil!"

"A Thiarcais!" arsa Garda an Gheata, "a leithéid d'amaidí!"

Gabhaigí abhaile chun bhur máithreacha, agus crúigh na ba agus déan arán.

Nach bhfuil a fhios agaibh gur rud contúirteach é cathair a ghabháil?"



"Níl aon eagla orainne!" arsa an Ginearál agus bhí cuma chomh diongbháilte sin uirthi gur éirigh an Garda míshuaimhneach.

Leis sin, bhuail sé an cloigín chun fios a chur ar Shaighdiúir na Féasóige Glaise, agus ansin bhí aiféala air go ndearna sé a leithéid. Láithreach bonn, bhí slua cailíní uime agus iad á shá le bioráin chniotála a bhaint siad amach as a gcuid gruaige agus bhí siad sách gar dá leicne ramhra agus ná shúile a bhí á chaochadh aige.

Lig an fear bocht uail as agus é ag éileamh trócaire agus níor chuir sé ina coinne nuair a bhain Jingur an glac eochracha dá mhuineál.

Agus a hArm laistiar di, rinne an Ginearál ruathar faoin ngeata, mar a raibh Arm Ríoga Oz - ar ainm eile é sin ar Shaighdiúir na Féasóige Glaise - os a comhair amach.

"Stad!" ar seisean agus dhírigh sé a ghunna fada le héadan an cheannaire.



Lig cuid de na cailíní liú astu agus rith siad ar gcúl, ach sheas an Ginearál Jingur an fód go cróga agus arsa sise go neamhbhalbh:

"Mo náire thú!

An gcaithfeá cailín bocht leochaileach?"

"Ní chaithfinn," arsa an saighdiúir, "óir níl aon urchar sa ghunna."

"Níl aon urchar ann?"

"Níl, ar eagla go dtarlódh timpiste.

Agus ní chuimhin liom cár chuir mé an púdar agus t-urchar a théann isteach ann.

Ach má fhanann sibh tamaillín rachaidh mé sa tóir orthu."

"Ná cuir aon stró ort féin," arsa Jingur go meidhreach.

Thiontaigh sé chun an Airm ansin agus ar sise de bhéic:


"A chailíní, níl aon urchar sa ghunna!"

"Hurá," arsa na ceannaircithe de scréach agus áthas orthu leis an dea-scéala sin agus thug siad fogha faoi Shaighdiúir an Féasóige Glaise agus bhí an slua chomh mór sin go raibh ionadh ar Tip nár phrioc siad a chéile leis na bioráin chniotála.

Ach bhí an iomarca eagla ar Arm Ríoga Oz roimh mhná chun an fód a sheasamh.

Ní dhearna sé ach tiontú ar a shála agus rith leis chomh tapaidh agus arbh fhéidir leis tríd an ngeata agus i dtreo phálás an Rí. Leis sin phlódaigh Jingur agus a buíon isteach sa chathair a bhí gan chosaint.

Ba ar an gcaoi sin a gabhadh an Chathair Iathghlas gan oiread agus braon fola a dhoirteadh. Bhí an tArm Ceannairce anois ina Arm Concais.







Théaltaigh Tip leis ó na cailíní agus lean sé go tapaidh Saighdiúir na Féasóige Glaise.

Chuaigh an tArm ionrach isteach sa Chathair go mall, óir stad siad chun smaragaidí a phiocadh amach as na ballaí agus as na leacacha lena mbioráin chniotála.

Dá bhrí sin, bhain an Saighdiúir agus an buachaill an pálás amach sular scaipeadh an scéal go raibh an Chathair faoi chois.

Bhí an Fear Bréige agus Seán Puimcíncheann fós ag imirt caidhtí sa chlós nuair a cuireadh isteach go borb ar an gcluiche ach ar tháinig Arm Ríoga Oz isteach de ruathar gan a hata ná a ghunna, a chuid éadaí sraoillean agus a fhéasóg fhada ar foluain um shlat taobh thiar de agus é ag rith.

"Scór amháin domsa," arsa an Fear Bréige go calma, "Cad atá ort, a fhir?" ar seisean agus é ag labhairt leis an Saighdiúir.

"Ó, a Shoilse, a Shoilse!"

Tá an Chathair faoi chois!" arsa an tArm Ríoga agus é ag alpadh aeir toisc go raibh saothar anála air.

"Tharla sé sin go hobann," arsa an Fear Bréige.

"Ach imigh leat agus cuir barraí ar na doirse agus na fuinneoga go léir sa phálás agus taispeánfaidh mise don Phuimcíncheann seo conas caidht a chaitheamh."

Rith an Saighdiúir leis chun é sin a dhéanamh, agus d'fhan Tip, a tháinig sna sála ar an saighdiúir, sa chlós agus é ag faire ar an bhFear Bréige agus ionadh air.

Lean a Shoilse air ag caitheamh caidhtí ar nóscumaliom amhail is nach raibh a ríocht i mbaol, ach nuair a chonaic an Puimcíncheann Tip, chuaigh sé anonn chuige chomh gasta agus arbh fhéidir leis.

"Móradh dhuit um thráthnóna, a thuismitheoir uasail," ar seisean agus áthas air.

"Is áthas liom d'fheiceáil anseo.

Rith an Capall Sábhadóireachta sin leis agus mise ar a dhroim."

"Sin a mheas mé," arsa Tip.

"Ar gortaíodh thú?

Ar scoilteadh thú?"

"Níor scoilteadh; tháinig mé slán," arsa Seán, "agus chaith a Shoilse go han-ghroíúil liom."

Um an dtaca sin, tháinig Saighdiúir na Féasóige Glaise ar ais, agus arsa an Fear Bréige leis:

"Dála an scéal, cé a rinne ionradh orm?"

"Buíon cailíní, a tháinig le chéile as ceithre chríoch Oz," arsa an Saighdiúir agus a aghaidh mílíteach leis an eagla.

"Ach cá raibh m'Arm Seasta ag an am?" arsa a Shoilse go dáiríre agus é ag féachaint ar an Saighdiúir.

"Bhí d'Arm Seasta ag rith ag an am," arsa an fear go dáiríre, "óir ní fhéadfadh fear ar bith uirlisí cogaidh na n-ionraitheoirí a sheasamh."

"Bhuel," arsa an Fear Bréige, tar éis machnamh a dhéanamh ar feadh tamaill, "is cuma liom mo ríocht a chailliúint óir is post tuirsiúil é a bheith i gceannas ar an gCathair Iathghlas agus tá an choróin seo chomh trom go dtugann sé tinneas cinn dom."

Ach tá súil agam nach bhfuil rún ag na n-ionraitheoirí mise a ghortú, díreach toisc gur mise an Rí."

"Is é a chuala mise," arsa Tip go drogallach, "gur mian leo cairpéad liobarnach a dhéanamh den taobh amuigh díot agus a gcuid cuisíní a líonadh le do thaobh istigh."

"Táim i mbaol go mór mar sin," arsa a Shoilse go diongbháilte, "agus ba stuama an beart domsa é teacht ar bhealach éalaithe."

"Cá rachaidh tú?" arsa Seán Puimcíncheann.

"Chuig mo chara an Fear Coille Stáin, atá i gceannas ar na Caochadóirí, agus a thugann Impire air féin," ar seisean.

"Táim cinnte go dtabharfaidh sé cosaint dom."


Bhí Tip ag faire amach an fhuinneog.

"Tá an namhaid timpeall ar an bpálás," ar seisean,

"Tá sé ródhéanach éalú."

Ní fada go ndéanfaidh siad smísc díot."

Lig an Fear Bréige osna as.



"i gcás éigeandála," ar seisean, "ní mór sos a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh. Gabhaigí mo leithscéal go ndéanfaidh mé mo mharana."

"Ach táimidne i mbaol chomh maith," arsa an Puimcíncheann go neirbhíseach.

"Má thuigeann aon duine de na cailíní sin cócaireacht, tá mo phort seinnte!"

"Raiméis!" arsa an Fear Bréige.

"Tá siad róghnóthach chun aon chócaireacht a dhéanamh fiú má a fhios agat conas tabhairt faoi!"

"Ach má fhanaim anseo i mo phríosúnach ar feadh tamaill," arsa Seán, "millfear mé."

"A! Ní bheadh sé cuí ansin go mbeifeá i mo theannta-sa," arsa an Fear Bréige.

"Is measa an cás seo ná mar a mheas mé."

"Seans go mairfidh tusa," arsa an Puimcíncheann go gruama, "go ceann roinnt blianta ach is gairid é mo shaol-sa."

Ní mór dom lánleas a bhaint as na laethanta atá fágtha agam."

"Tóg go bog é!"

Ná bíodh aon imní ort," arsa an Fear Bréige go deas réidh, "má fhanann tú i do thost sách fada go ndéanfaidh mé machnamh, déanfaidh mé iarracht teacht ar bhealach éalaithe éigin dúinn."

Mar sin, d'fhan na daoine eile ina dtost go foighneach a fhaid a chuaigh an Fear Bréige isteach i gcúinne agus a sheas sé ag féachaint ar an mball ar feadh cúig nóiméad.

Ina dhiaidh sin, thiontaigh sé ina dtreo arís agus cuma ní ba shásta ar a aghaidh phéinteáilte.

"Cá bhfuil an Capall Sábhadóireachta ar ar tháinig tú anseo?" a d'fhiafraigh sé den Phuimcíncheann.

"Dúirt mé gur seoid a bhí ann agus chuir mo dhuine faoi ghlas sa stórchiste ríoga é," arsa Seán.

"Ba é sin an t-aon áit a rith liom, a Shoilse," arsa an Saighdiúir agus eagla air go ndearna sé tuaipilis.

"Is maith liom é sin a chloisteáil," arsa an Fear Bréige.

"Ar tugadh bia don ainmhí?"

"Ó, tugadh. Thug mé carnán min sáibh dó."

"Ar fheabhas," arsa an Fear Bréige de bhéic.

"Tugtar an capall anseo láithreach."

D'imigh an Saighdiúir go tapaidh agus níorbh fhada gur chuala siad trup trup chosa adhmaid an chapaillín ar na leacacha agus é ag teacht isteach sa chlós.

D'fhéach a Shoilse go grinn ar an gcapall.

"Ní hé is grástúla amuigh!" ar seisean go machnamhach.

"Ach is dócha gur féidir leis rith?"

"Is féidir go deimhin," arsa Tip, agus é ag faire ar an gCapall Sábhadóireachta go ceanúil.

"Mar sin, ní mór dó, agus muide ar a dhroim, rith trí bhuíonta na gceannaircithe agus muid a thabhairt chuig mo chara, an Fear Coille Stáin," arsa an Fear Bréige.

"Ní féidir leis ceathrar a iompar!" arsa Tip.

"Ní féidir, ach d'fhéadfaí a iarraidh air triúr a iompar," arsa a Shoilse.

"Dá bhrí sin, fágfaidh mé m'Arm Ríoga i mo dhiaidh.

Óir, toisc a fhusacht a cloíodh é, is beag muinín atá agam ann."

"Is féidir leis rith, fós," arsa Tip agus é ag gáirí.

"Bhí mé ag súil leis an magadh sin," arsa an Saighdiúir agus é maslaithe, "ach is féidir liom cur suas leis.

Rachaidh mé faoi bhréagriocht ach m'fhéasóg bhreá ghlas a bhaint díom.

Agus, i ndeireadh na dála, ní contúirtí é marcaíocht ar dhroim an chapaill fhiáin adhmaid seo ná aghaidh a thabhairt ar na cailíní rábacha sin!"

"Seans go bhfuil an ceart agat," arsa a Shoilse.

"Ach maidir liomsa, nach saighdiúir mé, is maith liom seasamh sa bhearna bhaoil. Anois, a bhuachaill, ní mór duitse dul in airde ar dtús. Suigh chomh gar agus is féidir leat do mhuineál an chapail." "

Níorbh fhada go raibh Tip ina shuí, agus d'éirigh leis an Saighdiúir agus leis an bhFear Bréige an Puimecíncheann a chur in airde díreach laistiar de.

Bhí a laghad spáis ann don Rí gur dhóbair dó titim a thúisce a chuirfeadh an capall chun bóthair.

"Aimsigh líne éadaí," arsa an Rí lena Arm, "agus ceangail le chéile muid. Ansin, má thiteann duine dinn titfidimid go léir."

Agus a fhaid a bhí an Saighdiúir imithe ar thóir líne éadaí, lean a Shoilse air ag caint.

"Tá sé chomh maith agamsa a bheith san airdeall, óir táimse i mbaol go mór."

"Ní mór domsa a bheith chomh haireach leatsa," arsa Seán.

"Ní gá," arsa an Fear Bréige,

"óir má tharlaíonn aon rud domsa, bheadh deireadh liom.

Ach má tharlaíonn aon rud duitse, d'fhéadfaidís do chuid síolta a úsáid."

Tháinig an saighdiúir ar ais agus líne fhada aige agus cheangail sé an triúr acu le chéile go daingean, agus cheangail sé de chabhail an Chapail Sábhadóireachta iad chomh maith, agus ar an gcaoi sin ba bheag an baol go dtitfidís.

"Osclaítear na geataí anois," arsa an Fear Bréige, "agus déanfaimid ruathar ar son ár saoirse nó ár mbáis."



DÉANFAIMID RUATHAR AR SON ÁR SAOIRSE
NÓ ÁR MBÁIS

Bhí an clós ina raibh siad lonnaithe i gceartlár an pháláis mhóir, a bhí uime ar gach taobh.

Ach in aon áit amháin bhí pasáiste chuig geata lasmuigh a bhlocáil an Saighdiúir de bhun ordú ón Rí.

Ba tríd an ngeata sin a bheartaigh a Shoilse éalú, agus thug an tArm Ríoga an Capall Sábhadóireachta fan phasáiste agus d'oscail sé an geata de phlab mór callánach.

"Anois," arsa Tip leis an gcapall, "ní mór duit muid go léir a tharrtháil.

Rith leat chomh tapaidh agus is féidir leat chuig geata na Cathrach, agus ná lig d'aon ní stop a chur leat."

"Ceart go leor," arsa an capall go grod, agus rith sé leis chomh tapaidh sin go raibh ar Tip aer a alpadh isteach ina scamhóga agus greim daingean a bhreith ar an gcuaile a d'fheistigh sé de dhroim an chréatúir .

Leagadh roinnt de na cailíní, a bhí ar garda lasmuigh den phálás, nuair a rinne an capall a ruathar.

Rith a thuilleadh acu as an tslí agus iad ag screadadh agus ní dhearna ach duine nó beirt acu a mbioráin chniotála a shá i dtreo na bpríosúnach a bhí ag éalú.

Priocadh Tip ar a láimh chlé, agus bhí sé tinn go ceann uair an chloig ina dhiaidh sin, ach níor chuir na bioráin isteach ná amach ar an bhFear Bréige ná ar Sheán Puimcíncheann, nár bhraith an priocadh in aon chor.

Maidir leis an gCapall Sábhadóireachta, bhuail sé cairt torthaí, leag sé roinnt fear macánta agus i ndeireadh na dála, leag sé garda nua an Gheata - lapóg chúramach a cheap an Ginearál Jinjur.



THUG AN CAPALL ADHMAID LÉIM AMHÁIN DHEIRIDH

Ach níor stad an ruathrán ansin fiú.

Ach ar bhain siad an taobh amuigh de bhalla na Cathrach Iathghlaise amach, rith sé fan bhóthair Siar de thruslóga móra mire a chroith an anáil as an mbuachaill agus a chuir iontas ar an bhFear Bréige.

Rinne Seán marcaíocht ar mire mar sin roimhe sin, agus rinne sé a sheacht ndícheall greim lena dhá láimh a choinneáil ar a phuimcíncheann ar a mhaide agus é á chaitheamh ar fud an bhaill.

"Abair leis moilliú!

Abair leis moilliú!" arsa an Fear Bréige.

"Tá mo chuid tuí á chroitheadh síos mo chosa."

Ach ní raibh puth anála ag Tip a chuirfeadh ar a chumas labhairt, agus lean an Capall Sábhadóireachta air ag imeacht ar mire ar luas na gaoithe.

Níorbh fhada gur tháinig siad ar bhruacha abhann leithne, agus gan stad gan staonadh thug an capall adhmaid léim amháin dheiridh a chaith gach aon duine acu in airde san aer.

Soicind ina dhiaidh sin, bhí siad ag guairneán agus ag lapadaíl agus ag damhsa ar bharr uisce; bhí an capall ar a mhíle dícheall ag iarraidh a chosa a chur faoi agus bhí na marcaigh á dtumadh faoi shruth mire agus ansin ar snámh ar bharr an uisce mar a bheadh coirt.





An turas chuig an **bhFear Coille Stáin**

Bhí Tip fliuch báite agus uisce ag silleadh uaidh.

Ach d'éirigh leis cromadh chun tosaigh agus béic a ligean i gcluas an Chapail Sábhadóireachta: "Fan socair, a amadán! Fan socair!"

Stad an capall de luascadh na gcos láithreach agus bhí sé ar snámh ar bharr an uisce toisc go raibh a cholainn adhmaid mar a bheadh rafta ann.

"Cad a chiallaíonn an focal 'amadán'" arsa an capall.

"Deirtear é nuair a bhítear ag caitheamh anuas ar dhuine," arsa Tip agus beagán aiféala air go ndúirt sé é.

"Ní deirim é sin ach nuair a bhíonn cantal orm."

"Is áthas liom a bheith in ann amadán a thabhairt ortsa," arsa an capall.

"Óir ní mise a rinne an abhainn, ná ní mise a chuir sa tslí orainn í; dá bhí sin níor chóir caitheamh anuas ar éinne ach an té a bheadh cantalach liomsa as titim isteach san uisce."

"Is léir sin," arsa Tip, "agus admhaím go raibh mé mícheart."

Labhair sé leis an bPuimcíncheann ansin:

"an bhfuil tú i gceart, a Sheáin?"

Ní bhfuair sé aon fhreagra.

Labhair an buachaill leis an Rí ansin: "an bhfuil tusa i gceart, a Shoilse?"

Lig an Fear Bréige cnead as.

"Táim mícheart, ar chúis éigin," ar seisean de ghlór íseal.

"Nach fliuch atá an t-uisce seo!"

Bhí Tip ceangailte chomh daingean sin leis an gcorda nárbh fhéidir leis a chloigeann a chasadh chun go bhféachfadh sé ar a chompánaigh, agus ar seisean leis an gCapall Sábhadóireachta:

"Déan céaslóireacht le do chosa i dtreo an bhruaigh."

Rinne an capall mar a dúradh leis agus cé go raibh an dul chun cinn mall bhain siad bruach thall na habhann amach mar a raibh sé sách íseal go raibh an capall in ann streachailt in airde ar an talamh tirim.

Cé go raibh sé sách deacair air, d'éirigh leis an mbuachaill a scian phóca a bhaint amach agus an corda a bhí á gceangal le chéile agus den chapall adhmaid a ghearradh. Chuala sé an Fear Bréige ag titim chun an talaimh de phlimp agus tháinig sé féin anuas den chapall go tapaidh agus d'fhéach sé ar a chara Seán.

Bhí an cholainn adhmaid, agus na héadaí áille air, ina suí go díreach ar dhroim an chapaill, ach bhí an puimcíncheann imithe agus ní raibh le feiceáil ach an maide biorach de mhuineál a bhí aige.

Maidir leis an bhFear Bréige, croitheadh an tuí go léir a bhí ina cholainn síos isteach ina chosa agus i gcuid íochtair a cholainne, a raibh cuma an-chruinn agus pultha uirthi agus bhí an chuid uachtair dá cholainn mar a bheadh mála folamh.

Bhí an choróin throm fós ar chloigeann an Fhir Bhréige toisc go raibh sé ceangailte de le greamanna, ach bhí an cloigeann chomh fliuch agus chomh bog sin gur bhrúigh meáchan an óir agus na seod chun tosaigh agus rinneadh meall roicne dá aghaidh phéinteáilte agus bhí sé mar a bheadh pugmhadra ón tSeapáin.

Dhéanadh Tip gáire ach amháin go raibh an-ínní air faoi Sheán.

Ach bhí an Fear Bréige, dá dhonacht é, ann ina iomláine, fad a bhí an puimcíncheann a bhí riachtanach do bheatha Sheán ar iarraidh; dá bhrí sin, rug an buachaill ar chuaille fada a bhí ar an talamh in aice láimhe agus thiontaigh sé i dtreo na habhann arís.

Chonaic sé amuigh i lár an uisce loinnir órga an phuimcín, a bhí ag damhsa go réidh ar bharr na dtonn.

Bhí sé rófhada ó bhruach na habhann go mbéarfadh Tip air ach de réir a chéile thug sruth na habhann ní ba ghaire agus ní na ghaire dó é nó go raibh sé in ann an cuaille a leagan anuas air agus é a tharraingt i dtír.



Thug sé go bruach ansin é agus thriomaigh sé an t-uisce dá aghaidh lena chiarsúr, agus rith sé anonn chuig Seán agus chuir sé ar ais ar a mhuineál é.

Ba iad na chéad fhocail a dúirt Seán: "A Thiarcais! B'uafásach an rud é sin! N'fheadar an milleann uisce puimcíní?"

Mheas Tip nár ghá freagra a thabhairt agus thuig sé go raibh cúnamh de dhíth ar an bhFear Bréige chomh maith.

Chuaigh sé anonn agus bhain sé an tuí amach as colainn agus as cosa an Rí agus leath sé amach ar an talamh í go dtriomódh sí.

Chroch sé na héadaí fliucha ar cholainn an Chapail Sábhadóireachta.

"Má mhilleann uisce puimcíní," arsa Seán agus osna á ligean aige, "tá mo phort seinnte."

"Níor thug mé faoi deara riamh go milleann uisce puimcíní," arsa Tip, "mura bhfuil an t-uisce sin ar fiuchadh."

Mura bhfuil scoilt i do chloigeann, a chara, ní foláir nó go bhfuil bail mhaith ort."

"Ó, níl scoilt dá laghad i mo chloigeannsa," arsa Seán agus giúmar níos fearr air.

"Ná bíodh aon imní ort mar sin," arsa an buachaill.

"Mharaigh imní cat tráth."

"Is mise atá sásta mar sin," arsa Seán, "nach cat mé."

Bhí na héadaí á dtriomú go tapaidh faoi theas na gréine, agus chroith Tip tuí an Rí ionas go mbaineadh an teas an fliuchras aisti agus go mbeadh sí tirim briosc.

Nuair a bhí an tuí tirim bhrúigh sé isteach san Fhear Bréige í agus shocraigh sé í ionas go mbeadh cuma cheart ar a cholainn.



"Go raibh míle maith agat," arsa an Rí go meidhreach agus thosaigh sé ag siúl thart agus bhí sé breá socair ann féin.

"Tá roinnt buntáistí a bhaineann le bheith i m'Fhear Bréige.

Óir má bhíonn cairde ann chun aon dochar a dheisiú,
ní féidir an damáiste rómhór a dhéanamh dom."

"N'fheadar an féidir leis an ngrian gharg puimcíní a scoilteadh?" arsa Seán agus imní le cloisteáil ina ghlór.

"Ní féidir in aon chor!" arsa an Fear Bréige go meidhreach.

"Níl d'ábhar imní agat, a bhuachaill, ach seanaois. Nuair a bheidh laethanta d'óige curtha díot agat fágfaimid a chéile, ach ná bí ag súil leis sin, agus nuair a bheidh a fhios sin againn, cuirfimid scéala chugat. Téanam anois! Leanaimis ar aghaidh lenár dturas.

Táim ar bís go mbuailfidh mé le mo chara an Fear Coille Stáin."

Chuaigh siad in airde ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta arís; bhí greim ag Tip ar an gcuaille, bhí greim ag an bPuimcíncheann ar Tip agus bhí dhá lámh an Fhir Bhréige timpeall ar chreatlach adhmaid Sheáin aige.

"Téigh go mall, óir níl aon bhaol ann go bhfuiltear sa tóir orainn," arsa Tip leis an gcapall.

"Ceart go leor!" arsa an capall de ghlór sách garbh.

"An bhfuil tú beagán ciachánach?" arsa an Puimcíncheann go béasach.

Rinne an Capall Sábhadóireachta pramsáil chantalach agus d'iompigh sé súil fadharcáin amháin siar i dtreo Tip.

"Féach anois," ar seisean de ghnúsacht, "nach féidir leat mo chosaint ó mhasla?"

"Is féidir, cinnte!" arsa Tip go séimh.

"Táim cinnte nach raibh sé i gceist ag Seán cur isteach ort.

Níor chóir dúinn a bheith ag argóint lena chéile. Ní mór dúinn a bheith cairdiúil lena chéile."

"Ní bheidh baint ná páirt agam leis an bPuimcíncheann sin arís," arsa an Capall Sábhadóireachta go borb.

"Cailleann sé a cheann go ró-éasca dar liom."

Ba chosúil nárbh fhéidir aon fhreagra a thabhairt air sin agus ar feadh tamaillín, ar aon nó, lean siad orthu ina dtost.

Labhair an Fear Bréige tar éis tamaill:

"Cuireann sé seo na seanlaethanta i gcuimhne dom.

Ba ar an gcnocán féarmhar seo a tharrtháil mé Dorothy tráth ó Bheacha Cealgacha Chailleadh Ghránna an Iarthair."

"An ndéanann Beacha Cealgacha dochar do phuimcíní?" arsa Seán agus é ag féachaint uime go himníoch.

"Tá siad go léir marbh, mar sin is cuma," a dúirt an Fear Bréige."

Agus ba anseo a rinne Nick Chopper scrios ar fhaolchúnna liatha na Caillí Gránna."

"Cérbh é Nick Chopper?" arsa Tip.

"Sin é ainm mo charad an Fear Coille Stáin," arsa a Shoilse.

Agus ba anseo a ghabh agus a cheangail na Moncaithe Sciathánacha muid agus a d'eitil siad le Dorothy bheag," ar seisean tar éis dóibh taisteal tamaillín eile.

"An itheann Moncaithe Sciathánacha puimcíní?" arsa Seán agus creathán eagla air.

"Níl a fhios sin agam, ach is beag cúis imní é sin duit, óir is sclábhaithe Glinda, an Chailleadh Mhaith, anois iad agus is aici atá

an Caipín Órga a chuireann smacht orthu," arsa an Fear Bréige go machnamhach.

Leis sin, thosaigh an Rí stuáilte ag cuimhneamh ar na laethanta a bhí caite.

Agus lean an Capall Sábhadóireachta air ag luascadh agus an imeacht trí na páirceanna bláthbhreactha agus na marcaigh á dtabhairt leis aige.

* * * * *

Chuaigh an tráthnóna i ndoircheacht de réir a chéile agus níorbh fada go raibh sé ina oíche.

Stad Tip an capall agus tháinig siad go léir anuas dá dhroim.

"Táim tuirseach traochta," arsa an buachaill agus é an méanfach, "agus tá an féar bog agus fionnuar.

Luimis anseo agus déanaimis codladh go maidin."

"Ní féidir liomsa codladh a dhéanamh," arsa Seán.

"Ní dhéanaim codladh riamh," arsa an Fear Bréige.

"Níl a fhios agam fiú cad is codladh ann," arsa an Capall Sábhadóireachta.

"Mar sin féin, ní mór dúinn cuimhneamh ar an mbuachaill bocht seo, atá déanta as feoil agus fuil agus cnámha, agus a éiríonn tuirseach," arsa an Fear Bréige go machnamhach.

"Is cuimhin liom gurbh amhlaidh a bhí le Dorothy bheag.

Bhíodh orainn an oíche a chaitheamh inár suí agus ise ina codladh."

"Tá brón orm," arsa Tip go humhal, "ach níl aon neart agamsa air. Agus tá ocras an domhain orm chomh maith!"

"Seo againn contúirt nua!" arsa Seán go duairc.

"Tá súil agam nach bhfuil dúil agat i bpuimcíní."

"Níl, ach amháin má dhéantar iad a bhruith agus a chur isteach i bpióga," arsa an buachaill agus é ag gairí.

"Ná bíodh aon eagla ort romhamsa, mar sin, a Sheáin, a chara."

"Nach é an meatachán é an Puimcíncheann sin!" arsa an Capall Sábhadóireachta go cáinteach.

"Seans go mbeifeá féin i do mheatachán dá mbeadh an baol ann go millfí thú!" arsa Seán go feargach leis.

"Anois, a chairde," arsa an Fear Bréige, "Ná bímis ag argóint.

Níl aon duine againn gan locht, agus ní mór dúinn iarracht a dhéanamh a bheith tuisceanach dá chéile.

Agus ós rud é go bhfuil ocras ar an mbuachaill bocht seo agus nach bhfuil aon rud le n-ithe aige, fanaimis go léir inár dtost agus ligimis dó dul a chodladh; óir deirtear gur féidir le duine daonna dearmad a dhéanamh ar an ocras féin."

"Go raibh maith agat!" arsa Tip agus é buíoch dó.

"Tá tú chomh maith agus atá tú cliste, a Shoilse, agus is mór an rud é sin!"

Shín sé é féin ar an bhféar ansin agus leag sé a chloigeann síos ar cholainn stuáilte an fhir bhréige mar a bheadh piliúr, agus níorbh fada go raibh sé ina shámhchodladh.





Dhúisigh Tip tamaillín tar éis bhreacadh an lae ach bhí an Fear Bréige ina shuí roimhe agus bhí sé tar éis mám sméara deasa a phiocadh ó na sceacha lena mhéaracha amscaí.

D'alp an buachaill go craosach iad dá bhricfeasta agus ina dhiaidh sin lean sé féin agus an bhuíon bheag ar aghaidh ar a dturas.

Tar éis dóibh uair an chloig a chaitheamh ag taisteal bhain siad mullach cnoic amach mar a raibh radharc acu ar Chathair na gCaochadóirí agus chonaic siad dóim arda phálás an Impire ina seasamh go maorga os cionn tithe beaga.

D'éirigh an Fear Bréige an-chorráithe nuair a chonaic sé an radharc sin, agus arsa seisean de bhéic:

"Nach ormsa a bheidh an t-áthas mo sheanchara an Fear Coille Stáin a fheiceáil arís!

Tá súil agam go rialaigh seisean na daoine atá aige níos fearr ná mar a rialaigh mise mo dhaoine féin!"

An é an Fear Coille Stáin Impire na gCaochadóirí?" arsa an capall.

"Is é, go deimhin. D'iarr siad air iad a rialú nuair a cuireadh deireadh leis an gCailleach Ghránna, agus de bhrí go raibh an croí ag fhearr ar domhan ag Nick Chopper, is cinnte gur impire iontach agus cumasach é."

"Mheas mé go dtugtar 'Impire' ar dhuine a bhíonn i gceannas ar impireacht," arsa Tip, "agus níl i gCríoch na gCaochadóirí ach Ríocht."

"Ná habair é sin leis an bhFear Coille Stáin!" arsa an Fear Bréige go dáiríre.

"Ghoillfeadh sé sin go mór air.

Is fear an-bhródúil é, agus an ceart sin aige, agus is breá leis go dtugtar Impire air seachas Rí."

"Is é an dá mhar a chéile domsa é," arsa an buachaill.

Bhí an Capall Sábhadóireachta agus imeacht leis chomh tapaidh sin go raibh sé dian ar na marcaigh fanacht ar a dhroim agus dá bhrí sin ba bheag comhrá a bhí ann go dtí gur tháinig siad ar chéimeanna an pháláis.

Tháinig Caochadóir aosta, a raibh éide de dhath an airgid á caitheamh aige, anall chun lámh chúnta a thabhairt dóibh teacht anuas den chapall.

Ansin, labhair an Fear Bréige leis:

"Tabhair chuig do mháistir, an Impire, muid anois díreach."

D'fhéach an fear ar an mbuíon, ó dhuine go duine, agus náire air agus arsa seisean:

"Faraor, ní mór daoibh fanacht tamaillín.

Níl an Impire ag bualadh le daoine ar maidin."

"Cén fáth é sin," arsa an Fear Bréige go himníoch.

"Tá súil agam nár tharla aon rud dó."

"Níor tharla in aon chor," arsa an fear.

"Ach is é seo an lá a gcuirtear snas ar a Shoilse agus i láthair na huaire tá sé smeartha le hungadh tiubh *puts pomade*."

"Ó, feicim!" arsa an Fear Bréige agus faoiseamh air.

"Ábhar gaige a bhí i mo chara riamh, agus is dócha go bhfuil sé níos cúramaí anois faoin gcuma atá air."

"Tá sé, go deimhin," arsa an fear agus é ag umhlú go béasach.

"Tá an tImpire iontach clúdaithe le nicil anois."

"A Thiarcais!" arsa an Fear Bréige nuair a chuala sé é sin.

"Má tá a mheabhair chomh snasta céanna, nach aige atá lúth intinne!


Ach tabhair isteach muid - táim cinnte go mbuailfidh an tImpire linn fiú agus an bhail atá air faoi láthair."

"Bíonn bail Iontach ar an Impire i gcónaí," arsa an fear.

"Ach déarfaidh mé leis go bhfuil sibh anseo, agus tiocfadh mé ar ais lena gcuid orduithe."

Leis sin, lean an bhuíon an seirbhíseach isteach sa seomra feithimh, agus lean an Capall Sábhadóireachta iad go hamscaí, óir ní raibh a fhios aige go mbeifí ag súil leis go bhfanfadh capall lasmuigh.

Chuir an áit iontas ar na taistealaithe ar dtús, agus bhí an Fear Bréige an-tógtha leis an áit agus é ag déanamh iontais de na héadaí costasacha airgid a bhí chasta ina snaidhmeanna le tuanna beaga airgid.



RUG SÉ BARRÓG MHÓR GHRÁMHAR AR AN BHFEAR BRÉIGE

Ar bhord álainn i lár an tseomra bhí canna mór airgid ola ar a raibh radharcanna ó thuras eachtraíochta an Fhir Choille Stáin, Dorothy, an Mheatacháin de Leon agus an Fhir Bhréige greanta go snasta agus rianadh línte na greanadóireachta le hór buí.

Bhí go leor portráidí ar crochadh ar na ballaí, agus bhí portráid an Fhir Bhréige ar crochadh go cúramach san áit ab fheiceálaí. Bhí portráid mhór d'Asarlaí Oscartha Oz, agus croí á bhronnadh ar an bhFear Coille Stáin aige, ann a bhí chomh mór leis an mballa go léir ag taobh amháin an tseomra.

Agus na cuairteoirí ag féachaint le hiontas ar na rudaí sin chuala iad glór ard sa chéad seomra eile ag rá:

"Mhuise, mhuise, mhuise! Nach iontach an rud é seo gan choinne!"


Leis sin, osclaíodh an doras de phlab agus rith Nick Chopper isteach ina measc agus rug sé barróg mhór ghrámhar ar an bhFear Bréige agus chuir an fáisceadh go leor fillte agus roicne ann.

"A chara na páirte! A chomráidí uasail!" arsa an Fear Coille Stáin go háthasach. "Nach ormsa atá an t-áthas thú a fheiceáil arís."

Agus scaoil sé leis an bhFear Bréige ansin agus sheas sé siar uaidh agus é ag stánadh ar a ghnúis phéinteáilte.

Ach, faraor, bhí aghaidh an Fhir Bhréige, mar aon le codanna eile dá chorp, clúdaithe le smálta *putz promade* óir rinne an Fear Coille Stáin, leis an bhfuadar a bhí faoi fáilte a chur roimh a chara, rinne sé dearmad go raibh sé clúdaithe leis an ungadh tiubh agus anois bhí a chara clúdaithe leis.

"A Thiarcais!" arsa an Fear Bréige go brónach. "Tá mé lotaithe!"



"Dheara, ná bac leis sin, a chara," arsa an Fear Coille Stáin, "chuirfidh mé chuig an neachtlan impiriúil thú agus beidh tú mar a bheadh fear nua."

"Nach ndéanfar praiseach díom?" arsa an Fear Bréige.

"Ní dhéanfar, go deimhin!" arsa a chara.

"Inis dom conas a tháinig tú anseo, a Shoilse, agus cé hiad do chompánaigh?"

Chuir an Fear Bréige Tip agus Seán Puimcíncheann in aithne don Fhear Coille Stáin go béasach agus ba mhór an spéis a chuir Seán san Fhear Coille Stáin.

"Ní thú is téagartha, ní mór a rá," arsa an tImpire.

"ach tá tú sách aisteach agus dá bhrí sin is fiú ball de chumann faoi leith a dhéanamh díot."

"Gabhaim buíochas leat, a Shoilse," arsa Seán go humhal.

"Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr do shláinte!" arsa an Fear Coille.

"Tá, faoi láthair," arsa an Puimcíncheann agus osna á ligean aige, "ach tá eagla mo bháis orm faoin lá a millfear mé."

"Seafóid," arsa an tImpire de ghlór caoin báúil.

"Impím ort gan uisce fuar an lae amáireach a chaitheamh ar thine gheal an lae inniu.

Óir is féidir leat do chloigeann a chur i gcanna sula millfear é, agus ar an gcaoi sin caomhnófar go deo na ndeor thú."

Agus an comhrá sin ar siúl, bhí Tip ag féachaint ar an bhFear Coille agus ionadh an domhain air, agus thug sé faoi deara gur as píosaí stáin a bhí Impire na gCaochadóirí déanta, píosaí a bhí sádráilte agus é seamaithe le chéile i ndealbh fir.

Dhéanadh sé clingireacht agus cnagadh anois agus arís agus é ag bogadh agus bhí déanamh maith air den chuid ba mhó agus ní raibh de smál ar a dhreach ach ungradh tiubh snasúcháin a clúdaigh ó bhonn go baithis é.

Chuir stánadh an bhuachalla i gcuimhne don bhFear Coille Stáin nach raibh bail ródheas air agus leis sin ghabh sé a leithscéal agus d'imigh sé leis isteach ina sheomra príobháideach agus lean na seirbhísigh sé chun snas a chur air. Níor ghlac sé i bhfad orthu é sin a dhéanamh agus nuair a tháinig an tImpire ar ais bhí an cholainn, a bhí clúdaithe le nicil, ag glioscarnach chomh hiontach sin go ndearna an Fear Bréige comhghairdeas ó chroí leis as an dreach feabhsaithe a bhí air.

"Ba mhaith an smaoineamh é, ní mór dom a admháil, an clúdach nicil sin a fháil," arsa Nick, "agus bhí géarghá leis toisc go raibh mé lán de scríoba tar éis ár gcuid eachtraíochta.

Féachaigí ar an réalta seo atá greanta ar an taobh clé de m'ucht.

Ní hamháin a léiríonn sé cá bhfuil mo chroí iontach, ach clúdaíonn sé go néata an paiste a rinne an tAsarlaí Oscartha nuair a chuir sé an t-orgán luachmhar sin i m'ucht lena lámha sciliúla féin."

"An orgán láimhe é do chroí mar sin?" arsa an Puimcíncheann go fiosrach.

"Ní hea ná é," arsa an tImpire go mórtasach.

"Táim cinnte gur gnáthchroí atá ann, cé go bhfuil sé beagán níos mó agus níos teo ná croí a bhíonn ag daoine eile."

Thiontaigh sé chun an Fhir Bhréige ansin agus ar seisean:

"An bhfuil do ghéillsinigh sásta, a chara dhil?"

"Níl a fhios agam," ar seisean.

"Óir tá cailíní Oz tar éis éirí amach agus cuireadh an ruaig orm as an gCathair Iathghlas."

"A Thiarcais!" arsa an Fear Coille Stáin. "A leithéid de thubaist!

Ní hamhlaidh

go bhfuil siad ag gearán faoi do rialú stuama agus grástúil?"

"Níl ach deir na cailíní seo go bhfuil siad bréan d'fhir a bheith i gceannas ar an tír," arsa an Fear Bréige.

"Gabh siad an chathair, ghoid siad na seoda go léir ón státchiste agus tá siad á rialú mar is mian leo féin."

"A Thiarcais!

Nach aisteach an tuairim é!" arsa an tImpire de bhéic agus idir alltacht agus iontas air.

"Agus chuala mé cuid díobh ag rá," arsa Tip, "go bhfuil sé i gceist acu máirseáil anseo agus caisleán agus cathair an Fhir Choille Stáin a ghabháil."

"A! Ní féidir linn ligean dóibh é sin a dhéanamh," arsa an tImpire go pras, "imeoimid láithreach agus glacfaimid ceannas ar an gCathair Iathghlas arís agus cuirfimid an Fear Bréige ar ais sa ríchathaoir."

"Bhí a fhios agam go gcabhrófá liom," arsa an Fear Bréige agus áthas air.

"Cé mhéad d'arm is féidir leat a chur le chéile?"

"Níl arm de dhíth orainn," arsa an Fear Coille.

"Is leor an ceathrar againne, le mo thua ghlioscarnach, chun sceimhle a chur ar cheannaircithe ar bith."

"An cúigear againn," arsa an Puimcíncheann agus é á cheartú.

"Cúigear?" arsa an Fear Coille Stáin.

"Sea; tá an Capall Sábhadóireachta cróga agus misniúil," arsa Seán agus dearmad déanta aige ar an argóint a bhí aige leis an ainmhí ceithre-chosach roimhe sin.

D'fhéach an Fear Coille Stáin uime agus mearbhall air, óir go dtí sin bhí an Capall Sábhadóireachta ina sheasamh sa chúinne, agus níor thug an tImpire aon cheann dó.

Chuir Tip fios láithreach ar an gcréatúir aisteach agus tháinig sé anall chomh hamscaí sin gur dhóbair dó an bord i lár an tseomra agus an canna greanta ola a leagan.

"Déanaim amach," arsa an Fear Coille Stáin, "nach bhfuil aon deireadh le hiontais an tsaoil! Cén fáth a bhfuil an créatúir seo beo?"

"Mise a rinne é le draíodóireacht," arsa an buachaill go cúlanta, "agus ba mhór an tairbhe dúinn é an Capall Sábhadóireachta."

"Chuidigh sé linn éalú ó na ceannaircithe," arsa an Fear Bréige.



ATHCHÓIRIÚ AN FHIR BHRÉIGE

"Ní mór dúinn glacadh leis mar chomrádaí," mar sin arsa an tImpire.

"Is iontach an rud é Capall Sábhadóireachta beo agus ba bhreá liom eolas a fháil air. An bhfuil aon eolas aige?"

"Níl aon eolas rómhór agam ar an saol," arsa an Capall Sábhadóireachta agus é ag freagairt as a shon féin.

"Ach tá an chuma ar an scéal go bhfoghlaím an-tapaidh, agus is minic a ritheann sé liom gur mó an t-eolas atá agam ná éinne a bhíonn liom."

"Seans gur fíor duit," arsa an tImpire, "óir ní hionann taithí ar an saol agus a bheith críonna.

Ach tá an t-am ag breith orainn anois agus ní mór dúinn ullmhúcháin a dhéanamh go tapaidh chun tús a chur lenár dturas.

Chuir an tImpire fios ar an Ard-Seansailéir agus thug sé treoracha dó conas an ríocht a rialú ina éagmais.

Idir an dá linn baineadh an Fear Bréige óna chéile agus níodh an mála péinteáilte d'aghaidh a bhí aige agus ansin cuireadh an inchinn a thug an tAsarlaí iontach isteach arís ann.


Glanadh a chuid éadaí agus smúdáil na táilliúirí impiriúla iad agus cuireadh snas ar a choróin agus fuáladh ar a chloigeann arís í, óir dúirt an Fear Coille Stáin leis nár chóir dó a ríogacht a shéanadh.


Bhí cuma an-snasta ar an bhFear Bréige ansin agus cé nach raibh aon mhór is fiú ag baint leis beag ná mór bhí sé breá sásta leis féin agus shiúl sé leis go péacógach.

I rith an ama sin, dheisigh Tip ailt adhmaid Sheáin Puimcíncheann, rud a d'fhág ní ba théagartha ná riamh iad,

scrúdaíodh an Capall Sábhadóireachta chomh maith féachaint an raibh sé ar deil.

Ansin, le breacadh an lae an mhaidin dar gcionn chuir siad chun bóthair ar a dturas chuig an gCathair Iathghlas. Bhí an Fear Coille Stáin chun tosaigh agus tua ghlioscarnach ar ghualainn aige, bhí an Puimeíncheann ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta agus shiúil Tip agus an Fear Bréige ar dhá thaobh Sheáin chun a chinntiú nach dtitfeadh sé nó nach ndéanfaí dochar dó.





An tUasal O.M. Deargadaol L.O.

Ba mhór an inní a bhí ar an nGinearál Jinjur - a bhí i gceannas ar an Arm Ceannairce, más cuimhin leat - nuair a d'éalaigh an Fear Bréige ón gCathair Iathghlas.

Bhí eagla uirthi, agus cúis mhaith aici leis, dá dtiocfadh a Shoilse agus an Fear Coille Stáin le chéile, go mbeadh sí féin agus a harm go léir i mbaol, óir ní raibh dearmad déanta ag muintir Oz go fóill ar éachtaí na laochra cáiliúla sin.

Dá bhrí sin, chuir Jinjur fios láithreach ar Mhambaí, an chailleach, agus gheall sí luach saothair mór di dá dtabharfadh sí cúnamh don arm ceannairce.

Bhí Mambaí ar deargbhuile toisc an bob a bhuail Tip uirthi agus gur thug sé na cosa leis, gan trácht ar Phúdar na Beatha a ghoid. Dá bhrí sin ba bheag mealladh a bhí le déanamh chun í a thabhairt chuig an gCathair Iathghlas agus lámh chúnta a thabhairt do Jingur chun an Fear Bréige agus an Fear Coille Stáin, a bhí cairdiúil le Tip, a chloí.

Ní túisce a tháinig Mambaí chuig an bpálás ríoga ná go bhfuair sí amach, lena cuid draíodóireachta, go raibh an bhuíon ag tosú ar a dturas chuig an gCathair Iathghlas. Dá bhrí sin, chuaigh sí isteach i seomra beag a bhí in airde i dtúr agus chuir sí glas ar an doras agus thosaigh sí ag gabháil don draíodóireacht féachaint an bhféadfadh sí cosc a chur leis an bhFear Bréige agus lena chompánaigh.

Ba é sin an chúis ar stad an Fear Coille Stáin agus a dúirt sé:

"Tharla rud an-aisteach. Ba chóir go mbeadh gach céim den turas seo ar eolas agam, ach tá eagla orm go bhfuilimid imithe amú cheana féin."

"Ní féidir é!" arsa an Fear Bréige.

"Cén fáth a ndeachamar ar strae, an dóigh leat, a chara?"

"Anseo os ár gcomhair amach tá páirc mhór lán de lus na gréine, ach bí fhaca mé an pháirc seo riamh i mo shaol."

D'fhéach siad go léir umpu nuair a chuala siad an méid sin, agus chonaic siad go raibh siad i bpáirc a bhí lán de ghais arda, agus ar bharr gach gais bhí lus gréine ollmhór.

Agus ní hamháin go raibh na bláthanna sin ag glioscarnach lena ndathanna geala dearga agus órga, ach bhí gach ceann díobh ag guairneáil ar a ghas mar a bheadh muileann beag gaoithe, agus iad ag dalladh na ndaoine a bhí ag féachaint orthu, rud a d'fhág nach raibh a fhios acu cén bealadh a rachaidís.

"Draíodóireacht atá ann!" arsa Tip.

Agus iad ina stad agus ag déanamh a mharana, lig an Fear Coille Stáin liú as le teann mífhoighne agus thosaigh sé ag luascadh a thua agus ag leagan na ngas roimhe.

Ansin stad na lusanna gréine dá nguairneán agus chonaic na taistealaithe aghaidh cailín i lár gach blátha. D'fhéach na haghaidheanna iontacha sin ar an mbuíon agus meangadh gáire ar a n-aghaidh agus ansin thosaigh siad ag scairteadh gáire leis an mearbhall a chuir siad ar an mbuíon.

"Stad! Stad!" arsa Tip agus é ag breith ar lámh an Fhir Choille, "tá siad beo! Is cailíní iad!"

Ansin thosaigh na bláthanna ag guairneáil arís, agus d'imigh na haghaidheanna ar ceal go tapaidh sna guairneáin.

Chaith an Fear Coille Stáin a thua uaidh agus shuigh sé síos ar an talamh.

"Ba chruálach an mhaise é na créatúir áille seo a leagan," ar seisean go brónach, "ach níl a fhios agam conas is féidir linn dul ar aghaidh gan é sin a dhéanamh."

"Bhí na haghaidheanna an-chosúil le haghaidheanna an Airm Cheannairce, dar liom," arsa an Fear Bréige.

"Ach ní thuigim ó thalamh an domhain conas a d'fhéadfadh na cailíní a theacht anseo chomh tapaidh sin."

"Is dóigh liom gur draíodóireacht atá ann," arsa Tip go diongbháilte, "agus go bhfuil duine ag bualadh bob orainn."

Chonaic mé Mambaí ag déanamh rudaí den sórt seo roimhe seo.

Seans nach bhfuil ann ach speabhraídí agus nach bhfuil lus gréine ar bith anseo."

"Dúnaimis ár súile agus siúlaimis ar aghaidh," arsa an Fear Coille.

"Gabh mo leithscéal," arsa an Fear Bréige.

"Níl agam ach súile péinteáilte nach féidir liom a dhúnadh. Toisc go bhfuil caipíní stáin súile agatsa, ná ceap go bhfuilimid go léir mar a chéile."

"Agus is súile fadharcáin atá ag an gCapall Sábhadóireachta," arsa Seán agus é ag cromadh chun tosaigh chun iad a scrúdú.

"Mar sin féin, ní mór imeacht chun tosaigh go tapaidh," arsa Tip d'ordú, "agus leanfaimid thú agus déanfaimid iarracht éalú. Tá an oiread sin de léaspáin ar mo shúile gurb ar éigin is féidir liom aon rud a fheiceáil."

Chuaigh an Puimcíncheann chun tosaigh ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta, agus rug Tip greim ar eireaball an Chapail agus lean sé iad agus a shúile dúnta aige.

Bhí an Fear Bréige agus an Fear Coille Stáin taobh thiar díobh ar chúl, agus faoi cheann cúpla slat chualathas liú áthais ó Sheán a dúirt leo go raibh an bealach glan rompu.

Stad siad go léir ansin agus d'fhéach siad i leith a gcúil, ach ní raibh tasc ná tuairisc ar na lusanna gréine.

Lean siad orthu, agus aoibh níos fearr orthu, ar an turas. Ach d'athraigh Mambaí dreach na háite chomh mór sin go mbeidís imithe ar strae gan aon agó ach gur bheartaigh an Fear Bréige ar an mbealach a dhéanamh amach de réir na gréine.

Ní fhéadfadh draíodóireacht ar bith cúrsa na gréine a athrú agus ba mhaith an treoraí í.

Bhí deacrachtaí eile os a gcomhair amach, áfach.

Leag an Capall Sábhadóireachta a chos isteach i bpoll coinín agus thit sé chun talaimh.



RUG AN FEAR COILLE STÁIN AR AN BPUIMCÍN

Caitheadh an Puimcíncheann in airde san aer agus is cinnte go mbeadh a phort seinnte an uair sin díreach ach gur rug an Fear Coille Stáin go sciliúil ar an bpuimcín agus é ag titim anuas agus sábháladh é.

Níorbh fhada gur greamaíodh dá mhuineál arís é agus go raibh Seán ar a chosa athuair. Ach ní raibh an t-ádh céanna ar an gCapall Sábhadóireachta.

Nuair a baineadh a chos amach as an bpoll coinín fuarthas amach go raibh sí briste agus nár mhór í a dheisiú sula bhféadfadh coiscéim eile a thógáil.

"Tá sé seo sách dáiríre," arsa an Fear Coille Stáin.

Dá mbeadh crainn in aice láimhe d'fhéadfainn cos eile a dhéanamh don ainmhí seo gan mhoill, ach ní fheicim oiread agus tor áit ar bith."

"Agus níl sconsa ná teach sa chuid seo de chríoch Oz," arsa an Fear Bréige go brónach.

"Cad a dhéanfaimid, mar sin?" arsa an buachaill.

"Is dócha gur cheart dom m'inchinn a chur ag obair," a d'fhreagair a Shoilse an Fear Bréige, "óir tá a fhios agam de bharr taithí gur féidir liom rud ar bith a dhéanamh ach beagán ama a chaitheamh ag déanamh mo mharana air."

"Déanaimis go léir ár marana," arsa Tip, "agus b'fhéidir go smaoineois ar bhealach chun an Capall Sábhadóireachta a dheisiú."

Suigh siad i scuaine ar an bhféar agus thosaigh siad ag déanamh a marana a fhaid a bhí an Capall Sábhadóireachta ag stánadh go fiosrach ar an ghéag bhriste.

"An bhfuil pian ort?" arsa an Fear Coille Stáin de ghlór séimh báúil.

"Níl in aon chor," arsa an Capall Sábhadóireachta, "ach is trua liom go bhfuil mo cholainn chomh sobhriste seo."

Bhí an bhuíon ina dtost ar feadh tamaill agus iad ag machnamh. D'ardaigh an Fear Coille Stáin a chloigeann gan mhoill agus d'fhéach sé thar na páirceanna.

"Cén saghas créatúir é sin atá ag teacht inár dtreo?" ar seisean go fiosrach.



D'fhéach an chuid eile acu sa treo céanna agus chonaic siad an rud ab aistí a chonaic siad riamh ag teacht ina dtreo.

Tháinig sé go tapaidh gan torann á dhéanamh aige ar an bhféar bog agus i gceann cúpla nóiméad b'iúd é ina sheasamh os comhair na buíne agus é ag féachaint orthu agus a oiread céanna iontais airsean agus a bhí orthusan.

Bhí an Fear Bréige breá socair in ainneoin a raibh ag tarlú.

"Móradh dhuit ar maidin!" ar seisean go béasach.

Bhain an strainséir a hata de go maorga, d'umhlaigh sé go híseal agus arsa seisean: "Dia dhaoibh, a dhaoine uile.

Tá súil agam go bhfuil sibh, mar bhuíon, i mbarr do shláinte.

Seo daoibh mo charta-sa, mura miste libh."

Agus leis an gcaint bhéasach sin shín sé cárta i dtreo an Fhir Bhréige, a ghlac leis, a d'iompaigh bunoscionn agus ceannosbun é, agus a shín i dtreo Tip é le croitheadh a chinn.

Léigh an buachaill os ard é:

"AN TUASAL O.M. DEARGADAOL L.O."

"Ambaist!" arsa an Puimcíncheann agus é ag stánadh uaidh.

"Nach aisteach!" arsa an Fear Coille Stáin.

Bhí a dhá shúil ar leathadh ag Tip agus lig an Capall Sábhadóireachta osna as agus thiontaigh sé a chloigeann an treo eile.

"An Deargadaol thú i ndáiríre?" arsa an Fear Bréige.

"Sea, go deimhin, a dhuine uasail!" arsa an strainséir go pras.

"Nach bhfuil m'ainm ar an gcárta?"

"Tá," arsa an Fear Bréige.

"Ach mura miste leat mé a fhiafraí díot, cad dó a seasann 'O.

M.'?"

"Seasann O.M. d'Oll-Mhéadaithe," arsa an Deargadaol go mórtasach.

"Ó, tuigim."

D'fhéach an Fear Bréige go géar ar an strainséir.

"Agus an bhfuil tú oll-mhéadaithe i ndáiríre?"

"A dhuine uasail," arsa an Deargadaol, "déarfainn gur fear uasail grinnbhreithiúnais thú.

Nach ritheann sé leat go bhfuilim na mílte uair níos mó ná aon deargadaol a chonaic tú riamh i do shaol?

Dá bhrí sin, is léir do chách go bhfuilim Oll-Mhéadaithe, agus níl aon chúis mhaith ann a mbeadh amhras ort faoi sin."

"Gabh mo leithscéal," arsa an Fear Bréige.

"Tá m'inchinn beagán trína chéile ó níodh mé.

Ar dhána an mhaise é a fhiafraí díot cad dó a seasann

'L.O.' tar éis d'ainm?"

"Cuireann na litreacha sin mo chéim in iúl," arsa an Deargadaol agus meangadh mór is fiú ar a aghaidh.

"Le bheith cruinn faoi, ciallaíonn na litreacha go bhfuilim Lán-Oilte."

"Ó!" arsa an Fear Bréige agus faoiseamh air.

Níor bhain Tip a shúile de dealbh iontach sin i rith an ama.

Ba é a chonaic sé colainn mhór chruinn mar a bheadh ag feithid ina seasamh ar dhá chois chaola ag a raibh méaracha coise a bhí casta in airde.

Bhí colainn an Deargadaoil sách cothrom, agus de réir na coda sin de a bhí le feiceáil bhí dath donn glioscarnach ar a dhroim agus bhí stríocaí bána agus donna éadroma ar a bholg, agus na dathanna sin ag meascadh ina chéile ag na taobhanna.

Bhí ghéaga a láimhe chomh caol lena cosa, agus ar bharr scrogaill bhí cloigeann a bhí ar aon dul le cloigeann fir, ach amháin go raibh adharcáin nó braiteoga lúbacha ag gobadh amach as barr a chaincín agus bhí adharcáin eile ag gobadh aníos as rinn a chluas a mhaisigh taobh a chinn mar a bheadh eireabaill muice bheaga.

Ní mór a admháil go raibh na súile cruinne dubha sách bolgánach, ach ní raibh aon ní duáilceach ag baint leis an aoibh a bhí ar éadan an Deargadaoil.

Maidir lena ghléasadh, bhí cóta eireabail fainleoige a raibh dath dúghorm air agus a raibh líneáil bhuí síoda aige ar an bhfeithid agus bhí bláth sáite i bpoll cnaipe a chóta aige. Bhí veist bhán air chomh maith a shín go teann um a cholainn leathan. Bhí bríste leathghairid de dhath crónbhuí air a bhí fáiscthe le búclaí glioscarnacha um a ghlúine, agus ar bharr a chloiginn bhig bhí hata ard síoda.

B'iúd ina sheasamh os comhair ár gcairde é agus ionadh an domhain orthu go léir - Deargadaol a bhí chomh hard leis an bhFear Coille Stáin. Is cinnte nach raibh feithid eile i gCríoch Oz uile riamh chomh mór leis.

"Admhaím," arsa an Fear Bréige, "gur bhain an chuma atá ort stangadh asam féin agus as mo chompánaigh chomh maith, ní nach ionadh.

Tá súil agam, áfach, nach gcuireann sé sin isteach ort.

Rachaimid i dtaithí ort de réir a chéile, ní foláir."

"Ní gá aon leithscéal a dhéanamh," arsa an Deargadaol go lándáiríre.

"Is mór is áthas liom stangadh a bhaint as daoine óir ní féidir a rá go bhfuilim cosúil le gnáthfheithidí agus tá idir fhiosracht agus iontas tuillte agam ó na daoine sin a chastar orm."

"Tá, go deimhin," arsa a Shoilse.


"Ar mhiste libh é má shuím i dteanna do bhuíne uaisle?" arsa an strainséir. "Inseoidh mé scéal mo bheatha daoibh, agus fáilte,

ionas gurb fhearr a thuigfidh sibh an dreach neamhghnách - ach iontach más ceadmhach dom féin a rá - atá orm."

"Níor mhiste in aon chor," arsa an Fear Coille Stáin go pras.

Leis sin, shuigh an Deargadaol síos ar an bhféar os comhair na buíne bige amach agus d'inis sé an scéal seo a leanas dóibh





"Níor mhór dom a admháil, ó thaobh na macántachta de, ag tús mo chainte gur rugadh i mo ghnáthdheargadaol mé," arsa an créatúr de ghuth dáiríre agus cairdiúil.

"Toisc nach raibh a fhios agam a mhalairt, d'úsáidinn mo lámha agus mo chosa agus mé ag siúl agus ag crúbadach faoi imill cloch nó ag dul i bhfolach i measc fréamhacha féir gan aon ní ag déanamh tinnis dom ach cúpla feithid a aimsiú mar bhia dom féin.

"Nuair a bhíodh na hoícheanta fuar ní bhogainn in aon chor leis an righneas, óir ní bhíodh aon éadaí orm, ach le breacadh an lae thugadh gaetha teo na gréine beocht nua dom agus chuirinn chun gnímh arís.

B'uafásach an saol é sin, ach ní mór duit cuimhneamh gurb é sin gnáthshaol an deargadaoil, dála go leor créatúr beaga bídeacha eile a mhaireann ar an domhan seo.

"Ach bhí rudaí i bhfad ní na mhó ná sin i ndán domsa! Lá amháin bhí mé ag crúbadach liom in aice le teach scoile faoin

tuath, ach chuir dordán na ndaltaí laistigh teann fiosrachta orm agus bheartaigh mé ar dhul isteach agus téaltú liom ar feadh gáige idir na cláracha adhmaid nó gur bhain mé an taobh eile amach, áit a raibh deasc an mháistir os comhair tinteáin the.

"Níor thug éinne créatúr chomh beag bídeach le Deargadaol faoi deara agus nuair a thuig mé go raibh an tinteán ní ba theo agus ní ba chompordaí ná teas na gréine, bheartaigh mé ar bhaile a dhéanamh in aice leis.

Tháinig mé ar nead aoibhinn idir dhá bhríce agus chuaigh mé i bhfolach ansin ar feadh roinnt míonna.

"Níl aon dabht ach gurb é an tOllamh Uileolais an scoláire is cáiliúla i gCríoch Oz, agus tar éis cúpla lá thosaigh mé ag éisteacht leis na léachtaí agus leis na cainteanna a thug sé dá chuid daltaí.

Níor éist duine ar bith acu chomh géar leis agus a d'éist an Deargadaol nár thug éinne faoi deara, agus ar an gcaoi sin tháinig mé ar an taisce eolais seo atá ar fheabhas ar fad, más féidir liom féin é a rá.

Sin é an fáth a gcuirim 'L.O.', Lán-Oilte ar mo chartaí óir is é an chúis bhróid is mó atá agam nach féidir leis an domhan Deargadaol eile a chruthú ag a mbeadh an deichiú cuid den chultúr agus den eolas atá agamsa."

"Ní thógfainn ort é," arsa an Fear Bréige.

"Is rud é an t-oideachas ar chóir do dhuine a bheith bródúil as.

Chuir mise oideachas orm féin. Measann mo chairde nach féidir an inchinn a thug an tAsarlaí Oscartha dom a shárú."

"Mar sin féin," arsa an Fear Coille Stáin, "is fearr i bhfad croí maith a bheith ag duine seachas oideachas nó meabhair chinn."

"Maidir liomsa," arsa an Capall Sábhadóireachta, "is fearr cos mhaith ná ceachtar acu."

"An bhféadfaí a rá gurb ionann síolta agus inchinn?" arsa an puimcíncheann go pras.

"Éist do bhéal," arsa Tip go dáiríre.

"Ceart go leor, a athair dhil," arsa Seán go béasach.

D'éist an Deargadaol go foighneach - go measúil, fiú - leis an méid a dúirt siad agus lean sé ar aghaidh lena scéal ansin.

"Ní foláir nó gur chaith mé trí bliana i dtinteán an tí scoile iargúlta sin," ar seisean, "agus mé ag ól go craosach as fuarán an tsíor-eolais a bhí ag sreabhadh os mo chomhair."

"Nach fileata thú," arsa an Fear Bréige agus é ag sméideadh a chinn agus ag aontú leis.


"Ach an lá áirithe seo," arsa an Fheithid, "tharla rud iontach a d'athraigh mo shaol ó bhonn agus a thug go buaic seo mo mhaitheasa mé.

Thug an t-ollamh faoi deara mé agus mé ag crúbadach trasna an teallaigh agus sularbh fhéidir liom éalú rug sé orm idir a ordóg agus a chorrmhéar.

"A pháistí dílse,' ar seisean, 'rug mé ar Dheargadaol - feithidin annamh ach iontach. An bhfuil a fhios ag éinne agaibh cad is Deargadaol ann?'

"Níl!' arsa na scoláirí le chéile de bhéic.

"Más amhlaidh atá,' arsa an tOllamh, 'gheobhaidh mé mo ghloine



formhéadúcháin cháiliúil agus teilgfimid an fheithid ar scáileán i riocht ollmhéadaithe, ionas gur féidir libh go léir an neach aisteach seo a scrúdú agus eolas a fháil ar a bhéasa agus ar a shlí bheatha.'

"Ansin, thug sé an gléas ab aistí amach as an gcófra agus sular thuig mé a raibh ar siúl, teilgeadh in airde ar scáileán mé i riocht ollmhéadaithe, mar atá ionam anois díreach os bhur gcomhair amach.

"Sheas na daltaí in airde ar na stóil agus shín siad a gcloigeann chun tosaigh ionas go bhféadfaidís radharc níos fearr a fháil orm, agus léim beirt chailíní beaga ar leac fuinneoige oscailte mar a mbeadh radharc ní b'fhearr acu.

"'Féachaigí!' arsa an tOllamh, de ghlór ard, 'ar an Deargadaol Oll-mhéadaithe seo. Ceann de na feithidí is suntasaí dá bhfuil ann!'

"De bhrí go raibh mé Lán-Oillte agus go raibh a fhios agam cé na béasa a bheadh ag fear uasal cultúrtha, sheas mé in airde go díreach agus chuir mé mo lámh ar mo chliabhrach agus d'umhlaigh mé go béasach.

Ní foláir nó gur bhain mo gheáitsí stangadh astu, óir lig duine de na cailíní beaga a bhí suite ar leac na fuinneoige liú aisti agus thit sí i leith a cúil amach an fhuinneog agus tharraing sí a comhdhalta léi agus í ag imeacht as radharc.

"Lig an tOllamh uaille uafáis as agus rith sé tríd an doras féachaint ar gortaíodh na páistí bochta nuair a thit siad.



SHEAS NA DALTAÍ IN AIRDE AR NA STÓIL

Lean na scoláirí é mar a bheadh buíon fhiáin, agus fágadh sa seomra ranga asam féin mé, agus mé fós i riocht Oll-Mhéadaithe agus ar mo thoil féin.

"Rith sé liom láithreach gur mhaith an fhaill chun éalaithe é.

Bhí mé bródúil as an méid mór a bhí ionam agus thuig mé go dtiocfadh liom taisteal go sábháilte áit ar bith anois ar fud an domhain, agus go mbeinn ar comhchéim leis an duine is oilte a chasfaí orm toisc an forchultúr a bhain liom.

"Dá bhrí sin, a fhaid a bhí an tOllamh ag baint na gcailíní beaga - ar mhó de gheit a baineadh astu ná de ghortú a baineadh dóibh - den talamh, agus a fhaid a bhí na daltaí uime, shiúil mé go deas réidh amach as teach na scoile, chuaigh mé timpeall cor sa bhóthar agus d'éalaigh mé liom isteach i ndoire a bhí in aice láimhe."

"Nach iontach!" arsa an Puimcíncheann go measúil.


"Sea go deimhin," arsa an Deargadaol."

Níor stad mé riamh de chomhghairdeas a dhéanamh liom féin as éalú agus mé Oll-mhéadaithe óir ba bheag maitheas a bheadh san eolas mór a bhí agam dá mbeinn fós i m'fheithid bheag bhídeach neamhshuntasach."

"Ní raibh a fhios agam roimhe seo," arsa Tip agus é ag féachaint ar an Deargadaol agus mearbhall air, "go gcaitheann feithidí éadaí."

"Ní chaitheann, mhuis, de ghnáth," arsa an strainséir.

"Ach le linn dom a bheith ar fán bhí sé d'ádh orm an naoú beatha a bhí ag táilliúir a shábháil - bíonn naoi mbeatha ag táilliúir mar a bhíonn ag cait, faoi mar is eol duit ní foláir.



Bhí an duine mós buíoch díom óir dá gcailleadh sé an naoú beatha sin bheadh a chosa nite agus d'impigh sé orm a cheadú dó an éide phéacógach atá á caitheamh anois agam a dhéanamh dom.

Oireann sé go hiontach dom, nach n-oireann?" arsa an Deargadaol agus sheas sé in airde agus thiontaigh sé ar a shála go mall ionas go bhféadfadh cách é a scrúdú.

"Ní foláir nó gur tháilliúir maith a bhí ann," arsa an Fear Bréige agus beagán den éad air.

"Táilliúir suáilceach a bhí ann, ar aon nós," arsa Nick Chopper.

"Ach cá raibh tú ag dul nuair a casadh orainn thú?"

a d'fhiafraigh Tip den Deargadaol.

"Ní raibh aon cheann scríbe faoi leith ar intinn agam," ar seisean, "cé go bhfuil sé i gceist agam cuairt a thabhairt ar an gCathair Iathghlas agus sraith léachtaí a thabhairt do lucht éisteachta faoi leith ar 'Buntáistí an Oll-Mhéadúcháin.'"

"Táimidne ag triall ar an gCathair Iathghlas faoi láthair," arsa an Fear Coille Stáin, "agus más áil leat é, beidh míle fáilte romhat taisteal in éineacht linn."

D'umhlaigh an Deargadaol go rí-ghrástúil.

"Ba mhór an pléisiúr dom é," ar seisean, "glacadh le do chuireadh caoin, óir ní chasfaí áit ar bith i gCríoch Oz orm comhlúadar chomh mealltach libhse."

"Is fíor sin," arsa an Puimcíncheann.

"Táimid chomh mealltach le mil agus beacha."

"Ach - gabh mo leithscéal má táim fiosrach - nach bhfuil sibh go léir ábhairín - á! ábhairín neamhghnách?" arsa an Deargadaol, agus é ag féachaint ó dhuine go duine le teann fiosrachta.

"Ach an oiread leat féin," arsa an Fear Bréige.

"Tá gach rud sa saol neamhghnách go dtí go dtéann tú i dtaithí air."

"Nach neamhchoitianta an fhealsúnacht í sin!" arsa an Deargadaol go measúil.

"Sea, tá m'inchinn ar deil go maith inniu," arsa an Fear Bréige agus bród le cloisteáil ina ghlór.

"Má tá sáith bhur scíthe agaibh, mar sin, cuirimis chun bóthair i dtreo na Cathach Iathghlaise," arsa an neach oll-mhéadaithe.

"Ní féidir linn," arsa Tip.

"Bhris an Capall Sábhadóireachta a chos agus ní féidir leis cur chun bóthair.

Agus níl aon adhmaid umainn chun géag nua a dhéanamh dó.

Agus ní féidir linn an capall a fhágáil taobh thiar óir tá an Puimcíncheann chomh righin sna hailt nach mór dó marcaíocht ar a dhroim."

"A leithéid de mhí-ádh!" arsa an Deargadaol de bhéic.

D'fhéach sé go grinn ar an mbuíon ansin agus arsa seisean:

"Má bheidh an Puimcíncheann ag marcaíocht, nach bhféadfaí ceann dá chosa a úsáid chun cos a dhéanamh don chapall a iompraíonn é?

Is dóigh liom go bhfuil an bheirt acu déanta as adhmaid."

"Sin clisteacht duit, *by dad*," arsa an Fear Bréige agus é ag déanamh gairdis leis.

"Nach ait nár chuimhnigh m'inchinn féin air sin fadó riamh! Cuir chun oibre, a Nick dhílis, agus feistigh cosa an Phuimcíncheann den Chapall Sábhadóireachta."

Ní mó ná sásta a bhí Seán leis an smaoineamh sin, ach ghéill sé go mbainfeadh an Fear Coille Stáin a chois de agus go mbearrfaí í ionas go mbeadh sí oiriúnach mar chos chlé don Chapall Sábhadóireachta.

Ní mó ná sásta a bhí an Capall Sábhadóireachta ach oiread leis an obráid, óir bhí sé ag clamhsán go mór faoin 'mbúistéireacht' a bhíos a dhéanamh air ach dúirt sé gur mhór an náire a leithéid de chos a bheith ar Chapall Sábhadóireachta saolta.

"Impím ort a bheith níos tomhaiste le do chuid cainte," arsa an Puimcíncheann go géar.

"Cuimhnigh, mura miste leat, gurb í mo chos féin atá tú a cháineadh."

"Ní féidir liom dearmad a dhéanamh uirthi," arsa an Capall Sábhadóireachta, "óir tá sí chomh scagadh leis an gcuid eile díot."

"Scagach! Mise scagadh!" arsa Seán agus racht feirge air.

"Ná luaigh an focal scagach liomsa!"

"Ach níl cuma ná caoi ort," arsa an capall agus é ag iompú a shúl fadharcáin go fíochmhar.

"Ní fhanann do chloigeann socair, agus ní féidir a dhéanamh amach an ag féachaint romhat nó i do dhiaidh atá tú!"

"A chairde, impím oraibh gan a bheith ag argóint!" arsa an Fear Coille Stáin agus é trína chéile.

"Chun an fhírinne a insint, níl duine againn atá gan locht. Dá bhrí sin cuirimis suas le lochtaí a chéile."

"Moladh den scoth," arsa an Deargadaol go measúil.

"Ní foláir nó go bhfuil croí iontach agat, a chara mhiotalaigh."

"Tá," arsa Nick agus áthas air.

"Is é mo chroí an chuid is fearr díom. Ach cuirimis tús leis an turas anois."

Chuir siad Puimeíncheann an leathchoise ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta, agus cheangail siad dá shuíochán é le cordaí, ionas nach bhféadfadh sé titim de.

Agus ansin, thosaigh siad go léir ag siúl, i ndiaidh an Fhir Bhréige, i dtreo na Cathrach Iathghlaise.



Déanann Mambái Asarlaíocht

Fuair siad amach gan mhoill go raibh an Capall Sábhadóireachta bacach óir bhí a chos nua beagán rófhada.

Dá bhrí sin, bhí orthu stopadh ar feadh tamaill ionas go mbeadh deis ag an bhFear Coille Stáin í a ghearradh lena thua agus ina dhiaidh sin d'imigh an capall leis i bhfad ní ba shaoráidí.

Ach ní raibh an Capall Sábhadóireachta lánsásta fós, áfach.

"Ba mhór an trua é gur bhris mé an chos eile!" ar seisean de ghnúsacht.

"A mhalairt ghlan," arsa an Deargadaol a bhí ag siúl in aice leis, "is amhlaidh a bhí an t-ádh leat. Ní fiú an capall nó go mbristear é."

"Gabh mo leithscéal," arsa Tip, agus racht feirge air óir bhí cion aige ar an gCapall Sábhadóireachta agus ar Sheán araon, "ach i gcead duit, is drochmhargadh é sin agus é seanchaite freisin."

"Mar sin féin, is magadh é," arsa an Deargadaol go diongbháilte, "agus an magadh sin a bhaineann le himeartas focal, measann daoine oilte gur ceart agus gur cóir é."

"Cad atá i gceist agat leis sin?" arsa an Puimcíncheann go dúr.

"Is é atá i gceist agam, a chara dhil," arsa an Deargadaol, "go bhfuil go leor focal i do theanga a bhfuil níos mó ná brí amháin leo, agus nuair a dhéantar magadh le focal ar féidir an dhá bhrí a bhaint as, cruthaítear gur duine cultúrtha agus ardoilte é an t-áilteoir, agus anuas air sin go bhfuil tuiscint iomlán ar an teanga aige."

"Ní chreidim é sin." arsa Tip, go neamhbhalbh. "Is féidir le duine ar bith imeartas focal a dhéanamh."

"Ní féidir," arsa an Deargadaol go tur.

"Bíonn oideachas den chéim is airde de dhíth. An bhfuil oideachas ortsa, a fhir óig?"

"Níl i ndáiríre," arsa Tip.

"Ní féidir leat breithiúnas a thabhairt ar an ábhar mar sin.

Táimse Lán-Oilte agus deirim gur comhartha ard-intleachta é imeartas focal. Cuir i gcás dá mbeinnse ag marcaíocht ar an gCapall Sábhadóireachta seo d'fhéadfaí a rá gurbh é capall an diabhair é, go dtugtar *devil's coach-horse* as Béarla ar an deargadaol.

Lig an Fear Bréige osna mhór as agus stad an Fear Coille Stáin agus d'fhéach sé go cáinteach ar an Deargadaol.

Lig an Capall Sábhadóireachta gnúsacht mhór as ag an am céanna agus chuir an Puimcíncheann a lámh os comhair a bhéil chun a mheangadh gáire a chlúdach óir níorbh fhéidir leis é a athrú.

Ach shiúil an Deargadaol leis go pramsach amhail is go ndúirt sé rud iontach. Ansin arsa an Fear Bréige:

"Chuala mé, a chara na páirte, gur féidir le duine a bheith ró-oilte; agus cé go bhfuil ardmheas agam ar inchinn, beag beann ar a cineál, déanaim amach go bhfuil d'inchinn féin in aimhréidh beagán. Pé scéal é, impím ort guaim a choinneáil le do shár-oiliúint agus tú sa tsochaí seo againne."

"Ní dream aduain ar fad muid," arsa an Fear Coille Stáin, "agus tá croí mór againn."

Ach má thosaíonn do shárchultúr ag silleadh arís -" Níor chríochnaigh sé an abairt agus luasc sé a thua ghlioscarnach chomh míchúramach sin gur tháinig scaoll ar an Deargadaol agus gur chúlaigh sé siar uaidh.

Lean an chuid eile acu orthu ag siúl gan focal a rá, agus tar éis dó dianmhachnamh a dhéanamh ar feadh tamaill, is é a dúirt an Neach Oll-Mhéadaithe de ghlór umhal:

"Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall guaim a choinneáil orm féin."

"Is leor ó Mhór a dícheall," arsa an Fear Bréige go béasach agus ó tharla go raibh dea-bhéasa i réim arís, lean siad orthu ar a dturas.

Nuair a stad siad arís ionas go mbeidh deis ag Tip a scíth a ligean - ba eisean an t-aon duine a dtagadh tuirse air - thug an Fear Coille Stáin go leor poll beag cruinn faoi deara sa mhóinéar féarmhar.

"Ní foláir nó gurb é seo sráidbhaile na Luch Féir," arsa an Fear Bréige.

"Ní fheadar an bhfuil mo sheanchara, Banríon na Luch Féir, sa dúthaigh?"

"Má tá, seans go bhféadfadh sí fónamh orainn," arsa an Fear Bréige agus rith smaoineamh leis.

"Déan iarracht glaoch uirthi, a Nick, a chara."

Leis sin, shéid an Fear Coille Stáin nóta géar ar fheadóg airgid a bhí ar crochadh ar a mhuineál, agus tháinig luch bheag liath amach as poll in aice láimhe láithreach agus tháinig sé chucu gan scáth gan eagla.

Óir tharrtháil an Fear Coille Stáin Banríon na Luch Féir uair amháin agus bhí a fhios ag na luch gur dhuine macánta a bhí ann.

"Móradh dhuit, a Shoilse," arsa Nick go béasach agus é ag labhairt leis an luch. "Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr do shláinte!"

"Tá, go raibh maith agat," arsa an Bhanríon go ciúin. Sheas sí in airde agus bhíothas in ann an choróin bheag órga a fheiceáil ar a ceann.

"An féidir liom fónamh oraibh ar shlí ar bith, a chairde?"

"Is féidir, go deimhin" arsa an Fear Bréige go díocasach.

"Ar mhiste leat é, le do thoil, dá dtabharfainn dosaen luch liom chuig an gCathair Iathghlas?"

"An ngortófar ar shlí ar bith iad?" arsa an Bhanríon agus amhras uirthi.

"Ní dóigh liom é," arsa an Fear Bréige.

"Féadfaidh siad dul i bhfolach sa tuí atá i mo cholainn, agus nuair a thabharfaidh mé an comhartha dóibh - is é sin cnaipí mo sheaicéid a oscailt - ní bheidh le déanamh acu ach teacht amach

agus rith abhaile chomh tapaidh agus is féidir leo.

Ach a ndéanfaidh siad an méid sin, cuideoidh siad liom mo ríocht a fháil ar ais ón Arm Ceannairce a thóg uaim í."

"Más mar sin atá," arsa an Bhanríon, "Ní eiteoidh mé thú.

Nuair a bheidh tú réidh, cuirfidh mé fios ar dháréag géillsineach an-éirimiúil."

"Táim réidh anois," arsa an Fear Bréige.

Luigh sé siar ar fhleasc a dhroma ar an talamh ansin agus d'oscail sé cnaipí a sheaicéid agus chonacthas meall mór tuí faoi.

Rinne an Bhanríon glao bíogtha agus i bhfaiteadh na súl tháinig dháréag luch féir amach as poill agus sheas siad os comhair na Banríona agus iad ag feitheamh ar orduithe.

Níor thuig duine ar bith den bhuíon taistil a ndúirt an Bhanríon leis na lucha, óir labhair sí as Luchais, ach rinne na lucha rud uirthi láithreach, agus rith siad i ndiaidh a chéile chuig an bhFear Bréige agus chuaigh siad i bhfolach sa tuí a bhí ina chliabhrrach.

Nuair a bhí an dáréag luch i bhfolach, dhún an Fear Bréige cnaipí a sheaicéid go daingean agus d'éirigh sé ina sheasamh agus ghabh sé buíochas leis an mBanríon as a cineáltas.

"Ar mhiste leat aon rud amháin eile a dhéanamh dúinn," arsa an Fear Coille Stáin. "Is é sin rith chun tosaigh orainn agus an bealach chuig an gCathair Iathghlas a thaispeáint dúinn.

Óir tá namhaid éigin ag iarraidh cosc a chur orainn an áit a bhaint amach."

"Déanfaidh mé é sin agus fáilte," arsa an Bhanríon.

"An bhfuil sibh réidh?"

D'fhéach an Fear Coille Stáin ar Tip.



CHUAIGH SIAD I BHFOLACH I DTUÍ AN FHIR BHRÉIGE

"Tá mo scíth ligthe agam," arsa an buachaill. "Imímis."

Lean siad orthu ar a dturas ansin agus Banríon bheag liath na Luch Féir ag rith léi amach rompu agus ag stad agus a feitheamh orthu breith uirthi agus ag imeacht arís de ruathar.

Gan an treoraí cúramach sin seans nach mbaineadh an Fear Bréige agus a chomrádaithe an Chathair Iathghlas amach in aon chor, óir ba mhó bac a chuir Mambaí rompu lena cuid asarlaíochta.

Ach ní raibh aon cheann ar bith de na bacainní sin ann i ndáiríre - is amhlaidh gur chleasaíocht ar fad a bhí ann.

Nuair a tháinig siar ar bhruach abhann a raibh flosc uisce inti agus gan deis acu dul trasna is amhlaidh gur lean an Bhanríon bheag uirthi tríd an tuile gan tuisle, agus lean na taistealaithe í gan oiread is braon uisce a bhrath.

Ansin bhí balla ard eibhir ina sheasamh go hard os a gcomhair amach.

Ach shiúil an Luch Féir liath díreach tríd, agus rinne an chuid eile acu amhlaidh, agus ba chosúil gur scaip an balla mar a scaipfeadh ceo agus iad ag dul tríd.

Ina dhiaidh sin arís, nuair a stad siad chun deis a thabhairt do Tip a scíth a ligean, chonaic siad daichead bóthar ag imeacht daichead treo óna gcosa, agus níorbh fhada gur thosaigh an daichead bóthar seo ag guairneáil mar a bheadh roth mór. Chas siad treo amháin ar dtús agus treo eile ansin, agus níorbh fhada go raibh speabhraídí orthu.

Ach dúirt an Bhanríon leo í a leanúint agus d'imigh sí léi de ruathar agus tar éis dóibh imeacht cúpla slat ní raibh tásc na

tuairisc ar na bóithre guairneáin.

Ba é cleas deireanach Mhambaí an cleas ba scanrúla díobh go léir.

Sheol sí bladhm mhór chnagarnach thine trasna an mhóinéir chun iad a shlogadh agus den chéad uair tháinig sceimhle ar an bhFear Bréige agus thiontaigh sé ar a shála agus é ar tí rith.

"Má bhaineann an tine amach mé beidh deireadh liom i bhFaiteadh na súl!" ar seisean agus go critheaglach agus an tuí ag cnagadh istigh ann.

"Is é seo an rud ba chontúirtí a thit amach dom riamh."

"Teithfidh mise chomh maith!" arsa an Capall Sábhadóireachta agus é ag tiontú agus

ag pramsáil go himníoch, "óir tá mo chuidse adhmaid chomh tirim sin go loiscfí ar an toirt mé."

"An bhféadfadh tine dochar a dhéanamh do phuimcíní?" arsa Seán go himníoch.



"Bácálfar thú mar a bheadh pióg - agus mise in éineacht leat!" arsa an Deargadaol agus é an cromadh síos ar a chosa agus a lámha ionas go bhféadfadh sé rith ní ba thapúla.

Ach de bhrí nach raibh aon eagla tine ar an bhFear Coille Stáin, choinnigh sé guaim ar a chompánaigh ach labhairt go stuama leo.

"Féachaigí ar an Luch Féir!" ar seisean.

"Níl an tine á dó beag ná mór.

Leoga, níl tine dá laghad ann; níl ann ach cleasaíocht."

Nuair a chonaic siad an Bhanríon bheag an siúl go réchúiseach tríd na lasracha a bhí ag teacht ina dtreo, chruinnigh siad a misneach agus lean siad í gan loscadh gan dó.

"Is é seo an eachtra is iontaí riamh," arsa an Deargadaol a raibh ionadh an domhain air, "óir sáraíonn sé gach Dlí Dúlra a chuala mé an tOllamh Uileolais a theagasc sa teach scoile."

"Sáraíonn gan amhras," arsa an Fear Bréige go stuama.

"Tá an draíodóireacht uile mínádúrtha, agus dá bhrí sin ní mór í a sheachaint agus a bheith faiteach roimpi.

Ach feicim geataí na Cathrach Iathghlaise os ár gcomhair, agus is dóigh liom go bhfuil na constaicí draíochta go léir a chuireadh romhainn curtha dinn againn."

Go deimhin, bhí ballaí na Cathrach le feiceáil go soiléir, agus tháinig Banríon na Luch Féir, a thug ann go slán sábháilte iad, tháinig sí anall chun slán a fhágáil acu.

"Táimid an-bhuíoch duit, a Shoilse, as do chúnamh," arsa an Fear Coille Stáin agus é ag umhlú roimh an ainmhí álainn.

"Bíonn áthas orm i gcónaí fónamh ar mo chairde," arsa an Bhanríon agus i bhfaiteadh na súl rith sí léi i dtreo an bhaile.





Príosúnaigh na **Banríona**

Agus iad ag teacht chuig geata na Cathrach Iathghlaise chonaic na taistealaithe go raibh beirt chailíní de chuid an Airm Cheannairce á chosaint agus chuir siad stop leo ach a mbioráin chniotála a tharraingt amach as a gcuid gruaige agus an chéad duine a dhruid leo a phriocadh leo.

Ach ní raibh eagla ar an bhFear Coille Stáin.

"Is é an rud is measa a tharlódh dom, go scríobfaidís mo nicilphláta aoibhinn," ar seisean. "Ach ní bheidh aon 'rud is measa' ann óir is dóigh liom gur féidir liom eagla a chur ar na saighdiúirí gan deallramh seo. Leagaigí go léir mise go dlúth!"

Ansin agus é ag luascadh a thua i gciorcal mór ar dheis agus ar chlé os a chomhair amach, mháirseáil sé chun an gheata, agus lean an chuid eile acu é gan cheist.

Bhí na cailíní, nach raibh súil go gcuirfeadh éinne ina gcoinne, sceimhlithe nuair a chonaic siad an tua ghlioscarnach á luascadh agus theith siad leo isteach sa chathair agus iad ag liúireach.

Dá bhrí sin, chuaigh na taistealaithe isteach go sábháilte tríd an ngeata agus mháirseáil siad síos sr id na mbrící glasa marmair i dtreo phálás an rí.

"Má leanaimid orainn mar seo, ní fada go mbeidh tusa, a Shoilse, i do ríchathaoir arís," arsa an Fear Coille Stáin agus gáire á dhéanamh aige leis an gcaoi ar chloígh siad na gardaí.

"Go raibh maith agat, a Nick, a chara," arsa an Fear Bréige go buíoch.

"Ní féidir le rud seasamh i gcoinne do thua géire agus do chroí chineálta."

Agus iad ag siúl thar na sraitheanna tithe chonaic siad trí na doirse go raibh fir ag scuabadh agus ag glanadh agus ag níochán, agus go raibh na mná ina suí ina mbaiclí agus iad ag cadráil agus ag gáirí.

"Cad a tharla?" arsa an Fear Bréige le fear dobhrónach a raibh féasóg ghiobach aige agus a bhí ag caitheamh naprúin agus ag brú naíochóiste roimhe ar an gcosán.

"Nuathair, bhí éirí amach ann, a Shoilse, faoi mar is eol duitse go maith," arsa an fear, "agus ó d'imigh tú tá na mná i gceannas agus ag déanamh rudaí mar is mian leo féin.

Tá an-áthas orm gur bheartaigh tú ar theacht ar ais agus rudaí a chur ina gceart arís, óir tá an dioscáireacht agus an fheighlíocht leanaí ag idiú neart na bhfear go léir sa Chathair Iathghlas."

"Hm!" arsa an Fear Bréige, go tuisceanach. "Ma tá an obair chomh crua sin agus a deir tú, conas a bhí na mná in ann í a dhéanamh chomh héasca sin?"

"Níl a fhios agam ó thalamh an domhain," arsa an fear agus osna chléibh á ligean aige.

"Sean gurb as iarann teilgte a dhéantar na mná."
Ní dhearnadh gluaiseacht ar bith a chuirfeadh cosc leo agus iad ag imeacht leo ar feadh na sráide.

Chuireadh roinnt de na mná stop lena gcuid béadáin sách fada chun sracfhéachaint fhiosrach a thabhairt ar na taistealaithe, ach ligidís gáire astu agus leanaidís orthu lena gcuid cadrála arís.

Agus nuair a casadh roinnt cailíní ón Arm Ceannairce orthu, is amhlaidh a sheas na saighdiúirí sin siar as a mbealach, gan iontas ná alltacht orthu, agus lig siad dóibh leanúint orthu gan cur ina gcoinne.

Chuir sé sin inní ar an bhFear Bréige. "Tá inní orm go bhfuil siad chun bob a bhualadh orainn," ar seisean.

"Seafóid!" arsa Nick Chopper go diongbháilte, "tá na hóinseacha cloíte againn cheana féin!"

Ach chroith an Fear Bréige a cheann ar bhealach a thug le fios go raibh amhras air ag s arsa i sé i bh ad ró h ras a. í san airdeall ar hrioblóid.

"Beidh," arsa an Fear Bréige.



TÁ SÉ I BHFAD RÓ-FHURASTA

Bhain siad pálás an rí amach gan aon chur ina gcoinne agus mháirseáil siad suas na céimeanna marmair, a bhíodh maisithe le smaragaidí tráth ach a bhí lán de phoill bheaga anois mar a raibh na seoda a stoith an Arm Ceannairce gan taise gan trócaire. Ní raibh ceannaircí ar bith rompu fós a chuirfeadh cosc leo.

Mháirseáil an Fear Coille Stáin agus a bhuíon isteach trí na hallaí stuacha agus isteach i seomra iontach na ríchathaoireach. Nuair a chuaigh siad isteach tríd na cuirtíní glasa síoda, chonaic siad radharc aisteach.

Bhí an Ginearál Jinjur ina suí ar an ríchathaoir ghlioscarnach agus bhí an choróin ba leathfhearr de chuid an Fhir Bhréige ar a cloigeann aici agus an ríshlat ina lámh dheis aici.

Bhí bosca caramal ar a glúine aici agus bhí sí ag ithe léi as, agus bhí an chuma uirthi go raibh sí ar a suaimhneas sa timpeallacht ríoga sin.

Sheas an Fear Bréige amach roimpi, leag an Fear Coille Stáin a thua síos agus leag sé a dhá lámh ar bharr na sáfaí agus sheas an chuid eile acu ina leathchiorcal laistiar dá shoilse.

"Nach ionatsa atá an dánaíocht suí ar mo ríchathaoir," arsa an Fear Bréige go diongbháilte agus é ag stánadh ar an ionraitheoir.

"Nach eol duit go bhfuil tréas déanta agat, agus go bhfuil dlí i gcoinne an tréasa?"

"An té ar féidir leis an ríchathaoir a ghabháil, is léi-se í," arsa Jinjur agus í ag ithe caramail eile go mall réidh.

"Ghabh mise í, mar a fheiceann tú; mar sin is mise an Bhanríon anois agus duine ar bith a chuireann i mo choinne, déanann siad tréas, agus ní mór pionós a ghearradh orthu de réir an dlí mar a deir tú."

Chuir an léamh sin ar an gcás mearbhall ar an bhFear Bréige.

"Cad déarfá, a Nick, a chara?" ar seisean agus é ag tiontú i dtreo an Fhir Choille Stáin.

"Ní aon ní le rá agamsa maidir le cúrsaí dlí," ar seisean,

"óir ní dhéantar dlíthe ionas go dtuigfí iad, agus b'amaideach an mhaise domsa iarracht a dhéanamh."

"Cad a dhéanfaimid, mar sin?" arsa an Fear Bréige go díomách.

"Nach bpósfá an Bhanríon? Beidh an bheirt agaibh i gceannas ansin," arsa an Deargadaol.

Stán Jinjur go géar ar an bhfeithid.

"Nach gcuirfeá ar ais chun a máthar í, san áit is dual di?" arsa Seán Puimcíncheann.

Chuir Jinjur púic uirthi féin.

"Nach gcuirfeá isteach sa chófra í nó go ngeallfaidh sí go mbeidh sí go maith?" arsa Tip.

Chuir Jinjur meill uirthi féin.

"Nó croitheadh maith a bhaint aisti!" arsa an Capall Sábhadóireachta.

"No," arsa an Fear Coille Stáin, "ní mór dúinn caitheamh go cneasta leis an gcailín. Tugaimis a oiread seod di agus is féidir léi a thabhairt léi agus imíodh sí go sona sásta.

Lig an Bhanríon Jinjur scairt g irí aisti os ard agus ansin bhuail sí a bosa áille le chéile faoi thrí, amhail is go raibh comhartha á dhéanamh aici.

"Is aisteach an dream sibh," ar seisean, "ach táim tinn tuirseach den amaidí seo agus níl aon am agam a bheith ag cur suas libh a thuilleadh."



BHÍ AN GINEARÁL JINJUR INA SUÍ AR AN RÍCHATHAOIR

Fad a bhí an rí agus a chairde ag éisteacht le hiontas leis an gcaint shotalach sin, thar rud an-aisteach.

Sciob duine a bhí laistiar den Fhear Coille Stáin an tua as a lámh de gheit agus b'iúd ansin é gan uirlis gan bhrí.

Ag an am céanna chuala an bhuíon scairteadh gáire agus nuair a thiontaigh siad ina threo chonaic siad go raibh an Arm Ceannairce umpu agus bioráin chniotála ghlioscarnacha ina lámha ag na cailíní.

Bhí seomra na ríchathaoireach lán leis na ceannaircithe, agus thuig an Fear Bréige agus a chairde go raibh siad ina bpríosúnaigh.

"Is amaideach an mhaise é cur i gcoinne ghliceas na mban," arsa Jinjur go meidhreach, "agus léiríonn an méid a tharla anseo gur fearr i bhfad mise ná an Fear Bréige chun an Chathair Iathghlas a rialú.

Níl aon olc agam daoibh, ach ar eagla go gcruthóidh sibh trioblóid dom amach anseo, ordóidh mé go gcuirfí deireadh libh go léir.

Seachas an buachaill, ar le Mambaí é agus nár mhór é a thabhairt ar ais di.

Níl an chuid eile agaibh daonna, agus dá bhrí sin ní haon olcas é sibhse a bhaint ó chéile.

Gearrfar an Capall Sábhadóireachta agus colainn an Phuimeínchinn ina n-ábhar tine, agus déanfar pióga den phuimeín.

Beidh an Fear Bréige breá áisiúil chun tine chnámh a thosú agus is féidir an fear stáin a ghearradh ina phíosáí beaga agus a

thabhairt do na gabhair.

Maidir leis an Deargadaol ollmhór seo -"

"Oll-Mhéadaithe, mura miste leat!" arsa an fheithid.

"Seans go n-iarrfaidh mé ar an gcócaire anraith turtair ghlais a dhéanamh díot," arsa an Bhanríon agus í ag machnamh.

Tháinig crith eagla ar an Deargadaol.

"Nó mura féidir é sin a dhéanamh, d'fhéadfaimis gúláis Ungárach a dhéanamh agus bheadh stobhach breá spíosrach againn," ar sise go cruálach.

Bhí na bearta scriosta chomh huafásach sin gur fhéach na príosúnaigh ar a chéile i agus scaoll orthu.

Ba é an Fear Bréige amháin nár thit isteach in umar na haimléise.

Sheas sé go ciúin os comhair na Banríona agus bhí a chlár éadain rocach agus é ag iarraidh smaoineamh ar bhealach éalaithe.

Agus é sin á dhéanamh aige, mhothaigh sé an tuí a bhí ina bhrollach ag bogadh go deas réidh.

Tháinig áthas air láithreach, d'ardaigh sé a lámh agus d'oscail sé cnaipí a sheaicéid.

Má rinne, ní i ngan fhios don bhaicle cailíní a bhí uime a rinne sé é, ach ní raibh a fhios ag éinne acu a raibh ar bun aige nó gur léim luch bheag liath óna bhrollach amach ar an urlár agus gur rith sé leis idir cosa an Airm Cheannairce.

Tháinig luch eile go gasta ina dhiaidh; ansin ceann eile agus ceann eile fós i ndiaidh a chéile.



Agus lig an tArm liú uafáis as chomh hobann sin go gcuirfeadh sé scaoll ar an gcroí ba chróga.

Níorbh fhada go raibh sé ina liútar éatar agus ina fhuascar scaoill.

Agus na lucha scanraithe ag rith leo de ruathar ar fud an tseomra, chonaic an Fear Bréige guairneáil sciortaí agus fuadar cos agus na cailíní ag teitheadh leo ón bpálás - iad ag brú agus ag sá a chéile agus iad ag iarraidh éalú.

Sheas an Bhanríon in airde ar ch isíní na ríchathaoireach agus thosaigh sí ag pocléim ar mire ar a barraicíní.

Ansin, rith luch suas na cúisíní agus thug Jinjur pocléim sceimhlithe os cionn chloigeann an Fhir Bhréige agus thug sí an cosa léi trí an stuabhealach, gan stad gan cónaí a dhéanamh nó gur bhain sí geataí na cathrach amach.

Dá bhrí sin, tréigeadh seomra na ríchathaoireach, i bhfaiteadh na súl, go dtí nach raibh fágtha ann ach an Fear Bréige agus a chairde, agus lig an Deargadaol osna chléibh faoisimh as agus arsa seisean:

"Táimid slán, buíochas le Dia!"

"Tá, faoi láthair pé scéal é," arsa an Fear Coille Stáin.

"Ach tiocfaidh an namhaid ar ais gan mhoill, is eagal liom."

"Cuirimis bac ar gach bealach isteach chuig an bpálás!" arsa an Fear Bréige.

"Beidh am againn ansin machnamh a dhéanamh ar an rud is fearr a dhéanfaimis."

Leis sin, rith gach éinne, seachas Seán Puimcíncheann, a bhí i gceangal do daingean den Chapall Sábhadóireachta fós, chuig

bealaí isteach difriúla phálás an rí agus dhún siad na doirse móra troma agus chuir siad faoi ghlas iad.

Ansin, agus a fhios acu nach bhféadfadh an tArm Ceannairce na bacainní a bhriseadh go ceann roinnt laethanta, tháinig na taistealaithe le chéile arís i seomra na ríchathaoireach mar a raibh comhairle chogaidh acu.





Déanann an Fear Bréige a Mharana

"Dar liomsa," arsa an Fear Bréige nuair a bhí siad go léir le chéile arís i seomra na ríchathaoireach, "go bhfuil an ceart ag an gcaillín Jinjur nuair a deir sí gurb íse an Bhanríon. Agus má tá an ceart aici, táimse mícheart, agus níl aon ghnó againne a bheith anseo sa phálás."

"Ach ba thusa an Rí sular tháinig sise," arsa an Deargadaol agus é ag siúl anonn agus anall agus a lámha ina phócaí aige, "agus, dar liomsa, is íse an t-éan corr, ní thusa."

"Go háirithe tar éis dúinn an lámh in uachtar a fháil uirthi agus í a ruaigeadh," arsa an puimcíncheann agus é ag ardú a lámh chun a aghaidh a chasadh i dtreo an Fhir Bhréige.

"An bhfuaireamar an lámh in uachtar uirthi i ndáiríre?" arsa an Fear Bréige go séimh.


"Féachaigí amach an fhuinneog agus insígí dom a bhfeiceann sibh."

Rith Tip anonn chuig an bhfuinneog agus d'fhéach sé amach.

"Tá saighdiúirí cailíní um an bpálás ina sraitheanna dúbailte," ar seisean.

"Sin a mheas mé," arsa an Fear Bréige.

"Táimid inár bpríosúnaigh acu i ndáiríre faoi mar a bhíomar sular chuir na luchá an ruaig orthu ón bpálás."



"Tá an ceart ag mo chara," arsa Nick Chopper, a bhí ag cur snasa ar a bhrollach le píosa leathair sheamaí.

"Is í Jinjur an Bhanríon fós, agus is sinne a príosúnaigh."

"Ach tá súil agam nach féidir léi teach chomh fada linn," arsa an Puimcíncheann agus crith eagla air.

"Bhagair sí go ndéanfadh sí pióga díom, bíodh a fhios agat."

"Ná bí buartha," arsa an Fear Coille Stáin.

"Is beag an difear é."

Má fh gann tú faoi ghlas anseo millfear thú le himeacht ama pé scéal é.

Is fearr i bhfad pióg mhaith ná intleacht lofa."

"Is fíor d irt," arsa an Fear Bréige.

"Ó, a thiarcais!" arsa Seán de chlamhsán, "nach mór an trua mé! Cén fáth nach ndearna tú as stán mé - nó as tuí fiú - ionas go mbeadh seasmhacht ionam."

"Dheara!" arsa Tip go díomúch.

"Ba cheart go mbeifeá sásta go ndearna mé tú in aon chor thú.

Dá fhad í an lá, tagann an oíche," ar seisean agus é ag machnamh.

"Cuirim i gcuimhne duit," arsa an Deargadaol a raibh cuma na himní ina shúile móra cruinne bolgacha, "gur mhol an Bhanríon uafásach sin Jinjur go ndéanfaí gúlais díom - díomsa! An t-aon Deargadaol Oll-Mhéadaithe agus Lán-Oilte ar dhroim an domhain mhóir!"

"Is dóigh liom féin gur smaoineamh iontach a bhí ann," arsa an Fear Bréige.

"Nach dóigh leat gurbh fhearr ina anraith é?" arsa an Fear Coille Stáin agus é ag tiontú i dtreo a chairde.

"B'fhéidir é," arsa an Fear Bréige.

Lig an Deargadaol gnúsacht as.

"Is féidir liom a fheiceáil i m'intinn istigh," ar seisean go dólásach, "na gabhair ag ithe píosáí beaga de mo chomrádaí, an Fear Coille Stáin, a fhaid atá m'anraith á chócaráil ar thine chnámh a rinneadh as an Capall Sábhadóireachta agus as colainn an Phuimpíncheann, agus an Bhanríon Jinjur ag féachaint orm

agus mé ar fiuchadh agus í ag adhaint na tine le mo chara an Fear Bréige!"

Chuir an pictiúr duairceas sin do bhrón ar an mbuíon go léir agus tháinig inní agus critheagla orthu.

"Ní tharlóidh sé go ceann tamaill," arsa an Fear Coille Stáin agus é ag iarraidh labhairt go suáilceach, "óir beimid in ann Jinjur a choinneáil amach as an bpálás go dtí go n-éireoidh léi na doirse a bhriseadh."

"Agus idir an dá linn tá baol ann go bhfaighidh mé bás leis an ocras agus an Deargadaol in éineacht liom," arsa Tip.

"Maidir liomsa," arsa an Deargadaol, "d'fhéadfainn maireachtáil ar feadh tamaillín ar Sheán Puimcíncheann.

Ní hé gurb iad puimcíní is ansa liom mar bhia, ach is dóigh liom go bhfuil siad sách cothaitheach, agus tá cloigeann Sheáin mór agus méith."

"A leithéid de chrua-chroí!" arsa an Fear Coille Stáin agus stangadh bainte as. "An canablaigh muid? Nó an bhfuilimid dílis dár gcairde?"

"Tuigim go rímhaith nach féidir linn fanacht faoi iamh sa phálás seo," arsa an Fear Bréige go diongbháilte.

"Cuirimis deireadh leis an gcaint bhrónach seo agus déanaimis iarracht teacht ar bhealach éalaithe."

Ach a ndúirt sé é sin chruinnigh siad go léir le chéile um an ríchathaoir, mar a raibh an Fear Bréige ina shuí, agus a fhaid a bhí Tip ag suí síos ar stól thit an boiscín as a phóca agus rinne sé guairneán ar an urlár.



CHUIR SÉ SIN DUAIRCEAS SIN DOBHRÓN AR AN MBUIÓN
GO LÉIR

"Cad é seo?" arsa Nick Chopper agus é ag baint an bosca den urlár.

"Seachain!" arsa an buachaill. "Sin é Púdar na Beatha. Ná doirt é, óir is beag de atá fágtha."

"Cad is Púdar na Beatha ann?" arsa an Fear Bréige agus Tip ag cur an bhosca ar ais isteach ina phóca go cúramach.

"Is stuif draíochtach é a fuair Mambaí ó asarlaí drochbheartach," arsa an buachaill.

"Chuir sí beocht i Seán leis, agus ina dhiaidh sin d'úsáid mé é chun an beocht a chur sa Chapall Sábhadóireachta. Is dóigh liom go gcuirfidh sé beocht i rud ar bith ar a gcroitear é, ach níl ach aon iarracht amháin eile fágtha."

"Tá sé ríluachmhar, mar sin!" arsa an Fear Coille Stáin.

"Tá go deimhin," arsa an Fear Bréige.

"Seans go gcabhróidh sé linn éalú ón bponc ina bhfuilimid. Táim chun mo mharana a dhéanamh ar feadh cúpla nóiméad agus bheinn an-bhuíoch díot, a Tip, a chara, ach go scian phóca a bhaint amach agus an choróin throm seo a bhaint de mo chloigeann."

Níorbh fhada gur ghearr Tip na snáitheanna



a bhí ag ceangal choróin an Fhir Bhréige dá chloigeann, agus bhain iar-Rí na Cathrach Iathghlas an choróin de, lig sé osna faoisimh as agus chroch sé ar phionna in aice na ríchathaoireach í.

"Sin é comhartha deiridh na ríogachta," ar seisean, "agus táim sásta é a bhaint díom. Ghéill iar-Rí na Cathrach seo, darbh ainm dó Pastoria, an choróin don Asarlaí Oscartha agus thug seisean domsa í. Deir an cailín Jinjur gur léi anois í, agus tá súil agam nach dtabharfaidh sé tinneas cinn di."

"Nach deas uait é sin," arsa an Fear Coille Stáin agus é ag sméideadh a chinn.

"Déanfaidh mé mo mhachnamh faoi chiúnas anois," arsa an Fear Bréige agus é ag luí siar sa ríchathaoir.

Agus ní raibh gíog ná míog as an gcuid eile acu agus iad ag iarraidh gan cur isteach air, óir bhí muinín mhór ag cách as meabhair chinn iontach an Fhir Bhréige.

Tar éis tamall an-fhada go deo, dar leo-san a bhí ag féachaint air, shuigh an fear bréige machnamhach aniar sa chathaoir agus d'fhéach sé ar a chairde agus arsa seisean:

"Tá meabhair mo chinn go hiontach ar fad inniu. Táim an-bhródúil aisti. Éistígí liom anois! Má dhéanaimid iarracht éalú trí dhoirse an pháláis, is cinnte go mbéarfar orainn. Agus ós rud é nach féidir éalú trí an talamh, níl ach rud amháin eile is féidir a dhéanamh. Ní mór dúinn éalú tríd an aer!"

Ghlac sé sos féachaint ar cheap an chuid eile acu faoin bplean sin, ach bhí cuma an iontais agus an mhearbhaill orthu go léir.

"D'éalaigh an tAsarlaí Oscartha i mbalún," ar seisean.

"Níl a fhios againn conas balún a dhéanamh, gan amhras, ach is

féidir le rud ar bith atá in ann eitilt tríd an aer muid a iompar go héasca. Molaimse, mar sin, go ndéanfadh mo chara an Fear Coille Stáin, ar meicneoir tréitheach é, meaisín de chineál éigin, ag a mbeidh sciatháin láidre, a bheidh in ann muid a iompar. Ansin, is féidir lenár gcara Tip beocht a thabhairt don rud sin lena phúdar draíochta."

"Mo cheol thú!" arsa Nick Chopper.

"Ach agatsa atá an mheabhair chinn!" arsa Seán.

"Nach cliste!" arsa an Deargadaol Oilte.

"Creidim gur féidir é a dhéanamh," arsa Tip, "is é sin, má tá an Fear Coille Stáin in ann an Rud a dhéanamh."

"Déanfaidh mé mo dhícheall," arsa Nick go meidhreach, "agus, mar eolas daoibh, ní minic a chliseann orm nuair a dhéanaim mo dhícheall. Ach níor mhór an Rud a thógáil ar dhíon an pháláis ionas gur féidir leis éirí in airde san aer."

"Go deimhin," arsa an Fear Bréige.

"Cuardaímis an pálás mar sin," arsa an Fear Coille Stáin, "agus tugaimis an t-ábhar go léir a aimseoidimid chuig an díon, agus cuirfidh mise chun oibre."

"Ar an gcéad dul síos, áfach," arsa an Puimcíncheann, "impím oraibh mo scaoileadh saor ó dhroim an chapail seo agus cos eile a dhéanamh dom. Óir sa riocht ina bhfuilim faoi láthair, is beag úsáid atá liom dom féin gan trácht ar d'éinne eile."

Leis sin, bhain an Fear Coille Stáin tábla mahagaine ó chéile lena thua agus d'fheistigh sé ceann de na cosa, a bhí snoite go haoibhinn, de cholainn Sheáin Phuimcíncheann, a bhí an-bhródúil as an mball nua.

"Nach aisteach an rud é," ar seisean agus é ag faire ar an bhFear Coille Stáin agus é i mbun oibre, "gurb í mo chos chlé an chuid is galánta agus téagartha díom."

"Is cruthú é an méid sin go bhfuil tú neamhghnách," arsa an Fear Bréige.

"Agus táim cinnte gurb iad na daoine neamhghnácha na daoine is fearr agus is suntasaí sa saol seo. Óir tá gnáthdhaoine ar nós na nduilleog ar chrann - tagann siad agus imíonn siad i ngan fhios."

"Níl aon oidhre ort ach fealsúnaí," arsa an Deargadaol de bhéic agus é ag tabhairt lámh chúnta don Fhear Coille Stáin Seán a chur ar a chosa.

"Conas a bhraitheann tú anois?" arsa Tip agus é ag féachaint ar an bPuimcíncheann ag satailt leis agus é ag baint trialach as a chos nua."

"Chomh maith is a bhí mé riamh," arsa Seán go sona sásta, "agus breá réidh lámh chúnta a thabhairt daoibh go léir éalú."

"Cuirimis chun oibre, mar sin," arsa an Fear Bréige de ghlór diongbháilte.

Dá bhrí sin, agus iad breá sásta a bheith ag déanamh rud ar bith a chuirfeadh deireadh lena bpríosúnacht, scaip na cairde óna chéile agus chuaigh siad ar fud an pháláis féachaint an dtiocfaidís ar ábhar a bheadh oiriúnach chun an meaisín eitilte a chur le chéile.







Eitilt Éachtach an Ghump

Nuair a tháinig na taistealaithe ar ais le chéile ar an díon fuarthas amach gur roghnaigh siad earraí iontacha aisteacha de gach cineál.

Ní raibh a fhios ag éinne acu i ndáiríre a raibh ag teastáil, ach thug siad go léir rud éigin leo.

Ba é a thug an Deargadaol leis cloigeann Gump a bhí ar crochadh os cionn an mhatail sa halla mór, cloigeann a raibh adharca móra fairsinge air. Thug an fheithid leis é go cúramach, in ainneoin an dua a bhain leis, in airde chuig an díon.

Bhí an Gump seo mar a bheadh cloigeann fia mhóir, ach amháin go raibh a chaincín casta in airde agus go raibh meigeall air mar a bheadh ar phocán gabhair.

Níorbh fhéidir leis an Deargadaol a mhíniú cén fáth go díreach a roghnaigh sé an rud áirithe sin, ach amháin le teann fiosrachta.

Ba é a thug Tip leis, le cúnamh an Chapail Sábhadóireachta, tolg mór. Ball troscáin seanfhaiseanta a bhí ann, a raibh cúl ard aige, agus a bhí chomh trom sin go raibh saothar ar an mbuachaill nuair a caitheadh an tolg ar an díon in ainneoin go raibh an chuid ba throime de ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta fan bhealaigh in airde.

Thug an Puimcíncheann scuab leis, ó tharla gurbh é sin an chéad rud a chonaic sé.

Ba é a thug an Fear Bréige leis spól líne éadaí agus rópaí a fuair sé sa chlós, agus le linn dó a bheith ag teacht aníos an staighre chuaigh sé i bhfostú sna codanna sin de na rópaí a bhí ar liobarna agus thit an t-ualach uaidh agus é sin ina gcnapán ar an díon agus thiteadh sé den díon ar fad murach gur tharrtháil Tip é.

Tháinig an Fear Coille Stáin i ndeireadh na dála.

Bhí seisean sa chlós chomh maith, áit ar bhain sé ceithre dhuilleog mhóra leathana de chrann pailme a raibh muintir uile na Cathrach Iathghlaise bródúil as.

"A Nick dhil!" arsa an Fear Bréige agus iontas air lena ndearna a chara, "tá tú ciontach sa choir is mó is féidir le duine ar bith a dhéanamh sa Chathair Iathghlas. Más buan mo chuimhne, is é an pionós a ghearrtar as duilleoga a bhaint de chrann pailme an rí an ciontaí a chur chun báis seacht n-uaire agus tréimhse phríosúin saoil ina dhiaidh sin.

"Níl aon neart agam air sin anois," arsa an Fear Coille Stáin agus na duilleoga móra á gcaitheamh ar an díon aige.



THUG SIAD GO LÉIR RUD ÉIGIN CHUIG AN DÍON

"Ach seans gur cúis eile é ar cheart dúinn éalú ón áit seo. Fan go bhfeice mé anois cé na rudaí a fuair sibh do mo chuid oibre."

Bhíothas ag féachaint go hamhrasach ar mheall mór an ábhair éagsúil a bhí caite ar an díon, agus i ndeireadh na dála chroith an Fear Bréige a cheann agus arsa seisean:

"Bhuel, má éiríonn le mo chara Nick Rud a dhéanamh as an gcarn earraí gan mhaith seo, Rud a eitleoidh trí an aer agus a thabharfaidh gach duine againn leis go slán sábháilte, admhóidh mise gur fearr de mheicneoir é ná mar a cheap mé."

Ach bhí an chuma ar an bhFear Coille Stáin nach raibh muinín rómhór aige as a chumas féin agus níor thug sé faoin obair go dtí go raibh a bhaithis snasta go maith aige le leathar seamaí.

"Is é an chéad rud a bheidh de dhíth don meaisín seo," ar seisean, "cabhail a bheidh sách mór chun an bhuíon go léir a iompar. Is é an tolg seo an rud is mó atá againn agus d'fhéadfaí é a úsáid don chabhail. Ach dá n-iompódh an meaisín ar a thaobh, shleamhnóimis go léir de agus thitfimis chun talún."

"Nach bhféadfaí dá tholg a ús id?" arsa Tip.

"Tá ceann eile dá leithéid chéanna thíos staighre."

"Is breá stuama an moladh é sin," arsa an Fear Coille Stáin.

"Ní mór duit an tolg eile a fháil anois díreach."

Ansin, thug Tip agus an Capall Sábhadóireachta, ní gan dua, an dara tolg chun an dín, agus cuireadh an dá cheann acu le chéile ionas go mbeadh na cúil agus na taobhanna mar a bheadh ballaí timpeall ar na suíocháin sa lár.

"Ar fheabhas," arsa an Fear Bréige de bhéic.

"Is féidir linn marcaíocht go socair sábháilte sa nead chluthair seo."

Ceanglaíodh an dá thog go daingean lena chéile le rópaí agus leis an líne éadaí, agus ansin cheangail Nick Chopper cloigeann an Ghump de thaobh amháin.

"Taispeánfaidh sé seo dúinn cén taobh é tosach an Ruda," ar seisean agus é breá sásta leis féin.

"Agus is breá an dealbh tosaigh é an Gump nuair a fhéachann tú air. Úsáidimid na duilleoga móra pailme seo, dár chuir mé mo bheatha i mbaol seacht n-uaire, mar a bheadh sciatháin."

"An bhfuil siad sách láidir?" arsa an buachaill.

"Tá siad chomh láidir le rud ar bith is féidir linn a aimsiú," arsa an Fear Coille, "agus cé nach bhfuil a méid i gcomhréir le colainn an Ruda, ní féidir linn clamhsán a dhéanamh."

Leis sin, feistíodh na duilleoga pailme den tolg - péire acu ar an dá thaobh de.

Ansin, arsa an Deargadaol go moltach:

"Tá an Rud críochnaithe anois, agus níl le déanamh ach beocht a chur ann."

"Fan bog!" arsa Seán.

"Nach bhfuil sibh chun úsáid a bhaint as mo scuab?"

"Cad chuige?" arsa an Fear Bréige.

"Nach féidir é a fheistiú dá chúl mar a bheadh eireaball," arsa an puimcíncheann.

"Níorbh fhéidir a rá go bhfuil an Rud críochnaithe agus gan aon eireaball aige."

"Hm!" arsa an Fear Coille Stáin, "ní fheicim cén gnó a bheadh aige d'eireaball. Ní hé go bhfuilimid ag iarraidh aithris a dhéanamh ar bheithíoch, ná ar iasc, ná ar éan. Níl de dhíth orainn ón Rud ach go n-íompróidh sé trí an aer muid."

"Ach a gcuirfí beocht sa Rud, seans go bhféadfadh sé eireaball a úsáid chun é féin a stiúradh," arsa an Fear Bréige.

"Óir má eitlíonn sé tríd an aer ní bheidh sé éagosúil le héan, agus tugaim faoi deara go mbíonn eireabaill ag gach éan agus go n-úsáideann siad mar a bheadh stiúir báid iad agus iad ag eitilt."

"Go breá," arsa Nick, "úsáidfear an scuab dá eireaball," agus d'fheistigh sé de chúl chabhail an toilg í.

Bhain Tip an boiscín as a phóca.

"Tá an Rud an-mhór," ar seisean go himníoch," agus ní dóigh liom go bhfuil mo dhóthain púdair fágtha agam chun beocht a chur sa rud, ach bainfidh mé triail as."

"Cuir an chuid is mó den phúdar ar na sciatháin," arsa Nick Chopper; "óir ní mór a oiread nirt agus is féidir a chur iontu."

"Agus ná déan dearmad ar an gcloigeann!" arsa an Deargadaol.

"Ná ar an eireaball!" arsa Seán Puimcíncheann.

"Éistígí," arsa Tip go neirbhíseach, "ní mór daoibh deis a thabhairt dom an draíocht a chur ag obair mar is ceart."

Thosaigh sé ag croitheadh an phúdair luachmhair go cúramach ar an Rud.

Clúdaíodh gach ceann de na ceithre sciathán go héadrom le sraith púdair ar dtús. Croitheadh ar an tolg ansin é agus croitheadh clúdach éadrom ar an scuab ansin.

"An cloigeann! An cloigeann! Ná déan dearmad ar an gcloigeann, in ainm Chroim!" arsa an Deargadaol agus fuadar faoi.

"Níl ach oiread na fríde den phúdar fágtha," arsa Tip agus é ag féachaint isteach sa bhosca.

"Agus dar liomsa, is tábhachtaí i bhfad é beocht a chur i gcosa na dtolg seachas ina cheann."

"Ní fíor sin," arsa an Fear Bréige. "Ní mór do gach rud cloigeann a bheith aige chun é a threorú; agus ós rud é go mbeidh an créatúr seo ag eitilt seachas ag siúl, is cuma an mbeidh beocht ina chosa nó nach mbeidh."

Leis sin, rinne Tip de réir an mholaidh sin agus croith sé a raibh fágtha den phúdar ar chloigeann an Ghump.

"Anois," ar seisean, "fanaigí in bhur dtost go ndéarfaidh mé na focail draíochta!"

Toisc gur chuala sé Mambaí ag rá na bhfocal draíochta, agus ó tharla gur éirigh beocht a chur sa Chapall Sábhadóireachta, níor chuir Tip oiread is soicind amú agus dúirt sé na trí fhocal agus rinne sé an ghe itsíocht faoi leith a bhain le gach díobh.

Searmanas sollúnta agus suntasach a bhí ann.

Ach a ndúirt sé na focail draíochta, th inig crith colainne ar an Rud, lig an Gump scréach as mar is dual do na hainmhithe áirithe sin, agus ansin thosaigh na ceithre sciathán ag cleitearnach go fíochmhar.

D'éirigh le Tip greim a fháil ar shimpléir, agus ba mhaith mar a rinne óir bheadh sé séidte den díon leis an ngaoth uafásach a chruthaigh na sciatháin.

Maidir leis an bhFear Bréige nach raibh meáchan ar bith ann, ardaíodh i san aer é agus tugadh chun siúil é, ach ar mhraí an tsaoil d'éirigh le Tip greim a fháil ar a leathchos agus é a tharrtháil.

Luigh an Deargadaol síos go híseal ar an díon agus tháinig sé slán. Chuir an Fear Coille Stáin, a raibh meáchan mór ann, a dhá lámh um Sheán Puimcíncheann agus d'éirigh leis é a tharrtháil.



Thit an Capall Sábhadoireachta ar fhleasc a dhroma agus b'iúd ansin é agus a chosa á luascadh san aer aige.

Ansin, a fhaid a bhí siad go léir ag iarraidh seasamh ar a gcosa, d'éirigh an Rud go mall réidh den díon in airde san aer.

"Stad! Gabh ar ais anseo!" arsa Tip de ghlór eaglach, agus greim aige ar an simléar lena leathlámh agus ar an bhFear Bréige leis an lámh eile.

"Gabh ar ais anseo anois díreach, a ordaím duit!"

Ba ansin a tuigeadh an chiall a bhain le moladh an Fhir Bhréige, beocht a chur sa chloigeann seachas sna cosa.

Óir thiontaigh an Gump, a bhí in airde san aer cheana féin, a cheann nuair a chuala sé ordú Tip agus d'eitil sé timpeall i gciorcal nó go raibh radharc aige ar dhíon an ph láis.

"Gabh ar ais!" arsa an buachaill de bhéic arís.

Rinne an Gump rud air agus bhuail sé a cheithre sciathán san aer go mall agus go grástúil nó gur thuirling an Rud arís eile ar an díon go socair.



GABH AR AIS!



I Nead an Cháig

"Is é seo," arsa an Gump de ghlór píoblach nach mbeifeá ag súil leis in aon chor ó chorp dá mhéad sin, "an rud is fearr a chuala mé riamh.

Is é an rud deiridh is cuimhin liom a bheith ag siúl trí fhoraois agus torann ard a chloisteáil.

Ní foláir nó gur mharaigh rud éigin mé ansin, agus is cinnte gur cheart go mbeadh deireadh liom.

Ach seo anseo anois mé, beo arís, agus ceithre sciathán ollmhóra agam mar aon le colainn a chuirfeadh náire ar ainmhí nó ar éanlaith ar bith.

Cad is ciall leis? An Gump mé nó an arracht mé?"

Agus an créatúr ag caint chroith sé a mheigeall agus ba mhór an seó é.

"Níl ionat ach Rud," arsa Tip, "a bhfuil cloigeann Gump air.

Agus rinneamar thú agus chuireamar beocht ionat ionas gurbh fhéidir leat sinn a iompar tríd an pé áit ar mian linn dul."

"Tá go maith," arsa an Rud.

"Toisc nach Gump mé, ní féidir liom mórtas ná spiorad neamhspleáchais Gump a bheith agam.

Tá sé chomh maith agam a bheith i mo sheirbhíseach agaibh.

Is é an t-aon sólás at á agam nach bhfuil goile láidir agam agus nach dócha go mairfidh mé i bhfad i mo sclábhaí."

"Ná habair é sin, impím ort!" arsa an Fear Coille Stáin ar chuir an chaint bhrónach sin isteach air toisc go raibh croí chomh hiontach sin aige.

"An amhlaidh nach bhfuil tú istigh leat féin inniu?"

"Ó, maidir leis sin," arsa an Gump, "is é seo an chéad lá dom a bheith beo agus níl a fhios agam an bhfuilim istigh liom féin nó nach bhfuil." Leis sin, chroith sé a eireaball scuaibe anonn agus anall mar a bheadh sé ag machnamh.

"Gabh i leith," arsa an Fear Bréige go cneasta.

"Déan iarracht a bheith níos suáilcí agus glacadh leis an saol mar a thagann sé. Máistrí cineálta a bheidh ionainn agus déanfaimid ár ndícheall do shaol a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir. An bhfuil tú sásta sinn a iompar tríd an aer pé áit ar mian linn dul?"

"Tá go cinnte," arsa an Gump.

"B'fhearr liom i bhfad taisteal tríd an aer.

Óir dá dtaistealóinn ar an talamh agus dá gcasfaí ceann eile de mo speiceas féin orm, bheadh náire an domhain orm!"

"Tuigim duit," arsa an Fear Coille Stáin go truacánta.

"Mar sin féin," arsa an Rud, "nuair a fhéachaim go grinn oraibhse, a mháistrí, is cosúil nach mó d'ealaín a bhain le bhur dtógaint féin ná mar a bhain liomsa."

"Is minic a bhí deallraitheach cailliúnach," arsa an Deargadaol go dáiríre.

"Táim idir Oll-Mhéadaithe agus Ard-Oilte."

"Tá, mhuis!" arsa an Gump faoina fhiacra ar nós cumalíom.

"Agus meastar nach bhfuil sárú m'inchinne ann," arsa an Fear Bréige go bródúil.

"Nach aisteach!" arsa an Gump.

"In ainneoin gur fear stáin mé," arsa an Fear Coille, "tá croí agam atá ar an gcroí is cineálta agus is iomráití ar domhan."

"Is áthas liom é sin a chloisteáil," arsa an Gump agus rinne sé casacht bheag.

"Is díol suntais é mo mheangadh gáire," arsa an Puimcíncheann. "Bíonn sé mar a chéile i gcónaí."

"Semper idem," arsa an Deargadaol go huaibhreach, agus thiontaigh an Gump chuige agus stán sé air.

"Agus maidir liomsa," arsa an Capall Sábhadóireachta nuair a bhí tost ann, "is díol suntais mise ach níl aon neart agam air."

"Is mór an onóir domsa, go deimhin, bualadh le máistrí eisceachtúla de bhur sórtsa," arsa an Gump de ghlór nós cumalíom.

"Dá bhféadfainn aithne chomh hiomlán céanna a fháil orm féin, bheinn an-sásta go deo."

"Tiocfaidh sé sin le himeacht ama," arsa an Fear Bréige.

"Is mór an éacht é aithne a bheith ag duine air féin, agus ghlac sé roinnt míonna orainn, atá níos sine ná thú, é sin a dhéanamh.

Ach anois," ar seisean agus é ag tiontú chuig an gcuid eile acu, "téimis ar bord agus cuirimis tús lenár dturas."

"Cá rachaimid?" arsa Tip agus é ag dreapadh in airde ar na toilg agus ag cabhrú leis an bPuimecíncheann teacht ina dhiaidh.

"I gCríoch an Deiscirt tá Banríon an-aoibhinn i gceannas darb ainm di Glinda Mhaith agus is cinnte go gcuirfidh sí cóir orainn," arsa an Fear Bréige agus é ag dul in airde ar an rud amscaí.

"Téimis chuici agus iarraimis comhairle uirthi."

"Is maith an smaoineamh é sin," arsa Nick Chopper agus é ag tabhairt lámh chúnta don Deargadaol agus ag brú an Chapail Sábhadóireachta isteach ar chúl na suíochán.

"Tá aithne agamsa ar Glinda Mhaith agus cara iontach a bheidh inti gan aon agó."

"An bhfuil gach duine réidh?" arsa an buachaill.

"Tá," arsa an Fear Coille Stáin agus é ag suí in aice leis an bhFear Bréige.

"Mar sin," arsa Tip agus é ag caint leis an nGump, "ar mhiste leat eitilt ó dheas agus gan níos airde ná beagán os cionn na dtithe agus na gcrann óir tagann meadhrán cinn orm nuair a bhím in airde san aer."

"Tá go maith," arsa an Gump go pras.

Bhuail sé a cheithre sciathán ollmhóra agus d'éirigh sé in airde san aer go mall agus ansin, agus greim ag an mbuíon ar chúl agus ar thaobh na dtol, thiontaigh an Gump i dtreo an Deiscirt agus d'eitil sé leis go mear agus go maorga.



"Tá an radharc ón airde seo go hiontach ar fad," arsa an Deargadaol oilte agus iad ag eitilt leo.

"Ná bac leis an radharc," arsa an Fear Bréige.

"Coinnígí greim daingean nó tá baol ann go dtitfidh sibh.

Tá an Rud ag luascadh anonn is anonn go dona."

"Beidh an oíche ag titim gan mhoill," arsa Tip agus é ag féachaint ar an ngrian a bhí ag déanamh ar imeall na spéire.

"Seans gurbh fhearr dúinn f nach go maidin. Ní fheadar an féidir leis an Gump eitilt san oíche?"

"Rith an cheist chéanna liom féin," arsa an Gump go ciúin.

"Rud nua ar fad domsa is ea é seo go léir. Bhíodh cosa agam a d'iompraíodh go gasta ar feadh an talaimh mé. Ach mothaím go bhfuil mo chosa ina gcodladh anois."

"Tá," arsa Tip. "Níor chuireamar beocht iontu."

"Is chun eitilte a rinneadh thú," arsa an Fear Bréige, "ní chun siúil."

"Is féidir linne siúl," arsa an Deargadaol.

"Táim ag fáil tuisceana ar a bhfuiltear ag súil leis uaim," arsa an Gump, "agus déanfaidh mé mo dhícheall rud a dhéanamh oraibh," agus d'eitil sé leis gan focal a rá ar feadh tamaill.

Tháinig imní ar Sheán Puimcíncheann gan mhoill.

"An féidir le heitilt tríd an aer puimcíní a mhilleadh?" ar seisean.

"Ní féidir, ach amháin má ligeann tú do do chloigeann titim thar bord," arsa an Deargadaol.

"Is amhlaidh a dhéanfaí smísc de do chloigeann dá dtarlódh sé sin."

"Nár iarr mé ort srian a chur leis na scéalta grinn seo?" arsa Tip, agus é ag féachaint ar an Deargadaol agus cuma an-dáiríre air.

"D'iarr, agus chuir mé srian le go leor acu," arsa an fheithid.

"Ach bíonn deiseanna ann dá oiread sin imeartais focal sa teanga, go bhfuil sé an-deacair ar dhuine oilte de mo leithéidse an cathú sin a sheachaint."

"Tháinig daoine a raibh níos lú nó níos mó oideachais orthu ar an imeartas focal sin na céadta bliain ó shin," arsa Tip.

"An bhfuil tú cinnte?" arsa an Deargadaol agus iontas air.

"Tá go deimhin," arsa an buachaill.

"Seans gur rud nua é Deargadaol oilte; ach tá oideachas Deargadaoil chomh sean leis na ciaróga, i bhfianaise an taispeántais a dhéanann tusa de.

Bhí an chuma ar an bhfeithid go ndeachaigh an chaint sin i bhfeidhm go mór air agus d'fhan sé ina thost ar feadh tamaill.

Agus an Fear Bréige ag bogadh ar a shuíochán, chonaic sé ar na cuisíní an boiscín a chaith Tip uaidh agus thosaigh sé á scrúdú.

"Caith thar bord é," arsa an buachaill, "tá sé folamh anois, agus níl aon úsáid againn dó."

"An bhfuil sé folamh i ndáiríre?" arsa an Fear Bréige agus é ag féachaint do fiosrach isteach sa bhosca.

"Tá gan amhras," arsa Tip.

"Chroith mé gach gráinnín den phúdar amach as."

"Ní foláir nó go bhfuil dhá bhun ag an mboiscín mar sin," arsa an Fear Bréige, "óir tá an bun ar an taobh istigh orlach níos airde ná an bun ar an taobh amuigh."

"Fan go bhfeice mé," arsa an Fear Coille Stáin agus é ag baint an bhosca dá chara.

"Sea," ar seisean, tar éis dó féachaint air, "is cinnte go bhfuil bun bréagach ann.

Cad chuige é sin, an bhfeadair tú?"

"Nach féidir leat é a bhaint ó chéile agus a fháil amach?" arsa Tip agus spéis aige sa mhistéir anois.

"Is féidir; is féidir an chuid íochtair a scríúáil amach," arsa an Fear Coille Stáin.

"Tá mo mhéaracha ábhairín righin. An féidir leatsa é a oscailt?"

Thug sé an boiscín do Tip, nach raibh aon deacracht aige an bun a scríúáil de.

Agus sa cheapadán sin bhí trí phiolla airgid mar aon le blúire páipéir a bhí fillte go néata thíos fúthu.

Thosaigh an buachaill ag oscailt an bhlúire páipéir, agus é cúramach gan na piollaí a dhoirteadh, agus chonaic sé roinnt línte scríofa go soiléir i ndúch dearg.

"Léigh amach os ard é," arsa an Fear Bréige. Leis sin, thosaigh Tip ag léamh:

"PIOLLAÍ GUÍ AN DR NICIDIC

Treoracha Úsáide: Slog aon phiolla amháin; comhair seacht déag ina dónna; ansin déan guí.- Gheofar an ghuí láithreach bonn.

RABHADH: Coinnigh in Áit Thirim agus Dhorcha."

"Is iontach an t-aimsíú é seo!" arsa an Fear Bréige de bhéic.

"Is ea, go deimhin," arsa Tip go dáiríre.

"Seans go mbeidh na piollaí seo an-úsáideach dúinn.

Ní fheadar an raibh a fhios ag Mambaí go raibh na piollaí seo i mbun an bhoiscín?

Is cuimhin liom go ndúirt sí go bhfuair sí Púdar na Beatha ón Nícidic céanna seo."

"Ní foláir nó gur Asarlaí cumhachtach é!" arsa an Fear Coille Stáin, "agus ó tharla gur éirigh go maith leis an bpúdar ba chóir go mbeadh muinín as na piollaí."

"Ach," arsa an Fear Bréige, "conas is féidir le duine ar bith a seacht déag a chomhaireamh ina dhónna? Is corruimhir é a seacht déag."

"Is fíor duit," arsa Tip agus an-díomá air.

"Ní féidir le duine ar bith a seacht déag a chomhaireamh ina dhónna."

"Ní haon mhaitheas na piollaí sin dúinn, mar sin," arsa an Puimcíncheann d'uail, "agus cuireann sé sin an-bhrón go deo orm. Óir bhí rún agam guí a dhéanamh nach millfí mo chloigeann go deo."

"Raiméis!" arsa an Fear Bréige, go giorraisc.

"Dá bhféadfaimis na piollaí a úsáid ar chor ar bith is fearr na guíonna a dhéanaimis ná an ghuí sin."

"Ní fheictear dom go bhféadfaí aon ghuí ní b'fhearr a fháil," arsa Seán bocht.

"Dá mbeadh an baol ann go millfí sibhse, thuigfeadh sibh an imní atá orm."

"Maidir liomsa," arsa an Fear Coille Stáin, "tuigim duit go hiomlán.

Ach ós rud é nach féidir linn a seacht déag a chomhaireamh ina dhónna, is cosúil nach bhfaighidh tú ach mo thrua."

Faoin am sin bhí sé sách dorcha, agus chonaic na taistealaithe spéir scamallach os a gcionn, nárbh fhéidir le gaetha solais na gréine a theacht tríthi.

D'eitil an Gump gan stad agus ar chúis éigin luascadh an tolgchabhail ní ba mhó agus nó ba mhó in aghaidh na huaire.

Dúirt an Deargadaol go raibh tinneas farraige air, agus bhí Tip mílíteach agus beagán trína chéile freisin.

Bhí greim an fhir bháite ag an gcuid eile acu ar chúl na dtolg agus ba chosúil nár chuir an ghluaiseacht isteach ná amach orthu a fhaid agus nár caitheadh de na toilg iad.

Chuaigh an oíche i ndoircheacht agus i ndoircheacht, agus d'eitil an Gump leis faoi luas tríd an spéir dhorcha.

Níorbh fhéidir leis na taistealaithe a chéile a fheiceáil, fiú, agus thit siad dá dtost.

Tar éis tamaill fhada labhair Tip, a bhí ag machnamh do dian roimhe sin.

"Conas a bheidh a fhios againn nuair a bhainfimid p lár Glinda Mhaith amach?" ar seisean.

"Is fada uainn i gcéin é palás Glinda," arsa an Fear Coille, "óir thaistil mise ann."

"Ach cá bhfios dúinn cén luas eitilte atá faoin nGump?" arsa an buachaill.

"Ní féidir linn rud ar bith a fheiceáil thíos ar an talamh, agus sula n-éireoidh an ghrian seans go mbeimid i bhfad níos faide ar aghaidh ná an áit a theastaíonn uainn a bhaint amach."

"Is fíor é sin go deimhin," arsa an Fear Bréige agus imní de bheagán air.

"Ach ní fheicim conas is féidir linn stopadh anois díreach. D'fhéadfaimis tuirlingt in abhainn, nó ar bharr spuaice eaglaise, agus ba mhór an tubaiste é sin."

Lig siad don nGump eitilt leis, agus é ag bualadh a sciathán go rialta, agus iad ag teitheadh ar éirí na gréine.

Thuig siad ansin nach imní gan chúis a bhí ar Tip óir d'fhéach siad thar imeall na dtolg faoi chéadléas solais an lae agus chonaic siad machairí móra fairsinge a bhí breachtha le sráidbhailte aisteacha agus seachas díon i gcruth dóim a bheith ar na tithe, mar a bhí i gCríoch Oz go léir, bhí díon f naí orthu a bhí crochta in airde ina lár.

Bhí ainmhithe a raibh cuma aduain orthu ag gluaiseacht ar fud na machairí, agus ní raibh cur amach ag an bhFear Coille Stáin ná ag an bhFear Bréige, a thug cuairt ar chríoch Glinda Mhaith roimhe sin agus a raibh eolas maith acu uirthi, ní raibh cur amach acu ar an gcríoch ar chor ar bith.

"Táimid ar strae!" arsa an Fear Bréige go brónach.

"Ní foláir nó gur thug an Gump amach as Críoch Oz ar fad sinn agus thar na fásaigh ghainmheacha agus isteach sa saol uafásach lasmuigh sin ar inis Dorothy dúinn faoi."

"Ní mór dúinn filleadh," arsa an Fear Coille Stáin go dáiríre.

"Ní mór dúinn filleadh a luaithe agus is féidir!"

"Tiontaigh!" arsa Tip de bhéic leis an nGump. "Tiontaigh chomh tapaidh agus is féidir leat!"

"Má dhéanaim, beidh mé trína chéile," arsa an Gump.

"Níl aon chleachtadh agam ar a bheith ag eitilt agus is é an rud is fearr a dhéanfainn ach tuirlingt áit éigin, agus beidh mé in ann tiontú ansin agus tosú arís."

Ach um an dtaca sin, ní raibh aon áit ann a bhféadfaidís tuirlingt ann.

D'eitil siad os cionn shráidbhaile a bhí chomh mór sin gur bhaist an Deargadaol cathair air.

Agus ansin tháinig siad ar raon sléibhte arda ina raibh gleannta doimhne agus aillte géara crochta le feiceáil go soiléir.

"Seo deis dúinn stopadh," arsa an buachaill, nuair a chonaic sé go raibh siad an-ghar do bharr na sléibhe.

Thiontaigh sé chun an Ghump ansin agus ar seisean:

"Stad ag an gcéad léibheann a fheicfidh tú!"

"Tá go maith," arsa an Gump agus thuirling sé ar léibheann carraige a bhí suite idir dhá aill.

Ach toisc nach raibh aon taithí aige ar a leithéid, níor mheas an Gump a luas i gceart; agus seachas stad ar bharr na carraige bhuail sé é lena cholainn agus briseadh a dhá sciathán ar a thaobh dheis ar imeall géar na carraige agus ansin thit sé i mullach a chinn arís agus arís eile tar an aill.

Choinnigh ár gcairde greim ar na toilg chomh fada agus a d'fhéadfaidís, ach nuair a bhuail an Gump i gcoinne carraige a bhí ag gobadh amach stad an Rud go hobann - bunoscionn - agus caitheadh gach duine amach as láithreach.

Ar ámharáí an tsaoil, níor thit siad ach cúpla troigh, óir bhí nead ollmhór, a thóg scata cág ar lomán carraige, fúthu, agus dá bhrí sin, níor gortaíodh aon duine acu - fiú amháin an

imcíncheann sa im is e. 191



Thit cloigeann Sheáin ar bhrollach bog an Fhir Bhréige, ar ámharaí an tsaoil, agus thit Tip ar charn duilleog agus páipéar, rud a fhág nár gortaíodh in aon chor é.

Bhuail an Deargadaol a chloigeann cruinn i gcoinne an Chapail Sábhadóireachta, ach níor cuireadh isteach ná amach air.

Baineadh stangadh as an bhFear Coille Stáin ar dtús, ach nuair a fuair sé amach nár cuireadh oiread agus scríob amháin ar a phlátáil nicil, bhí sé sona sásta arís agus labhair sé lena chompánaigh.

"Tháinig deireadh obann lenár dTuras," ar seisean, "agus ní féidir linn an milleán a chur ar ár gcara an Gump, lena cheart a thabhairt dó, óir rinne sé a dhícheall.

Ach maidir leis an nead seo a fhágáil, beidh orm é sin a fhágáil faoi dhuine a bhfuil inchinn níos fearr ná mise aige."

D'fhéach sé ar an bhFear Bréige ansin, agus chuaigh seisean anonn agus a d'fhéach sé thar imeall na neide.

Bhí titim na gcéadta troigh síos fúthu. Os a gcionn in airde bhí aill mhín gan de bhriseadh ann ach an starróg charraige ar a raibh colainn an Ghump ar crochadh fós ó thaobh amháin de cheann de na toilg.

Bhí an chuma ar an scéal nach raibh aon bhealach éalaithe ann i ndáiríre, agus nuair a thuig siad go raibh siad i bponc, thosaigh an bhuíon bheag taistealaithe ag olagón faoina gcás.

"Is measa de phríosún é seo ná an pálás," arsa an Deargadaol go dobhrónach.

"Faraor nár fhanamar ann," arsa Seán d'olagón. "Tá eagla orm nach bhfuil aer na sléibhte go maith do phuimpcíní."

"Fan go dtaga na cága ar ais," arsa an Capall Sábhadóireachta, agus é ina luí ar fhleasc a dhroma agus a chosa á luascadh san aer aige gan deis aige éirí.

"Is breá le cága puimcíní."

"An dtiocfaidh na héin sin anseo, an dóigh leat?" arsa Seán agus imní mhór air.

"Tiocfaidh gan amhras," arsa Tip, "nach í seo a nead.

Ní foláir nó go bhfuil na céadta acu ann," ar seisean, "i bhfianaise na nithe go léir a thug siad anseo!"

Go deimhin féin, bhí an nead leathlán leis na hearraí ab iontaí agus ab aistí nach mbeadh úsáid dá laghad ag na héin dóibh, ach a ghoid na cága, mar is dual dóibh, ó thithe in imeacht na mblianta.

Agus de bhrí go raibh an nead i bhfolach go sábháilte in áit nach bhféadfadh duine ná deoraí í a bhaint amach, is ar éigin a thiocfaí ar na hearraí caillte sin arís.


Bhí an Deargadaol ag cartadh i measc an bhruscair - óir ghoid na cága earraí gan mhaith freisin - agus tháinig sé ar mhuinge álainn diamaint.

Bhí an Fear Coille Stáin chomh tógtha sin leis an muince gur bhronn an Deargadaol air é le caint ghrástúil agus ansin chroch an Fear Coille timpeall a mhuiníl í agus é breá sásta leis féin. Bhí na diamaint mhóra ag glioscarnach faoi ghaetha na gréine.

Ach ansin chuala siad cleitearnach sciathán agus grágaíl agus de réir mar a dhruid an torann ní ba ghaire dóibh, lig Tip liú as:

"Chugainn na cága! Má aimsíonn siad anseo sinn is cinnte go maróidh siad sinn le teann feirge."

"Sin í an eagla a bhí orm!" ar an Puimcíncheann go holagónach.



"Tá mo phort seinnte!"

"Tá mo chosa nite!" arsa an Deargadaol, "óir is iad na cága na naimhde is mó atá againne."

Ní raibh scáth ná eagla ar an gcuid eile acu, ach bheartaigh an Fear Bréige go ndéanfadh sé an chuid sin den bhuíon a bhí i mbaol a tharrtháil.

Leis sin, d'ordaigh sé do Tip cloigeann Sheáin a bhaint de agus luí síos leis i mbun na neide, agus ansin d'ordaigh sé don Deargadaol luí síos in aice le Tip.

Bhí a fhios ag Nick Chopper a raibh le déanamh aige agus bhain sé an Fear Bréige ó chéile (seachas a chloigeann) agus scaip sé an tuí os cionn Tip agus an Deargadaoil, rud a chlúdaigh go hiomlán iad.

Níor thúisce é sin déanta aige nuair a bhain an ealta cág an nead amach. Nuair a chonaic na héin na st inséirí sa nead, thosaigh siad ag déanamh ionsaí orthu agus ag grágáil go feargach.





Piollaí iomráiteacha guí an Dr Nicidic

Fear síochánta stuama ba ea an Fear Coille Stáin de ghnáth, ach nuair a bhíodh gá leis d'fhéadfadh sé troid chomh fíochmhar le Cú Chulainn.

Dá bhrí sin, nuair ba dhóbair dó titim agus na cága ag bualadh a sciathán, agus nuair a bhí baol ann go ndéanfadh a goba agus a gcrobha géara dochar dá phlátáil iontach, d'ardaigh an Fear Coille a thua agus luasc sé os cionn a chloiginn í.

Ach cé gur éirigh leis go leor díobh a bhualadh agus a chur siar, bhí an oiread sin acu ann agus bhí siad chomh cróga sin gur lean siad orthu á ionsaí.

Bhí cuid díobh ag priocadh súile an Ghump, a bhí ar crochadh thar imeall na neide go dímríoch. Ach ba shúile gloine a bhí ag an nGump agus níorbh fhéidir leo aon dochar a dhéanamh dó.

Thug cága eile fogha faoin gCapall Sábhadóireachta, ach ó tharla go raibh sé fós ar fhleasc a dhroma, thosaigh sé ag luascadh a chos agus ag ciceáil agus chuir sé an ruaig ar a oiread cág agus a rinne tua an Fhir Choille.

Agus iad ag cur ina gcoinne mar sin, thuirling na héin ar thuí an Fhir Bhréige, a bhí ina luí i lár na neide, in airde ar Tip agus ar an Deargadaol agus ar phuimcíncheann Sheáin, agus thosaigh siad a stracadh agus ag eitilt in airde léi agus ag ligean di titim síos isteach sa duibheagán, sop ar shop.

Lig cloigeann an Fhir Bhréige, ach a bhfaca sé an scrios a bhíothas a dhéanamh ar a thaobh istigh, lig sé béic leis an bhFear Coille Stáin agus d'iarr sé air teacht i gcabhair air agus rinne an Fear Coille Stáin é sin go fonnmhar.

Bhí sé ag luascadh a thua anonn agus anall i measc na gcás, agus thosaigh an Gump ag bualadh an dá sciathán a bhí fágtha ar thaobh na láimhe clé dá chorp aige.

Chuir cleitearnach na sciathán mór sin scaoll ar an cága, agus nuair a d'éirigh leis an nGump é féin ó shaoradh ón starróg charraige ar a raibh sé ar crochadh, thit sé isteach sa nead de phlab agus baineadh an oiread sin de gheit as na héin gur theit siad leo thar na sléibhte agus iad ag scréachadh.

Nuair a d'imigh an namhaid deiridh as radharc, tháinig Tip de lámhacán amach as faoi bhun na dtolg agus thug sé lámh chúnta don Deargadaol teacht amach ina dhiaidh.

"Táimid slán!" arsa an buachaill agus áthas air.

"Tá go deimhin!" arsa an Fheithid Oilte, agus é ag breith barróg mhór ar chloigeann righin an Ghump le teann áthais.



"Táimid go léir faoi chomaoín ag cleitearnach an Ruda agus ag tua mhaith an Fhir Choille!"

"Má táim slán, tarraing amach as seo mé," arsa Seán, a raibh a chloigeann faoi na toilg go fóill, agus d'éirigh le Tip an puimcín a rolladh amach agus é a chur ar ais ar a mhuineál arís.

Chuir sé an Capall Sábhadóireachta ar a chosa freisin, agus arsa seisean leis: "Táimid faoi chomaoín mhór agat as an troid iontach a rinne tú."

"D'éirigh linn na cosa a thabhairt linn go breá," arsa an Fear Coille Stáin agus bród air.

"Ní fíor sin!" arsa glór folamh.

Thiontaigh gach duine acu, ar a chloisteáil sin dóibh, i dtreo chloigeann an Fhir Bhréige a bhí ina luí i gcúl na neide.

"Táim scriosta!" arsa an Fear Bréige agus an chuid eile acu ag féachaint air le hiontas.

"Cá bhfuil an tuí a líonann mo chorp?"

Chuir an cheist uafásach scanradh orthu go léir. D'fhéach siad ar fud na neide agus alltacht orthu, óir ní raibh oiread is sop tuí ann.

Ghoid na cága é ar fad agus chaith siad síos isteach sa duibheagán craosach a shín céadta troigh síos faoin nead.



"A chara bhocht!" arsa an Fear Coille Stáin, agus cloigeann an Fhir Bhréige á bhaint den nead aige agus é á chuimilt go cneasta, "cé a cheapfadh gurbh é seo an deireadh anabái a bheadh leat?"

"Rinne mé é chun mo chairde a shábháil," arsa an cloigeann, "agus tá áthas orm gur cailleadh mé ar bhealach chomh flaithiúil seo."

"Ach cén fáth a bhfuil sibh go léir dobhrónach?" arsa an Deargadaol.

"Tá éadaí an Fhir Bhréige slán sábháilte."

"Tá," arsa an Fear Coille Stáin, "ach ní fiú tada éadaí ár gcarad gan líonadh."

"Nach féidir é a líonadh le hairgead?" arsa Tip.

"Airgead!" ar siadsan go léir d'aon liú amháin.

"Sea, go deimhin," arsa an buachaill.

"Tá na mílte nóta aon dollar amháin, agus dhá dhollar, agus cúig dhollar, agus deich ndollar agus fiche dollar agus caoga dollar ag bun na neide. Tá fuíollach acu ann a líonfadh dháréag fear bréige. Nach líonaimis le hairgead é?"

Thosaigh an Fear Coille Stáin ag cartadh an bhruscair le lámh na tua, agus go deimhin féin, ba nótaí airgid de luachanna difriúla a bhí ann seachas páipéir gan mhaith mar a mheas siad roimhe sin.

Ní foláir nó go raibh na Cága dána á ngoid ó na sráidbhaile agus ó na cathracha le blianta.

Bhí saibhreas mór ina luí sa nead sin nárbh fhéidir le duine ná deoraí a bhaint amach, agus níorbh fhada gur lean siad moladh Tip le cead an Fhir Bhréige féin.

Roghnaigh siad na nótaí na nuaí agus ba ghlaine agus chuir siad ina gcarnáin iad.


Líonadh cos agus buatais chlé an Fhir Bhréige le nótaí cúig dhollar; líonadh a chos chlé le nótaí deich ndollar; agus líonadh a cholainn go dlúth le nótaí caoga, céad agus míle dollar chomh mór sin gurbh ar éigin a bhí sé in ann a sheaicéad a dhúnadh.

"Is tusa," arsa an Deargadaol tar éis dóibh an Fear Bréige a líonadh, "an ball is luachmhaire den mbuíon seo, agus ó tharlaíonn go bhfuil tú i measc cairde dílse is beag an baol go gcaithfear thú!"

"Go raibh maith agat," arsa an Fear Bréige go buíoch. "Táim mar a bheadh fear úrnua, agus cé go bhféadfadh duine a cheapadh ar a chéad fhéachaint gur Taisceadán Airgid mé, impím oraibh cuimhneamh go bhfuil an sean-ábhar céanna fós i mo mheabhair.

Agus sin é an chuid díom a fhágann gur féidir brath orm i gcónaí in am an ghátair."

"Bhuel, is é seo am an ghátair," arsa Tip, "agus mura féidir le do mheabhair cuidiú linn éalú as seo, beidh orainn an chuid eile dár saol a chaitheamh anseo sa nead seo."



"Cad mar gheall ar na piollaí guí seo?" arsa an Fear Bréige agus an boiscín á bhaint amach as póca a sheaicéid aige.

"Nach féidir linn éalú ach iad a úsáid?"

"Ní féidir, ach amháin más féidir linn a seacht déag a chomhaireamh ina dhónna," arsa an Fear Coille Stáin.

"Ach maíonn ár gcara an Deargadaol go bhfuil sé Ard-Oilte, agus dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh sé in ann an fhadhb sin a fhuascailt."

"Ní ceist oideachais í," arsa an Fheithid. "Ceist mhatamaitice atá ann.

Chonaic mé an t-ollamh ag réiteach go leor suimeanna ar an gclár dubh, agus d'áitigh sé gur féidir rud ar bith a dhéanamh le x-anna agus y-anna agus a-nna, agus a leithéidí, agus iad a mheascadh le go leor móidí agus lúidí agus mar sin de.

Ach go bhfios dom, ní dúirt sé aon ní riamh mar gheall ar chomhaireamh go dtí an chorruihir a seacht déaga i ré-uimhreacha a dó."

"Stad! Stad!" arsa an Puimcíncheann. "Tá tú ag tabhairt tinneas cinn dom."

"Agus domsa," arsa an Fear Bréige. "Tá do chuid matamaitice mar a bheadh duine ag iarraidh mirlín faoi leith a bhaint amach as mála mirlíní measctha - da mhéad iarracht a dhéanann sé is ea is lú an seans a bhéarfaidh sé ar an mirlín ceart. Táim cinnte más féidir an rud a chur i gcrích in aon chor, nár mhór é a dhéanamh ar bhealach an-simplí."

"Ceart," arsa Tip. "Níorbh fhéidir le Mambaí x-anna agus lúidí a úsáid óir ní dheachaigh sí ar scoil riamh."

"Cad faoi thosú ag comhaireamh ag leath a haon?" arsa an Capall Sábhadóireachta go pras. "Ar an gcaoi sin, is féidir le duine ar bith comhaireamh do dtí a seacht déag ina dhónna."

D'fhéach siad ar a chéile agus cuma an iontais orthu, óir measadh go raibh an Capall Sábhadóireachta ar an mball ab amaidí den bhuíon.

"Táim náirithe agat," arsa an Fear Bréige agus é ag umhlú roimh an gCapall Sábhadóireachta.

"Mar sin féin, tá an ceart ag an gcréatúr," a dúirt an Deargadaol, "óir a leath faoi dhó sin a haon, agus más féidir a haon a dhéanamh is furasta comhaireamh go dtí a seacht déag ina dhónna."

"Is aisteach nár chuimhnigh mé féin air," arsa an Puimcíncheann.

"Níl a fhios agam," arsa an Fear Bréige. "Ní críonna tusa ná an chuid eile againn, nach fíor? Déanaimis guí anois díreach. Cé a shlogfaidh an chéad phiolla?"

"Nach ndéanfá-sa é," arsa Tip.

"Níl féidir liom," arsa an Fear Bréige.

"Cén fáth? Tá béal agat, nach bhfuil?" arsa an buachaill.

"Tá, ach is béal péinteáilte é, agus níl aon slogadán i gceangal de," arsa an Fear Bréige.

"Leoga," ar seisean agus é ag féachaint go grinn ó dhuine go duine, "is dóigh liom gurb iad an buachaill agus an Deargadaol an t-aon bheirt sa bhuíon seo atá in ann slogadh."

Thuig Tip fírinne an ráitis sin agus arsa seisean:

"Déanfaidh mise an chéad ghuí mar sin. Tabhair dom ceann de na piollaí airgid sin."

Rinne an Fear Bréige iarracht é sin a dhéanamh, ach bhí a lámhainní ró-chiotach chun go bhféadfadh sé breith ar rud chomh beag bídeach sin. Dá bhrí sin, shín sé an boiscín chun an bhuachaill agus roghnaigh Tip ceann de na piollaí agus shlog sé é.

"Comhair leat," arsa an Fear Bréige de bhéic.

"A leath, a haon, a trí, a cúig, a seacht, a naoi, a haon déag!" arsa Tip, "a trí déag, a cúig déag, a seacht déag."

"Déan guí!" arsa an Fear go himníoch.

Ach ansin díreach tháinig pianta uafásacha ar an mbuachaill, rud a chuir scaoll air.

"Nimhigh an piolla mé!" ar seisean. "Ó! Ú-ú-ú! Obh! Dúnmharú! Tine! Ó!" agus thosaigh sé ag rolladh ar bhun na neide agus bhí an oiread sin de fhreangadh ar siúl aige gur tháinig scaoll orthu go léir.

"Cad is féidir linn a dhéanamh duit. Labhair. Impím ort!" arsa an Fear Coille Stáin agus deora truacánta ag silleadh síos a leicne nicil.

"N-n-níl a fhios agam," arsa Tip. "Ó! Is é mo ghuí nár shlog mé an piolla sin riamh!"



Tháinig deireadh leis an bpian láithreach, agus sheas an buachaill ar a chosa arís agus chonaic sé an Fear Bréige ag stánadh isteach i mbun an bhoiscín.

"Cad a tharla?" a d'fhiafraigh an buachaill de agus beagáinín náire mar gheall ar an nge itsíocht a bhí ar bun aige roimhe sin.

"Nuathair, tá na trí phiolla sa bhosca arís!" arsa an Fear Bréige.

"Tá siad ar ndóigh," arsa an Deargadaol. "Nár ghuigh Tip gur mian leis nár thóg sé ceann ar bith acu? Fuair sé toradh ar a ghuí agus is amhlaidh nár shlog sé aon cheann acu. Ní haon ionadh é mar sin go bhfuil na trí cinn acu sa bhosca."

"Bíodh sin mar atá, ach chuir an piolla sin pian uafásach orm, mar sin féin," arsa an buachaill.

"Ní féidir é!" arsa an Deargadaol. "Murar shlog tú an piolla, ní fhéadfadh gur chuir an piolla céanna pian ort. Agus ó tharla go bhfuair tú do ghuí, níor shlog tú an piolla, agus dá réir sin, ní raibh aon phian ort."

"Aithris iontach ar phian a bhí ann, mar sin," arsa Tip go feargach.

"Ba cheart duit féin an chéad cheann eile acu a shlogadh. Chuireamar aon ghuí amháin amú cheana féin."

"Níor chuir in aon chor!" arsa an Fear Bréige.

"Tá trí phiolla sa bhosca fós, agus tá guí ag gabháil le gach ceann díobh."

"Tá tú ag tabhairt tinneas cinn dom anois," arsa Tip. "Ní thuigim an scéal in aon chor. Ach geallaim daoibh nach dtógfaidh mé piolla eile!" ar seisean agus d'imigh sé leis go cúl na neide agus dod air.


"Bhuel," arsa an Deargadaol, "is fúmsa atá sé sinn a tharrtháil ar an mbealach is Oll-Mhéadaithe agus is Lán-Oilte. Is cosúil gur mise an t-aon duine amháin atá in ann agus toilteanach guí a dhéanamh. Tabhair dom ceann de na piollaí sin."

Shlog sé é gan drogall gan doilíos, agus sheas siad go léir ag moladh a chrógachta agus an Fheithid ag comhaireamh go dtí a seacht déag ina dhónna mar a rinne Tip.

Ar chúis éigin - seans gur láidre an goile a bhíonn ag Deargadaol ná mar a bhíonn ag buachaillí - níor chuir an piolla airgid pian dá laghad ar air.

"Is é mo ghuí go ndeistí sciatháin bhriste an Ghump agus go raibh siad chomh maith is a bhí siad riamh!" arsa an Deargadaol de ghlór mall maorga.

Thiontaigh gach duine acu le féachaint ar an Rud, agus bhí toradh ar an nguí chomh tapaidh sin go raibh an Gump ansin os a gcomhair amach agus é chomh maith is a bhí sé riamh, agus é in ann eitilt tríd an aer chomh breá agus a bhí sé an chéad lá riamh sin ar dhíon an pháláis.





"Hurá!" arsa an Fear Bréige go ríméadach.

"Is féidir linn nead uafásach seo na gcág a fhágáil anois pé uair is mian linn."

"Ach tá an tráthnóna ag dul i ndoircheacht," arsa an Fear Coille Stáin, "agus mura bhfanfaimid go maidin chun an eitilt a dhéanamh is amhlaidh a bhféadfadh a thuilleadh tubaistí a bheith romhainn. Ní maith liom in aon chor na turais oíche seo, óir ní bhíonn ag fhios ag éinne a bhféadfadh titim amach."

Bheartaigh siad, mar sin, f nach go breacadh an lae, agus chaith na taistealaithe a raibh fágtha de sholas an tráthnóna ag cartadh i measc na n-earraí i nead na gcág.

Tháinig an Deargadaol ar dhá bhráisléad áille d'ór saoirsithe, a d'oir dá ghéaga caola go seoigh.

Chuir an Fear Bréige dúil i bhfáinní agus ní go leor leor acu sin sa nead. Níorbh fhada go raibh fáinne ar gach méar dá lámhainní aige, agus toisc nach raibh sé sásta go fóill lena raibh aige, chuir sé ceann eile ar gach ordóg.

De bhrí gur roghnaigh sé go cúramach na fáinní sin a bhí maisithe le clocha lómhara dá leithéidí rúibíní, aimitisí agus saifirí, bhí lámha an Fhir Bhréige ag glioscarnach agus an lonradh.

"Bhainfeadh an Bhanríon Jinjur an-spraoi as an nead seo," ar seisean le teann diabhláochta, "óir go bhfios dom ba ar mhaithe leis na smaragaidí a ghoid ó mo chathair-se a rinne sí féin agus a baicle cailíní ionsaí orainn."

Bhí an Fear Coille Stáin sásta lena mhuince diamant agus dhiúltaigh sé glacadh maisiúcháin ar bith eile, ach d'aimsigh Tip uaireadóir breá óir a bhí i gceangal de shlabhra, agus chuir sé ina phóca é agus é an-bhródúil leis féin.

Chuir sé roinnt bróicíní maisithe ar bhástchóta dearg Sheáin Phuimpíncheann agus chroch sé loirgnéad, a raibh slabhra breá air, um muineál an Chapail Sábhadóireachta.

"Nach mór an spóirt é," arsa an créatúr agus é ag féachaint ar an loirgnéad go sásta, "ach cad chuige é?"

Níorbh fhéidir le duine ar bith acu an cheist sin a fhreagairt, áfach, agus dá bhrí sin mheas an Capall Sábhadóireachta gur maisiú neamhchoitianta amach is amach a bhí ann agus d'éirigh sé an-cheanúil air.

Ionas nach mbraithfeadh éinne sa bhuíon gur fágadh ar an ngannchuid iad, chuir siad roinnt fáinní móra séalaithe ar bheanna adharca an Ghump, cé go raibh an chuma ar an neach aisteach sin nach raibh sé buíoch in aon chor dóibh.

Níorbh fhada go raibh sé dubh dorch, agus chuaigh Tip agus an Deargadaol a chodladh a fhaid agus a bhí ag cuid eile ag feitheamh go foighneach ar bhreacadh an lae.

An mhaidin dár gcionn bhí cúis acu comhghairdeas a dhéanamh leo féin as an gcuma iontach a bhí ar an nGump, óir le breacadh an lae tháinig scata mór Cág chun troid mhór amháin eile a dhéanamh don nead.

Ach níor fhan na taistealaithe leis an ionsaí. Léim siad in airde ar ch isíní shuíocháin na dtolg chomh tapaidh agus arbh fhéidir leo, agus thug Tip ordú don Ghump eitilt leis.

D'éirigh sé in airde san aer láithreach, agus a sciatháin mhóra ag bualadh go tréan agus go rialta, agus faoi cheann cúpla nóiméad bhí siad chomh fada sin ón nead gur ghlac na Cága callánacha seilbh uirthi gan iarracht a dhéanamh dul ina ndiaidh.

D'eitil an Rud ó thuaidh, agus é ag dul sa treo céanna ón áit ar tháinig sé. Nó b'in a mheas an Fear Bréige ar aon chuma, agus d'aontaigh an dream eile gur ag an bhFear Bréige ab fhearr a fhios maidir le treo.

Tar éir dóibh eitilt thar roinnt cathracha agus sráidbhailte thug an Gump in airde san aer iad os cionn machaire leathain mar a raibh na tithe ní ba scaipthe óna chéile nó gur imigh siad as radharc ar fad.

Ansin d'eitil siad os cionn an ghaineamhlaigh a scar an chuid eile den domhan ó Chríoch Oz, agus roimh an mheán lae chonaic siad na tithe dómchrutha a thug le fios dóibh go raibh siad laistigh de theorainneacha a dtíre dúchais arís.

"Ach tá na tithe agus na sconsaí gorm," a dúirt an Fear Stáin, "agus tugann sé sin le fios go bhfuilimid i gCríoch an Mhionchine, agus agus dá bhrí achar fada ó Glinda Mhaith."

"Cad a dhéanfaimid?" a d'fhiafraigh an buachaill de té a bhí á dtreorú.

"Níl a fhios agam" arsa an Fear Bréige, go macánta. "Dá mbeimis sa Chathair Iathghas d'fhéadfaimis gluaiseacht díreach ó dheas, agus ár gceann scríbe a bhaint amach. Ach ní fhéadfaimis dul chuig an gCathair Iathghlas, agus is dócha go bhfuil an Gump dár dtabhairt níos faide sa treo mícheart le gach bhuile dá sciatháin."

"Ní mór don Deargadaol piolla eile a shlogadh mar sin," arsa Tip go diongbháilte, "agus a ghuí go rachaimis sa treo ceart."

"Tá go maith," arsa an neach Oll-Mhéadaithe, "táim sásta é sin a dhéanamh."

Ach nuair a chuardaigh an Fear Bréige a phóca don bhoiscín ina raibh an dá phiolla airgid Guí, ní raibh sé le fáil.

Thosaigh na taistealaithe, agus inní agus buairt orthu, ag cartadh agus ag cuardach an Ruda don bhoiscín luachmhar, ach ní raibh tásca ná tuairisc air.

Agus lean an Gump air ag eitilt leis, gan a fhios acu cá raibh a dtriail.



"Ní foláir nó gur fhág mé an boiscín i nead na gCág," arsa an Fear Bréige i ndeireadh na dála.

"Is mór an mí-ádh é sin," arsa an Fear Coille Stáin.

"Ach ní measaide anois sinn ná mar a bhí sular thángamar ar na Piollaí Guí sin."

"Is fearr as atáimid anois," arsa Tip, "óir chuir an piolla sin a d'úsáideamar ar ár gcumas éalú ón nead uafásach sin."

"B'uafásach an mhaise é an dá cheann eile a chailliúint, go deimhin, ach tá íde tuillte agam as an bhfaillí," arsa an Fear Bréige go brónach.

"Tá an bhuíon seo againne chomh neamhghnách sin go bhféadfadh timpistí den chineál seo tarlú am ar bith, agus tá gach seans ann go bhfuilimid ag déanamh ar chontúirt i láthair na huaire, fiú."

Ní raibh sé de dhánaíocht i nduine ar bith acu cur ina choinne, agus thit siad dá dtost díomách arís.

D'eitil an Gump leis.

Lig Tip liú iontais as go hobann.

"Ní foláir nó go bhfuilimid sa chríoch ó dheas," ar seisean, "óir tá gach ní atá thíos fúinn dearg!"

Chrom siad go léir thar dhroim na dtolg láithreach d'fhonn radharc a fháil, seachas Seán a bhí ríchúramach lena puimcíncheann agus nár mhian leis dul sa seans ar eagla go dtitfeadh sé dá mhuineál.

Go deimhin féin, thug na tithe agus na sconsaí agus na crainn dhearga le fios go rabhadar i geríoch Glinda Mhaith, agus de réir mar a lean siad ar aghaidh d'aithin an Fear Coille Stáin na bóithre agus na foirgnimh ar eitil siad os a gcionn agus d'athraigh sé de bheagán an treo a bhí an Gump ag eitilt ionas go mbainfidís pálás an Bhandraíodóra Cáiliúla amach.

"Ar fheabhas!" arsa an Fear Bréige de bhéic áthais. "Níl na piollaí Guí atá caillte de dhíth orainn anois, óir tá ceann scríbe bainte amach againn."

D'eitil an Rud ní b'ísle agus ní ba ghaire don talamh de réir a chéile nó gur thuirling sé i measc ghairdíní áille Glinda, ar phlásóg shíoda ghlas in aice le scairdeán uisce a spraeáil seoda glioscarnacha, seachas uisce, in airde san aer agus thit siad go talún arís de chling i mbáisín marmair snoite.

Bhí an uile rud i ngairdín Glinda rí-álainn, agus a fhaid a bhí na taistealaithe ag stánadh umpu agus iontas orthu, tháinig buíon saighdiúirí umpu go ciúin agus go réidh.

Ach níorbh ionann saighdiúirí sin an Bhandraíodóra agus Arm Ceannairce Jinjur, in ainneoin gur chailíní a bhí iontu chomh maith.

Óir chaith saighdiúirí Glinda éide néata agus bhí claimhte agus sleánna ar iompar acu. Mháirseáil siad leo go tréitheach agus go críochnúil, rud a thug le fios go raibh siad oilte go maith in ealaí na cogaíochta.

D'aithin an Captaen - ar gharda príobháideach Glinda í - a bhí i gceannas ar an mbuíon sin an Fear Bréige agus an Fear Coille Stáin láithreach bonn, agus chuir sí fáilte chroíúil rompu.

"Móradh dhuit!" arsa an Fear Bréige agus é ag baint a hata go hómósach, agus rinne an Fear Coille cuirteís léi agus ar seisean: "thángamar anseo le go mbeadh deis againn bualadh le do Rialóir caoin." "Tá Glinda ina pálás faoi láthair, agus í ag feitheamh oraibh," arsa an Captaen, "óir chonaic sí ag teacht sibh i bhfad sular tháinig sibh."

"Nach aisteach!" arsa Tip agus é ag déanamh iontais.

"Ní hea ná é!" arsa an Fear Bréige, "óir is draíodóir iontach í Glinda Mhaith agus ní tharlaíonn aon ní i gCríoch Oz i ngan fhios di.

Is dócha go bhfuil a fhios aici cén fáth ar thángamar freisin."

"Cad ab fhiú teacht in aon chor mar sin?" arsa Seán go dúr.

"Chun a chruthú gur Puimcíncheann atá ionat!" arsa an Fear Bréige. "Ach, má tá an bandraíodóir ag feitheamh orainn, níor cheart dúinn moill a dhéanamh."


Tháinig siad go léir anuas de na toilg agus lean siad an Captaen i dtreo an pháláis - lean an Capall Sábhadóireach a iad, fiú.

Bhí Glinda ina suí ina ríchathaoir mín-óir shaoirsithe agus ba ar éigin a bhí sí in ann meangadh gáire a choinneáil dá béal nuair a shiúil an bhuíon cuairteoirí aisteacha isteach agus nuair a d'umhlaigh siad os a comhair.

Bhí aithne agus cion aice ar an bhFear Bréige agus ar an bhFear Coille Stáin, ach ní fhaca sí neacha dá leithéidí an Puimcíncheann amháin agus an Deargadaol Oll-Mhéadaithe riamh, agus ba dhóigh iadsan a bheith ní b'aistí ná an chuid eile díobh.

Maidir leis an gCapall Sábhadóireachta, bhí an chuma an scéal nach raibh ann ach smután beoite adhmaid, agus d'umhlaigh sé chomh righin sin gur bhuail a chloigean i gcoinne an urláir,

rud a bhain gáire as na saighdiúirí agus as Glinda féin dá hainneoin



"Ba mhian liom a chur in iúl duit, a Shoilse Iontaigh," arsa an Fear Bréige de ghlór sollúnta, "go bhfuil baicle cailíní ceanndána a bhfuil bioráin chniotála acu tar éis an lámh in uachtar a fháil ar mo Chathair Iathghlas agus go bhfuil na fir faoi chois acu, gur ghoid siad na seoda iathghlasa de na sráideanna agus de na foirgnimh go léir, agus gur sciob siad mo ríchathaoir uaim."

"Tá a fhios agam é," arsa Glinda.

"Bhagair siad, freisin, go scriosfaidís mé, mar aon leis na cairde maithe agus na comhghuaillithe a fheiceann tú os do chomhair anseo," arsa an Fear Bréige. "Murach gur éirigh linn na cosa a thabhairt linn uathu bheadh ár gcosa nite fadó."

"Tá a fhios agam é," arsa Glinda arís.

"D bhrí sin, chugat anseo anois mé ag impí cúnaimh ort," arsa an Fear Bréige, "óir creidim go mbíonn tú toilteanach i gcónaí teacht i gcabhair ar an té a mbíonn mí-ádh air agus a bhíonn faoi chois."

"Is fíor sin," arsa an Bandraíodóir go mall réidh. "Ach tá an Chathair Iathghlas faoi cheannas an Ghinearáil Jinjur anois, a deir gurb ise an Bhanríon. Cén ceart atá agam cur ina coinne?"

"Nuathair, ghoid sí an ríchathaoir uaim," arsa an Fear Bréige.

"Agus conas a fuair tusa an ríchathaoir sin?" arsa Glinda.

"Fuair mé é ó Asarlaí Oz í, agus de réir rogha na ndaoine," arsa an Fear Bréige agus é míshuaimhneach leis an gceistiú sin.

"Agus cá bhfuair an tAsarlaí í?" ar sise go dáiríre.

"Deirtear liom gur thóg sé é ó Pastoria, an t-iar-Rí í," a dúirt an Fear Bréige, agus mearbhall ag teacht air faoi stánadh an Bhandraíodóra.

"Más mar sin atá," arsa Glinda, "ní leatsa ná le Jin ur ríchathaoir na Cathrach Iathghlaise, ach leis an Pastoria seo óna bhfuair an tAsarlaí d'fheall í."

"Is fíor sin," arsa an Fear Bréige go humhal, "ach tá Pastoria marbh agus imithe anois agus ní mór do dhuine éigin a bheith i gceannas ina ionad."

"Bhí iníon ag Pastoria, agus is ise an t-oidhre ceart ar ríchathaoir na Cathrach Iathghlaise. An raibh a fhios agat é sin?" arsa an Bandraíodóir.

"Ní raibh," arsa an Fear Bréige.

"Ach má tá an cailín fós beo ní sheasfaidh mise sa tslí uirthi. Bheinn chomh sásta céanna go gcaithfí Jinjur amach mar éilitheoir bréagach is a bheinn ná mbeadh an ríchathaoir agam féin arís. Leoga, ní haon ribín réidh é do dhuine a bheith ina rí, go háirithe má tá meabhair chinn mhaith aige. Tá a fhios agam le tamall gurbh fhearr i bhfad a d'oirfeadh post níos airde dom. Ach cá bhfuil an cailín ar léi an ríchathaoir, agus cén t-ainm atá uirthi?"

"Ozma an t-ainm atá uirthi," a d'fhreagair Glinda.

"Ach níl a fhios agam ó thalamh an domhain cá bhfuil sí in ainneoin mo chuid iarrachtaí. Óir nuair a ghoid Asarlaí Oz an ríchathaoir ó athair Ozma, is amhlaidh a chuir sé an cailín i bhfolach in áit rúnda éigin le draíocht nach bhfuil cur amach agam air. Dá bhrí sin ní féidir le duine ar bith teacht uirthi, fiú amháin Bandraíodóir chomh maith liom féin."

"Nach aisteach," arsa an Dargadaol go mórchúiseach.

"Dúradh liomsa nach raibh in Asarlaí Oscartha Oz ach mugadh magadh!"

"Seafóid!" arsa an Fear Bréige agus cantal air de bharr na cainte sin. "Nár thug sé meabhair chinn iontach domsa?"

"Níl aon mhugadh magadh i gceist le mo chroí-se," arsa an Fear Coille Stáin agus é ag stánadh gan náire ar an Deargadaol.

"Seans gur tugadh eolas míchruinn dom," arsa an Fheithid go briotach agus é ag cúlú siar, "Ní raibh aithne phearsanta agam ar an Asarlaí."

"Bhuel, bhí aithne againne air," arsa an Fear Bréige, "agus b'iontach go deo an tAsarlaí é, táim á rá leat. Is fíor go raibh sé ciontach in aithris a dhéanamh ar dhuine, ach mura raibh sé ina Asarlaí oscartha, conas a d'fhéadfadh sé an cailín seo a chur i bhfolach chomh daingean sin nach bhféadfadh éinne teacht uirthi?"

"G-g-géillim duit!" arsa an Deargadaol go ceansa.

"Is é sin an chaint is stuama a rinne tú go dtí seo," arsa an Fear Coille Stáin.

"Ní mór dom iarracht eile a dhéanamh a fháil amach cá háit go díreach a bhfuil an cailín seo i bhfolach," arsa an Bandraíodóir go machnamhach.

"Tá leabhar agam i mo leabharlann ina bhfuil cuntas ar gníomh a rinne an tAsarlaí a fhaid a bhí sé i gCríoch Oz - nó, ar a laghad, gach gníomh a d'fhéadfadh mo chailíní faire a fheiceáil. Léifidh mé an leabhar sin go grinn anocht, agus féachfaidh mé leis na gníomhartha a chuideoidh linn teacht ar Ozma a chur le chéile.



Idir an dá linn, bainigí taitneamh as mo phálás agus tugaigí orduithe do mo ghiollaí amhail is gur libh féin iad. Labhróidh mé libh arís amáireach."

Leis an gcaint sin, d'fhág Glinda slán leis an taisteal ithe agus d'imigh siad leo ag spaisteoireacht sna gairdíní áille, mar ar chaith siad roinnt uaireanta an chloig ag baint taitnimh as na nithe go léir a bhí ag Banríon na Críche Theas ina pálás ríoga.

Maidin lá arna mháireach, bhí siad faoi bhráid Glinda arís, agus arsa sise leo:

"Chuardaigh mé go cúramach sna taifid ar ghníomhartha an Asarlaí, agus ní fheicim ach trí cinn a bhfuil cuma amhrasach orthu, dar liom: D'ith sé pónairí le scian, thug sé trí chuairt rúnda ar Mhambaí, agus bhí sé ábhairín bacach ina chos chlé."

"Á! Is díol amhrais é an ceann deiridh sin go cinnte!" arsa an Puimcíncheann.

"Ní gá gurb ea," arsa an Fear Bréige. "Seans go raibh fadharcáin ar a chos. Ach, dar liomsa, is díol amhrais é gur ith sé pónairí le scian."

"Seans gur béas é sin in Omaha, an tír iontach arbh as don Asarlaí ó dhúchas," arsa an Fear Coille Stáin.

"Seans gurb ea," arsa an Fear Bréige.

"Ach cén fáth," arsa Glinda, "ar thug sé trí chuairt rúnda ar Mhambaí?"

"Á! Cén fáth, go deimhin!" arsa an Deargadaol go feasach.

"Tá a fhios againn gur mhúin an tAsarlaí go leor dá chleasa draíochta don tseanbhean," arsa Glinda, "agus ní dhéanadh sé a leithéid ach gur thug sí cúnamh dó ar bhealach éigin.

Dá bhrí sin, tá amhras orainn, ní gan chúis, gur chuidigh Mambaí leis an cailín Ozma a chur i bhfolach toisc gurbh ise fíoroidhre ríocht na Cathrach Iathghlaise, agus bagairt mhór don Asarlaí.

Óir, dá mbeadh a fhios ag na daoine go raibh sí beo, dhéanfaidís Banríon di go tapaidh agus chuirfidís sa ríchathaoir í mar ba cheart."

"Argóint mhaith!" arsa an Fear Bréige.

"Níl amhras dá laghad orm go raibh lámh ag Mambaí sa ghnó gránna seo go léir. Ach cén cúnamh é an t-eolas sin dúinn?"

"Ní mór dúinn Mambaí a aimsiú," arsa Glinda, "agus iallach a chur uirthi a rá linn mar a bhfuil an cailín i bhfolach."

"Tá Mombi i dteannta na Banríona Jinjur, sa Chathair Iathghlas, anois," arsa Tip.

"Ba ise a chuir na bacainní sin go léir sa tslí orainn, agus a thug ar Jinjur a bhagairt go scriosfadh sí mo chairde agus go dtabharfadh sé ar ais don tseanchailleach mé."

"Más mar sin atá," arsa Glinda go diongbháilte, "máirseáilfidh mé le m'arm chuig an gCathair Iathghlas, agus déanfaidh mé príosúnach de Mhambaí.


Ina dhiaidh sin is féidir linn, b'fhéidir, iallach a chur uirthi an fhírinne a insint faoi Ozma."

"Is uafásach an tseanbhean í!" arsa Tip agus tháinig crith eagla air nuair a smaoinigh sé ar chiteal dubh Mhambaí, "tá sí ceandána, freisin."

"Táim sách ceanndána mé féin," arsa an Bandraíodóir agus rinne sí meangadh gáire. "Dá bhrí sin, níl scáth ná eagla orm roimh Mhambaí. Déanfaidh mé na socruithe go léir inniu, agus máirseálfaimid chun na Cathrach Glaise ar bheacadh an lae amáireach."



Stoitheann an Fear Coille Stáin Rós



Bhí cuma mhór mhaorga ar Arm Glinda Mhaith nuair a chuinnigh siad le chéile ar bhreacadh an lae roimh gheataí an pháláis.

Bhí cuma aoibhinn agus dhaite ar éide na saighdiúirí cailín, bhí a gcuid sleánna barr-airgid lonrach agus glioscarnach, agus bhí lámha na sleánna maisithe le néamhainn.

Bhí claimhte géara glioscarnacha ag na hoifigigh go léir mar aon le sciatha a raibh cleití péacóige ar a n-imeall acu. Bhí an chuma orthu i ndáiríre nárbh fhéidir le namhaid ar bith arm chomh hiontach seo a chloí.



Thaistil an Bandraíodóir i bpalaincín álainn a bhí costúil le cabhail cóiste, ag a raibh doirse agus fuinneoga le cuirtíní síoda, ach seachas rothaí a bheith faoi mar a bheadh ag cóiste, bhí sé feistithe de dhá chlár fhada chothrománacha a d'iompraíodh

dháréag seirbhíseach ar a nguailí.

Bheartaigh an Fear Bréige agus a chairde ar thaisteal ar dhroim an Ghump, ionas gurbh fhéidir leo coinneáil cos ar chos leis an arm agus iad ag máirseáil leo go gasta. Dá brí sin, a luaithe a thosaigh Glinda ag gluaiseacht agus a thosaigh na saighdiúirí ag máirseáil agus a thosaigh an banna ag seinm ceol spreagthach, léim ár gcairde in airde ar na toilg agus as go brách leo ina ndiaidh.

D'eitil an Gump go mall díreach os cionn an phalaincín ina raibh an Bandraíodóir ag taisteal.

"Bí san airdeall," arsa an Fear Coille Stáin leis an bhFear Bréige, a bhí ag cromadh thar an taobh agus é ag iarraidh radharc a fháil ar an arm a bhí thíos fúthu. "Tá baol ann go dtitfeá."



"Ba chuma," arsa an Deargadaol oilte, "óir ní féidir é a bhriseadh toisc go bhfuil sé líonta le hairgead."

"Nach ndúirt mé leatsa," arsa Tip de ghlór cáinteach.

"Dúirt!" arsa an Deargadaol, go pras. "Agus gabh mo leithscéal.

Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall guaim a choinneáil orm féin."

"B'fhearr duit," arsa an buachaill. "Is é sin, más áil leat taisteal leis an mbuíon seo againne."

"Á! Ba leasc liom imeacht uaibh anois," arsa an Fheithid faoina fhiacla go mothúchánach, agus scaoil Tip leis.

Lean an t-arm orthu go seasta ar feadh na hoíche, ach thit an oíche sular bhain siad balla na Cathrach Iathghlaise amach.

Faoi lagsholas na gealaí úire, áfach, tháinig arm Glinda um an gcathair go ciúin agus chuir siad a bpubaill dhearga síoda in airde ar an bplásóg.

Ba mhó puball an Bhandraíodóra ná na pubaill eile, agus ba as síoda bán a rinneadh é agus bhí meirgí dearga ar foluain os a chionn.

Cuireadh puball in airde do bhuíon an Fhir Bhréige chomh maith, agus nuair a rinneadh na socruithe sin, go pras agus go beacht, lig an t-arm a scíth.

Ba mhór an t-iontas a bhí ar an mBanríon Jinjur an mhaidin dar gcionn nuair a tháinig a saighdiúirí chuici de ruathar ag rá léi go raibh arm ollmhór timpeall orthu.

Chuaigh sí in airde ar thúr ní b'airde sa phálás ríoga agus chonaic sí meirgí ar foluain i ngach treo agus puball mór bán Glinda ina seasamh díreach is comhair na ngeataí.

"Tá ár bport seinnte go cinnte!" arsa Jinjur, go héadóchasach. "Cén chaoi ar féidir linn, lenár bioráin chniotála, cur i gcoinne sleánna fada agus claimhte uafásacha ár namhad?"

"Is é an rud is fearr is fearr a dhéanfaimis," a dúirt duine de na cailíní, "géilleadh chomh tapaidh agus is féidir linn, sula ngortófar sinn."

"Ní ghéillfidh," arsa Jinjur go cróga.

"Tá an namhaid fós taobh amuigh de na ballaí, mar sin ní mór dúinn iarracht a dhéanamh labhairt leo.


Imigh leat le bratach na síochána chuig Glinda agus fiafraigh di cén dánaíocht atá inti ionradh a dhéanamh ar mo ríocht, agus cad iad na héilimh atá aici."

Dá bhrí sin, chuaigh an cailín amach trí na geataí, agus bratach bhán ar iompar aici lena thaispeáint go raibh sí ar mhisean síochána, agus tháinig sí go puball Glinda.

"Abair le do Bhanríon," a dúirt an Bandraíodóir leis an gcailín, "go gcaithfidh sí Mambaí a thabhairt ar lámh domsa, go ndéanfainn príosúnach di.

Má dhéanann sí é sin, ní chuirfidh mé isteach uirthi a thuilleadh."

Anois nuair a cuireadh an teachtaireacht sin in iúl don Bhanríon tháinig tocht díomá uirthi, óir ba í Mambaí an chomhairleoir ba mhó a bhí aici, agus bhí eagla mhór



ar Jinjur roimh an tsean-chailleach.

Ach chuir sí fios ar Mhambaí agus d'inis sí di a ndúirt Glinda.

"Tá trioblóid i ndán dúinn go léir," arsa an tsean-chailleach, tar éis di féachaint ar a scáthán draíochta a bhí ina póca aici.

"Ach seans go dtabharfaimid na cosa linn fós ach dullamullóg a chur ar an mbandraíodóir seo, dá chistí dar léi féin."

"Nár bh fhearr domsa tusa a thabhairt ar lámh di?" arsa Jinjur go neirbhíseach. "Má dhéanann tú é sin, caillfidh tú ríchathaoir na Cathrach Iathghlaise!" arsa an chailleach, go diongbháilte.

"Ach má thugann tú cead mo chinn dom, is féidir liom an bheirt againn a shábháil go héasca."

"Déan mar is mian leat féin mar sin," arsa Jinjur, "óir tá sé chomh huasal sin a bheith i mo bhanríon nár mhaith liom go mbeadh orm filleadh abhaile arís chun leapacha a chóiriú agus soithí a ní do mo mháthair."

Leis sin chuir Mambaí fios ar Jellia Jamb, agus rinne sí deasghnáth draíochta áirithe a raibh cur amach aici air.

De bharr na draíochta sin, tháinig cuma agus cruth Mhambaí ar Jellia, agus tháinig cuma agus cruth an chailín óig ar Mhambaí agus níorbh fhéidir le duine ar bith a dhéanamh amach gur chleas a bhí ann.

"Anois," a dúirt Mambaí leis an mBanríon, "tugadh do shaighdiúirí an cailín seo ar láimh do Glinda.

Ceapfaidh sí go bhfuil Mambaí cheart gafa aici, agus imeoidh sí léi láithreach do Críoch an Deiscirt."

Dá bhrí sin, tugadh Jellia, agus í ag siúl go bacach mar a bheadh seanbhean, trí gheataí na cathrach agus faoi bhráid Glinda.



"Seo í an duine a bhí uait," arsa duine de na gardaí, "agus impíonn ár mBanríon

ort anois imeacht leat, mar a gheall tú, agus gan cur isteach orainn a thuilleadh."

"Is cinnte go ndéanfaidh mé é sin," arsa Glinda agus í breá sásta, "más ionann an duine seo agus a samhail i ndáiríre."

"Is cinnte gur Mambaí í," a dúirt an garda, a chreid go raibh sí an fhírinne á hinsint aici, agus d'fhill saighdiúirí Jinjur isteach trí gheataí na cathrach ansin.

Chuir an Bandraíodóir fios go gasta ar an bhfear Bréige agus ar a chairde a theacht chuig a puball, agus thosaigh sí ag ceistiú Mhambaí faoin gcailín sin Ozma a bhí ar iarraidh.

Ach ní raibh eolas dá laghad ag Jellia ar an ábhar sin, agus d'éirigh sí an-neirbhíseach leis an gceistiú agus thosaigh sí ag gol, rud a chuir an-ionadh ar Glinda.

"Tá cleasaíocht éigin ar bun anseo!" arsa an Bandraíodóir agus racht feirge le feiceáil ina súile.

"Nuathair, ní hí seo Mambaí in aon chor ach duine éigin eile a bhfuil cuma Mhambaí uirthi! Inis dom," ar seisean agus í an tiontú chuig an gcalín a raibh crith eagla uirthi, "cad is ainm duit?"


Ní inseodh Jellia é sin ar ór ná ar airgead toisc gur bhagair an chailleach go maródh sí í dá n-inseodh sí dóibh faoin gcleasaíocht.

Ach thuig Glinda, a bhí maith agus cothrom, draíocht ní b'fhearr ná aon duine eile i gCríoch Oz.

Dá bhrí sin, dúirt sí roinnt focal draíochta agus rinne sí ge itsíocht áirithe, agus d'athraigh sí an calín ar ais ina cruth ceart, agus ag an am céanna, i bhfad i gcéin uathu i bpálás Jinjur, tháinig a cruth cromtha calaoiseach féin ar Mhambaí arís.

"Nuathair, Jellia Jamb atá ann!" arsa an Fear Bréige de bhéic nuair a thug sé faoi deara gur seanchara leis a bhí ann.

"Is í an t-ateangaire atá ann!" arsa an Puimcíncheann agus meangadh gáire breá air.



Bhí ar Jellia cleasaíocht Mhambaí a insint dóibh ansin agus d'impigh sí ar Glinda cosaint a thabhairt di agus bhí an Bhandraíodóir é sin a dhéanamh di.

Ach bhí an gomh dearg ar Glinda, agus sheol sí teachtaireacht chuig Jinjur a chuir in iúl di go raibh a rún sceite agus gur chóir di Mambaí cheart a thabhairt ar láimh nó go mbeadh toradh uafásach air.

Bhí Jinjur réidh don teachtaireacht seo, óir thuig an cailleach go maith, nuair a athraíodh ar ais í, go raibh a fhios ag Glinda faoina gcuid cleasaíochta.

Ach bhí cleasaíocht eile réidh ag an tseanchailleach ghránna agus chuir sí iachall ar Jinjur é a dhéanamh.

Ba é a dúirt an Bhanríon le teachtaire Glinda:

"Abair le do mháistreás nach féidir liom Mambaí a aimsiú áit ar bith, ach go bhfuil fáilte roimh Glinda dul isteach sa chathair más áil léi féin a chuardach don tseanbhean. Féadfaidh sí a cairde a thabhairt léi freisin, más maith léi; ach mura n-aimsíonn sí Mambaí roimh dhul faoi na gréine, ní mór don Bhandraíodóir a ghealladh go n-imeoidh sí go síochánta agus nach gcuirfidh sí isteach orainn arís."

D'aontaigh Glinda leis na téarmaí sin, agus a fhios go maith go raibh Mambaí áit éigin laistigh de bhallaí na cathrach.

Mar sin d'ordaigh Jinjur go n-osclófaí an geataí agus mháirseáil Glinda isteach agus a cuid saighdiúirí laistiar di, agus an Fear Bréige agus an Fear Coille Stáin ina ndiaidh sin, agus bhí Seán Puimcíncheann ag marcaíocht ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta, agus bhí an Deargadaol Oilte Oll-Mhéadaithe ag

siúl leis ar a gcúl ar fad go grástúil.

Shiúil Tip le taobh an Bhandraíodóra, óir bhí an-chion ag Glinda ar an mbuachaill.

Ní raibh sé i gceist in aon chor ag Mambaí go n-aimseodh Glinda í, ní nach ionadh, agus a fhaid a bhí a naimhde ag siúl na sráide, rinne an chailleadh rós dearg di féin a bhí ag fás ar sceach i ngairdín an pháláis.

Cleas iontach a bhí ann, agus cleas nach raibh Glinda ag súil leis in aon chor. Dá bhrí sin, caitheadh go leor uaireanta an chloig ag cuardach do Mhambaí, ach obair in aisce a bhí ann.


Agus an lá ag diúltú dá sholas, thuig an Bandraíodóir go raibh an chailleach aosta ghlic tar éis an ceann ab fhearr a fháil uirthi. Leis sin, d'ordaigh sí dá dhaoine máirseáil amach as an gcathair agus ar chuig na pubaill.

Tharla go raibh an Fear Bréige agus a chompánaigh ag cuardach i ngairdín an pháláis ansin díreach, agus thiontaigh siad go díomách nuair a chuala siad ordú Glinda.

Ach sular fhág siad an gairdín, thug an Fear Coille Stáin, a raibh dúil mhór aige i mbláthanna, thug sé rós mór dearg a bhí ag fás ar sceach faoi deara. Leis sin, stoith sé an bláth agus ghreamaigh sé don pholl cnaipe ar a bhrollach stáin.

Agus é á dhéanamh sin, mheas sé gur chuala sé olagón íseal ón rós, ach níor thug sé aird ar bith ar an bhfuaim, agus ar an gcaoi sin tugadh Mambaí amach as an gcathair agus isteach i gcampa Glinda agus gan a fhios ag éinne gur éirigh leo an tasc a chur i gcrích.





Claochlú Mhambáí


Bhí faitíos ar an gCailleach ar dtús gur ghabh an namhaid í, ach dúirt sí léi féin ansin go raibh sí chomh sábháilte céanna i bpoll cnaipe an Fhir Choill Stáin agus a bhí sí ar an sceach sa ghairdín.

Óir ní raibh a fhios ag éinne gurbh ionann an rós agus Mambáí, agus anois go raibh sí lasmuigh de gheataí na Cathrach b'fhearr i bhfad an seans a bhí aici éalú ó Glinda ar fad.

"Ach níl aon deifir ann," arsa Mambáí léi féin. "Fanfaidh mé tamaillín agus bainfidh mé taitneamh as náiriú an Bhandraíodóra seo nuair a gheobhaidh sí amach go bhfuair mé an ceann is fearr uirthi."

I rith na hoíche, mar sin, luigh an rós go ciúin ar bhrollach an Fhir Choille Stáin, agus nuair a chuir Glinda fios ar a cairde maidin lá arna mhárach, thug Nick Chopper an bláth deas leis chuig an bpuball síoda bán.

"Ar chúis éigin," arsa Glinda, "theip orainn Mambáí chliste a aimsiú. Is eagal liom, mar sin, go dteipfidh ar an turas seo ar fad.



Agus tá an-bhrón orm faoi sin, óir ní aimseofar Ozma bheag in aon chor gan cúnamh uainn agus ní ghlacfaidh sí seilbh ar an ríchathaoir mar Bhanríon na Cathrach Iathghlaise mar ba cheart di."

"Ná ligimis na maidí rámha le sruth chomh furasta sin," arsa an Puimcíncheann. "Triailimis rud éigin eile."

"Ní mór rud éigin a dhéanamh go cinnte," arsa Glinda agus meangadh gáire ar a haghaidh. "Ach ní thuigim conas a d'éirigh leis an sean-Chailleach an ceann is fearr a fháil orm agus níos lú eolais ar an draíocht aici ná mar atá agam féin."

"Ó tharla go bhfuilimid ar an talamh is dóigh liom go mba chiallmhar an beart é an Chathair a ghabháil ar son an Bhanphrionsa Ozma, agus an cailín féin a aimsiú ina dhiaidh sin." arsa an Fear Bréige.

"Agus a fhaid atá an cailín i bhfolach leanfaidh mise orm i gceannas ina hionad, óir is fearr i bhfad a thuigimse an gnó ná mar a thuigeann Jinjur."

"Ach gheall mé nach ndéanfainn aon dochar do Jinjur," arsa Glinda.

"Abair go bhfillfeadh sibh go léir liomsa chuig mo ríochtsa - ní m'Impireachtsa, ba chirte a rá," arsa an Fear Coille Stáin go béasach agus comhartha á thabhairt aige don slua go léir.

"Ba phléisiúr dom cóir a chur oraibh i mo chaisleán-sa, mar a bhfuil go leor spáis bhreise agam. Más mian le duine ar bith agaibh plátáil nicil a fháil, beidh mo ghiollaí breá sásta é sin a dhéanamh saor in aisce."

A fhaid a bhí an Fear Coille ag caint bhí Glinda ag déanamh suntais don rós a bhí ina pholl cnaipe aige, agus mheas sí go bhfaca sí creathán ag teacht ar phiotail mhóra dhearga an bhlátha.

Tháinig amhras uirthi láithreach, agus i bhfaiteadh na súl bhí a fhios ag an Bandraíodóir gur chlaochlú Mhambaí a bhí sa rós sin i ndáiríre.

Ag an am céanna, thuig Mambaí go raibh a rún sceite uirthi agus nár mhór di éalú. Ó tharla go raibh scil nach beag aici maidir le claochluithe, rinne sí Scáth di féin láithreach agus shleamhnaigh sí léi ar feadh bhalla an phubail i dtreo an bhealaigh isteach, agus é i gceist aici éalú i ngan fhios.

Ach ní hamháin go raibh Glinda chomh cliste léi, ach bhí i bhfad ní ba mhó taithí aici ná mar a bhí ag an gcailleach.

Dá bhrí sin, bhain an Bandraíodóra bealach isteach an phubail roimh an Scáth, agus dhún sí an bealach isteach sin go daingean ach a lámh a luascadh ionas nárbh fhéidir le Mambaí teacht ar scoilt a bheadh sách mór go bhféadfadh sí téaltú amach.

Chuir gníomhartha Glinda iontas ar an bhFear Bréige agus ar a chairde, óir níor thug éinne acu an Scáth faoi deara.

Ach labhair an Bandraíodóir leo:

"Fanaigí go léir socair agus ciúin! Tá an tsean-Chailleach anseo sa phuball linn i láthair na huaire agus tá súil agam gur féidir liom breith uirthi."

Chuir na focail sin an croí trasna i Mambaí agus rinne sé claochlú láithreach agus rinne sí Seangán Dubh di féin seachas an Scáth, agus d'imigh sí léi ar feadh an talaimh agus í ag lorg gáig nó scoilte ina bhféadfadh sí a colainn bheag a chur i bhfolach.

Ar ámharáí an tsaoil, bhí an talamh sin ar a raibh an puball ina sheasamh, díreach os comhair gheataí na cathrach, mín agus crua. Agus an seangán ag rith thart, chonaic Glinda í agus thug sí fogha fúithi chun go mbéarfadh sí uirthi. Agus Glinda ag cur a láimhe os cionn an tseangáin, tháinig sceimhle agus scaoll ar an gcailleach, agus rinne sé claochlú amháin deiridh. Léim Gríobh mhór trí bhalla síoda an puball, a stróic sí ó chéile, agus i bhfaiteadh na súl d'imigh sí léi ar nós na gaoithe.

D'imigh Glinda de ruathar ina diaidh. Léim sí in airde ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta agus arsa sise de bhéic:

"Anois a chruthóidh tú fiúntas do bheatha! Rith - rith - rith!"

Rith an Capall Sábhadóireachta.

Lean sé an Ghríobh de ruathar, agus a chosa adhmaid ag luascadh chomh tapaidh sin go raibh siad ag glioscarnach mar a bheadh gaetha réalta.

Sular thuig ár gchairde a raibh ag tarlú, bhí an Ghríobh agus an Capall Sábhadóireachta imithe as radharc.





"Téanam! Leanaimis iad!" arsa an Fear Bréige.

Rith siad anonn mar a riabh an Gump ina luí agus léim siad in airde ar na toilg.

"Eitil!" arsa Tip go díocasach.

"Cá háit?" arsa an Gump de ghlór réidh.

"Níl a fhios agam," arsa Tip, a raibh an mhoill ag cur imní air, "ach má eitlíonn tú in airde san aer, seans go bhfaighimis amach cá ndeachaigh Glinda."

"Tá go maith," arsa an Gump go ciúin, agus leis sin leath sé a sciatháin mhóra agus d'éirigh sé in airde san aer.

Bhí siad in ann dhá spoitín bheaga bhídeacha, agus iad sna sála ar a chéile ar luas lasrach, a fheiceáil i bhfad i gcéin uathu sna

páirceanna, agus bhí a fhios acu nár mhór gurbh iad na spoitíní sin an Ghríobh agus an Capall Sábhadóireachta.

Tharraing Tip aird an Ghump orthu agus d'iarr siad ar an gcréatúr iarracht a dhéanamh dul chun tosaigh ar an gCailleach agus ar an mBandraíodóir.

Ach ná ghasta a d'eitil an Gump ba ea gur ghéaraigh ar luas na tóraíochta, agus i bhfaiteadh sa súl chuaigh na spoitíní i bhfolach ar imeall na spéire.

"Leanaimis iad mar sin féin," arsa an Fear Bréige, "óir níl críoch Oz chomh fairsing sin ar fad agus stadfaidh siad luath nó mall."

Mheas Mambaí go ndearna sí cinneadh iontach Gríobh a dhéanamh di féin, óir bhí a chosa an-lúth agus na sheasmhaí a neart ná ainmhí ar bith eile.

Ach ní raibh aon tuiscint aici ar fhuinneamh do-ídithe an Chapail Sábhadóireachta, a d'fhéadfadh a chosa adhmaid a luascadh ar feadh na laethanta fada gan moilliú. Dá bhrí sin, tar éis dóibh uair an chloig a chaitheamh sa tóraíocht, tháinig saothar anála ar an nGríobh agus thosaigh sé ag alpadh aeir go ciachánach agus thosaigh an luas ag moilliú.

Níorbh fhada gur bhain sí imeall na ghaineamhlaigh amach agus gur thosaigh sí ag rith trasna an ghainimh dhoimhin. Ach thosaigh a chosa tuirseacha ag dul in abar go doimhin isteach sa ghaineamh, agus faoi cheann cúpla nóiméad thit an Ghríobh as a seasamh i mullach a cinn agus b'iúd ansin í caite ar fhásach an ghaineamhlaigh.

Tháinig Glinda uirthi faoi cheann nóiméid agus í ar dhroim an Chapail Sábhadóireachta a bhí lán d'fhuinneamh. Bhain sí snáithe óir dá crios agus chaith sí um chloigeann na Gríbhí a raibh gearranáil uirthi, agus leis sin, chuir sí deireadh na draíodóireacht Mhambáí.

I bhfaiteadh na súl, d'imigh an t-ainmhí as radharc agus chonacthas ina áit an tseanchailleach, agus í ag stánadh go fíochmhar ar éadan aoibhinn álainn an Bhandraíodóra.





An Banphrionsa Ozma as Oz

"Is tusa mo phríosúnach, agus ní fiú duit streachailt a thuilleadh," a dúirt Glinda, ina guth bog, milis. "Fan socair nóiméad, agus lig do scíth, agus ansin tabharfaidh mé ar ais chuig mo phuball thú."

"Cén fáth a bhfuil tú do mo lorg?" arsa Mambaí, gan a bheith in ann labhairt i gceart fós toisc na gearr-anála.

"Cad a rinne mé ort, le go ndéanfaí ciapadh mar seo orm?"

"Ní dhearna tú aon rud ormsa," arsa an Bandraíodóir caoin, "ach déarfainn go ndearna tú go leor gníomhartha gránna, agus má fhaighim amach gur fíor gur bhain tú mí-úsáid as d'eolas ar dhraíocht, gearrfaidh mé pionós mór ort."

"Mo dhúshlán fút!" arsa an tseanbhean de ghrágaíl.

"Ní bheadh sé de mhisneach agat díobháil a dhéanamh dom!"

Bhí ríméad ar ár gcairde nuair a chonaic siad go raibh Mambaí gafa i ndeireadh na dála, agus tar éis dóibh é a phlé, beartaíodh gur chóir dóibh uile filleadh ar an gcampa sa Gump.

Leis sin, caitheadh an Capall Sábhadóireachta ar bord, agus ansin chuir Glinda a raibh greim aici ar cheann na snáithe a bhí um muineál Mhambaí, chuir sí iachall ar an bpríosúnach dreapadh in airde ar na toilg.

Lean an chuid eile iad, agus dúirt Tip leis an nGump filleadh.

Rinneadh an Turas go sábháilte - bhí Mambaí ina suí ann agus cuma dhuaire shotalach uirthi, óir ní raibh neart ar bith ag an tseanchailleach a fhaid a bhí an tsnáithe dhraíochta um a scornach.

Lig an t-arm na gártha astu in ard a gcinn agus a ngutha nuair a d'fhill Glinda, agus níorbh fhada go raibh an bhuíon cairde le chéile arís sa phuball ríoga, a deisíodh go deas néata a fhaid a bhí siad imithe.

"Anois," arsa an Bandraíodóir le Mambaí, "an inseofá dúinn cén fáth ar thug Asarlaí Oscartha Oz cuairt ort trí huaire, agus cad a d'imigh ar an leanbh, Ozma, nach bhfuil tásca ná tuairisc uirthi."

D'fhéach an Chailleach ar Glinda go ceandána gan gíog ná míog aisti.

"Freagair mé!" arsa an Bandraíodóir.

Ach fós féin, d'fhan Mambaí ina tost.

"Seans nach bhfuil a fhios aici," arsa Seán.

"Tarraim ort fanacht i do thost," arsa Tip.

"Seans go millfidh tú an rud go léir le do chuid amaidí."

"Tá go maith, a athair dhil!" arsa an Puimcíncheann go caoin.

"Nach mise atá sásta gur Deargadaol mé!" arsa an Fheithid Oll-Mhéadaithe go séimh.

"Ní féidir le duine ar bith a bheith ag súil le gaois ó phuimcín."

"Bhuel," arsa an Fear Bréige, "cad a dhéanfaimid chun Mambaí a chur a chaint? Mura n-inseoidh sí dúinn a bhfuil ar eolas aici, níorbh fhiú í a ghabháil in aon chor."

"D'fhéadfaimis a bheith cneasta léi," arsa an Fear Coille Stáin. "Chuala mé gur féidir duine ar bith a cheannú le cneastacht, beag beann ar a ghránna atá siad."

Ach a ndúirt sé é sin, thiontaigh an Chailleach chuige agus stán sí air ar bhealach chomh gránna sin gur chúlaigh an Fear Coille Stáin.

Bhí Glinda ag déanamh a marana faoina bhféadfadh sí a dhéanamh, agus thiontaigh sí go Mambaí agus ar sise:

"Ní beidh aon tairbhe le fáil agat as a bheith ag cur inár gcoinne mar seo. Óir táim meáite ar an fhírinne a fhoghlaim faoin gcailín sin Ozma, agus mura n-inseoidh tú dom gach a bhfuil ar eolas agat, cuirfidh mé chun báis thú go cinnte."

"Ó! Ná déan! Ná déan é sin," arsa an Fear Coille Stáin de bhéic. "B'uafásach an rud é duine ar bith a mharú - fiú Mambaí féin!"

"Ach níl ann ach bagairt," arsa Glinda. "Ní chuirfidh mé Mambaí chun báis, óir b'fhearr léi an fhírinne a insint dom."

"Á, tuigim!" arsa an fear stáin agus faoiseamh air.

"Abair go n-inseoidh mé duit a bhfuil uait a chloisteáil," arsa Mambaí agus baineadh stangadh astu go léir nuair a thosaigh sí ag caint. "Céard a dhéanfaidh tú liom ansin?"

"Sa chás sin," arsa Glinda, "ní iarrfaidh mé ort ach deoch chumhachtach a ól a thabharfaidh ort dearmad a dhéanamh ar an draíocht go léir a d'fhoghlaim tí."

"Ní bheadh ionam ansin ach seanbhean leochaileach!"

"Ach bheifeá beo," arsa an Puimcíncheann, á cur ar a suaimhneas.

"Déan iarracht fanacht i do thost!" arsa Tip go neirbhíseach.

"Déanfaidh mé iarracht," arsa Seán, "ach admhóidh tú gur maith an rud é a bheith beo."

"Go háirithe má tá duine Lán-Oilte," arsa an Deargadaol, agus é ag sméideadh a chinn.

"Féadfaidh tú do rogha a dhéanamh," a dúirt Glinda le Mambaí, "idir an bás má fhanann tú i do thost, agus do chumhachtaí draíochta a chailliúint má insíonn tú an fhírinne dom, ach is dóigh liom gurbh fearr leat maireachtáil.

Thug Mambaí sracfhéachaint mhíshuaimhneach ar an mBandraíodóir agus chonaic sí go raibh sí i ndáiríre agus nár chóir cur ina coinne.

Labhair sí go mall, ansin:

"Freagróidh mé do chuid ceisteanna."

"Sin é a mheas mé," arsa Glinda go séimh.

"Rinne tú an cinneadh ceart, gan aon agó."

Thug sí comhartha do dhuine dá Captaein ansin, agus thug sé ciseog álainn óir chuici.

Bhain an Bandraíodóir péarla gléigeal bán a bhí i gceangal de shlabhra caol as an gciseog agus chuir sí um a muineál é ar bhealach go raibh an péarla ar crochadh os comhair a croí.

"Anois," a dúirt sí, "cuirfidh mé an chéad cheist ort:

Cén fáth ar thug an Draoi cuairt ort trí huaire?"

"Toisc nach rachainnse chuige," arsa Mambaí.

"Ní haon fhreagra é sin," a dúirt Glinda go crosta. "Inis an fhírinne dom."

"Bhuel," arsa Mambaí, agus í an féachaint síos uaithi, "thug sé cuairt orm go bhfaigheadh sé amach conas a dhéanamh brioscaí tae."

"Féach in airde!" arsa an Bandraíodóir d'ordú.

Rinne Mambaí rud uirthi.

"Cad é dath atá ar mo phéarla?" arsa Glinda.

"Nuathair, tá sé dubh!" arsa an tsean-Chailleach, agus iontas ina glór.

"D'inis tú bréag díom!" arsa Glinda go feargach. "Ní bheidh an dath íonbhán seo ar mo phéarla draíochta ach amháin má insíonn tú an fhírinne."

Thuig Mambaí ansin nárbh fhiú a bheith ag iarraidh dullamullóg a chur ar an mBandraíodóir. Dá bhrí sin, ar sise agus straine uirthi go bhfuarthas an lámh in uach ar uirthi:

"Thug an Draoi chuig an gcailín Ozma mé, nach raibh inti ach páiste an uair sin, agus d'impigh sé orm an páiste a cheilt."

"Sin é a mheas mé," arsa Glinda go socair. "Cad a thug sé duit as é sin a dhéanamh dó?"

"Mhúin sé dom na cleasanna draíochta go léir a bhí ar eolas aige. Cleasanna maithe a bhí i gcuid acu, agus ní raibh i gcuid eile ach mugadh magadh, ach níor bhris mé mo gheallúint."

"Cad a rinne tú leis an gcailín?" arsa Glinda agus chrom gach duine chun tosaigh agus iad ag bís go gcloisfidís an freagra.

Chuir mé faoi gheasa í," arsa Mambaí.

"Cén chaoi?"

"Claochlú. Rinne mé, rinne mé-"

"Cad a rinne tú di?" arsa Glinda, nuair a tháinig drogall ar an gCailleach.

"Rinne mé buachaill di!" arsa Mambaí de ghlór íseal.

"Buachaill!" arsa gach éinne, agus ansin, ó tharla go raibh a fhios acu gur thóg an tseanbhean sin Tip ó bhí sé an-óg, thiontaigh siad go léir chuig an áit a raibh an buachaill ina sheasamh.

"Sea," arsa an tsean-Chailleach, agus í ag cromadh a cinn, "is é sin an Banphrionsa Ozma - an páiste a thug an tAsarlaí, a ghoid ríchathaoir a hathar, chugam.

Is é sin ba chóir a bheith i gceannas ar an gCathair Iathghlas!" agus dhírigh sí a méar fhada chnámhach díreach i dtreo an bhuachalla.

"Mise!" arsa Tip agus iontas air. "Nuathair, ní haon Bhanphrionsa Ozma mise - ní cailín mé!"

Rinne Glinda meangadh gáire, chuaigh sí anonn chuig Tip agus rug sí greim ar a lámh bheag dhonn lena lámh bhán féin.

"Ní cailín thú i láthair na huaire" ar sise, go séimh, "mar gheall gur chlaochlaigh Mambaí thú agus go ndearna sí buachaill díot.

Ach cailín ba ea tú nuair a rugadh thú, agus ba Bhanphrionsa thú freisin. Mar sin, ní mór duit do chló ceart a ghlacadh arís ionas go mbeidh tú i do Bhanríon ar an gCathair Iathghlas."

"Fanadh Jinjur ina Banríon!" arsa Tip agus é ag cromadh ar ghol. "Ba mhaith liom fanacht i mo bhuachaill, agus taisteal leis an bhFear Bréige agus leis an bhFear Coille Stáin, agus leis an Deargadaol, agus le Seán - sea! agus le mo chara an Capall Sábhadóireachta - agus leis an nGump! Ní theastaíonn uaim a bheith i mo chailín."

"Ná bac sin, a mhac," arsa an Fear Coille Stáin go séimh, "ní ghortóidh sé thú a bheith i do chailín, nó sin a dheirtear liom. Beimid fós inár gcairde agat mar a bhí riamh. Agus, chun an fhírinne a insint duit, mheas gur dheise cailíní na buachaillí riamh."

"Tá siad chomh deas céanna pé scéal é," arsa an Fear Bréige agus é ag leagan a lámh go ceanúil ar chloigeann Tip.

"Agus tá siad chomh maith céanna mar dhaltaí," arsa an Deargadaol. "Ba mhaith liomsa thú a theagasc nuair a dhéanfar cailín díot arís."

"Ach, cogar!" arsa Seán Puimcíncheann de gheit. "Má dhéantar cailín díot, ní féidir leat a bheith i d'athair dil agam a thuilleadh!"

"Ní féidir," arsa Tip agus é ag gairí in ainneoin na himní a bhí air. "agus ní bheidh aon aiféala orm éalú ón ngaol sin."

Ansin, thiontaigh sé i dtreo Glinda agus ar seisean, go drogallach:

"B'fhéidir go mbainfinn triail as ar feadh tamaill, díreach féachaint conas a bheadh agam.

Ach mura dtaitneoidh sé liom a bheith i mo chailín, ní mór duit a gheallúint dom go ndéanfaidh tú buachaill díom arís."

"Chun an fhírinne a insint," arsa an Bandraíodóir, "is mó ná draíocht é sin. Ní bhíonn aon bhaint agamsa le claochluithe, óir tá siad mímhacánta, agus ní maith le bandraíodóir ar bith cló rudaí a athrú agus cuma eile a chur orthu. Ní bhaineann ach cailleacha mínáireacha úsáid as an ealaín sin, agus dá bhrí sin ní mór dom a iarraidh ar Mhambaí thú a shaoradh ó na geasa seo agus do chló ceart a chur ort arís. Sin é an deis deiridh a bheidh aici draíocht a dhéanamh."

Ó tharla go raibh fírinne an scéil ar eolas ag daoine faoin mBanphrionsa Ozma, ba chuma le Mambaí a tharlódh do Tip, ach chuir fearg Glinda eagla uirthi, agus gheall an buachaill go gcuirfeadh sé cóir ar Mhambaí nuair a bheadh sí sean dá mbeadh sé i gceannas ar an gCathair Iathghlas.

Dá bhrí sin, dúirt an Chailleach go ndéanfaidh sí an claochlú agus cuireadh gach rud in ord agus in eagar láithreach chun é sin a dhéanamh.

D'ordaigh Glinda go gcuirfí a tolg ríoga féin i lár an phubaill. Cuireadh cuisíní a bhí clúdaithe le síoda de dhath na rós ar an tolg, agus bhí gosamar bándearg ar crochadh ó ráille óir a bhí os cionn an toilg, rud a d'fhág nárbh fhéidir an duine a fheiceáil ar an tolg.

Ba é an chéad rud a rinne an Chailleach a iarraidh ar an mbuachaill leacht a ól, rud a chuir tromchodladh gan brionglóidí air láithreach.

Thug an Fear Coille Stáin agus an Deargadaol anonn chuig an tolg go deas réidh ansin é agus chuir siad ina luí ar na cuisíní boga

é, agus dhún siad na cuirtíní bréidín ionas nárbh fhéidir é a fheiceáil.

Chuaigh an Chailleadh ar a gogaide agus rinne sí tine bheag de luibheanna triomaithe, a bhí ina brollach aici.

Nuair a rinne an tine bladhm gan dé gan deatach, chaith Mambaí glac púdair dhraíochta ar an tine, agus tháinig cumhra sailchuaiche ó tine láithreach agus líon sé an puball go léir, rud a bhain sraoth as an gCapall Sábhadóireachta - cé gur tugadh foláireamh dó a bheith ina thost.

Ansin, agus an chuid eile díobh ag faire uirthi go fiosrach, chan an chailleach rannán rithimeach i bhfocail nár thuig éinne, agus chrom sí a colainn chaol os cionn an tine agus ar ais seacht nuaire.

Nuair a bhí deireadh leis an rannán draíochta, sheas an Chailleach in airde agus dúirt sí focal amháin, "Dheobha!" in ard a cinn agus a gutha.

Scaipeadh an cumhra agus an ceo agus bhí aer úr le brath sa phuball arís. Chrith cuirtíní bándearga an toilg de bheagán, amh in is go rabhthas á mbogadh ón taobh istigh.

Shiúil Glinda anonn chuig na cuirtíní agus d'oscail sí iad.

Chrom sí os cionn an gcuisíní, shín sí a lámh amach agus d'éirigh cailín aniar ón tolg agus í chomh friseáilte agus chomh hálainn lena bhfaca siad riamh.

Bhí a súile ag glioscarnach mar a bheadh dhá dhiamant, agus bhí dath a beola mar a bheadh túrmailín.

Bhí trlseáin rua-órga ag titim síos a drom agus iad ceangailte le chéile ar a baithis le fáinne caol seod.

Bhí a róbaí d'uige síoda ar foluain uimpi mar a bheadh scamall agus bhí slipéirí áille sróil ar a cosa.

Ach a bhfaca siad an radhare iontach sin, stán seanchairde Tip ar feadh nóiméid ina iomláine, agus ansin d'umhlaigh siad go léir a gceann roimh an mBanríon álainn Ozma.

Thug an cailín féin sracfhéachaint amháin ar aghaidh ghléigeal Glinda, a raibh loinnir an áthais agus an ríméid uirthi, agus ansin d'fhéach sí ar na daoine eile. Labhair sí go binn agus go faiteach agus ar sise:

"Tá súil agam nach lú an meas atá anois agaibh orm ná mar a bhí roimhe seo. Is mise an Tip céanna, bíodh a fhios agaibh, ach-ach-amháin-"

"Ach amháin go bhfuil tú difriúil" arsa an Puimeíncheann, agus mheas gach duine gurbh é sin an rud ba chríonna a dúirt sé riamh.





Nuair a chuala Jinjur an scéala iontach gur gabhadh Mambaí, an chailleach, agus gur admhaigh sí na drochbhearta a rinne sí, agus gur thángthas ar an mBanphrionsa Ozma a bhí ar iarraidh agus faoi cheilt mar bhuachaill, thosaigh sí ag gol go faíoch.

"Samhlaigh," arsa sise d'olagón, "tar éis don a bheith i mo Bhanríon, agus i mo chónaí i bpálás, go gcaithfidh mé filleadh ar urláir a sciúradh agus uachtar a mhaistreadh. Is uafásach liom cuimhneamh air fiú! Ní ghéillfidh mé choíche!"

Mar sin, nuair a chuir a saighdiúirí, a chaitheadh formhór a gcuid ama ag déanamh milseán i gcistíní an pháláis, comhairle ar Jinjur gan géilleadh, d'éist sí lena raiméis agus sheol sí teachtaireacht neamhghéilliúna chuig Glinda Mhaith agus chuig an mBanríon Ozma. Ba é an toradh a bhí air sin gur fógraíodh cogadh, agus an lá dar gcionn mháirseáil Glinda ar an gCathair

Iathghlas. Bhí meirgrí ar foluain agus buíonta ceoil ag seinm, agus bhí foraois sleánna glioscarnacha le feiceáil agus iad ag lonrú faoi ghaetha na gréine.

Ach nuair a bhain an slua sin na ballaí amach, stad siad go hobann, óir dhún agus bhlocáil Jinjur gach geata agus ba mhór agus b'ard iad ballaí na Cathrach Iathghlaise a rinneadh as blocanna tiubha iathghlasa marmair.

Agus a bealach chun cinn blocáilte ar an gcaoi sin, chrom Glinda ar a marana a dhéanamh agus arsa an Deargadaol de ghlór an-dearfach:

"Ní mór dúinn léigear a dhéanamh ar an gcathair agus a thabhairt orthu géilleadh le teann ocrais. Is beag eile is féidir linn a dhéanamh."

"Ní fíor sin," arsa an Fear Bréige. "Tá an Gump againn fós, agus is féidir leis an Gump eitilt i gcónaí."

Thiontaigh an Bandraíodóir láithreach nuair a chuala sí an chaint sin, agus bhí meangadh gáire mór ar a haghaidh.

"Tá an ceart agat," a dúirt sí, "agus is cinnte go bhfuil cúis agat a bheith bródúil as do mheabhair chinn. Téimis chuig an nGump láithreach!"

Dá bhrí sin, d'imigh siad leo trí bhuíonta an airm nó gur bhain siad an áit a raibh an Gump ina luí amach, in aice le puball an Fhir Bhréige.

Dhreach Glinda agus an Banphrionsa Ozma in airde ar na toilg ar dtúis agus shuigh siad síos.

Dhreach an Fear Bréige agus a chairde in airde ansin, agus bhí

spás ann go fóill do Chaptaen agus do thriúr saighdiúirí, ar leor le Glinda mar gharda iad.

Ansin, ach a ndúirt an Banphrionsa na focail, bhuaile an rud aisteach ar a dtugtaí an Gump a sciatháin duilleog pailme agus d'éirigh sé in airde san aer agus an bhrúion taistealaithe ar iompar aige agus d'eitil sé go hard os cionn na ballaí.

D'fhan siad ar foluain os cionn an pháláis agus níorbh fhada go bhfaca siad Jinjur ina luí i leaba luascáin i gclós an pháláis, mar a raibh sí ag léamh úrscéil a raibh clúdach glas air agus ag ithe milseán. Ní raibh eagla ná imní uirthi ach go gcosnódh na ballaí ar a naimhde í.

Ach a ndúradh na focail leis an nGump, thuirling sé go sábháilte sa chlós, agus sula raibh am ag Jinjur níos mó ná liú a dhéanamh, léim an Captaen agus an triúr saighdiúirí amach as an nGump agus ghabh siad an iar-Bhanríon ina príosúnach, agus cuireadh slabhraí láidre ar a dhá riosta.




Chuir sé sin deireadh leis an gcogadh óir ghéill an Arm Ceannairce a luaithe a chuala siad go raibh Jinjur ina cime, agus mháirseáil an Captaen go sábháilte trí na sráideanna agus anonn go geataí na cathrach agus d'oscail sí iad.

Ansin, sheinn na buíonta ceoil an fonn ba spreagúla a bhí acu agus arm Glinda ag máirseáil isteach sa chathair agus d'fhógair fógróirí go bhfuarthas an lámh in uachtar ar Jinjur cheanndána agus go raibh an Banphrionsa álainn Ozma ag filleadh ar ríchathaoir a sinsear ríoga.

Chaith fir Chathair Iathghlaise a naprúin díobh láithreach.

Agus deirtear go raibh na mná chomh bréan sin den bhia a bhí na fir chéile a chocaráil gur lig siad liú áthais astu go raibh deireadh le réimeas Jinjur.

Is cinnte gur imigh na mná go léir de ruathar chuig cistiní a dtithe agus gur chócaráil siad béile blasta do na fir thraochta agus bhí gach teaghlach ina gceart arís.



Ba é an chéad ghníomh a rinne Ozma iachall a chur ar an Arm Ceannairce gach smaragaid agus seoid eile a goideadh ó na sráideanna agus na foirgnimh phoiblí a thabhairt ar ais di. Go deimhin, bhain na cailíní móiréiseacha sin an oiread sin cloch lómhar ón áit a raibh siad gur ghlac sé mí ar na seodóirí ríoga go léir iad a chur ais.

Cuireadh deireadh leis an Arm Ceannairce agus seoladh na cailíní abhaile chuig a máithreacha.

Scaoileadh Jinjur saor chomh maith ach ar gheall sí go mbeadh dea-iompar fúithi.

Bhí Ozma ar an mBanríon ab áille ar an gCathair Iathghlas riamh, agus cé go raibh sí óg agus nach raibh aon taithí aici, rialaigh sí na daoine go stuama agus go cóir.

Óir chuireadh Glinda comhairle mhaith uirthi i gcónaí, agus ba mhór an cúnamh d'Ozma é an Deargadaol, a ceapadh i bpost tábhachtach an Oideachasóra Phoiblí, nuair a chuireadh a dualgais ríoga mearbhall uirthi.

Bhí an cailín chomh buíoch sin don nGump as an bhfónamh a rinne sé uirthi gur thairg sí luach saothair ar bith dá rogha féin dó.

"Ba mhian liom," arsa an Gump, "go mbainfí ó chéile mé. Níor theastaigh uaim go gcuirfí beocht ionam an chéad lá riamh agus is mór is náire liom an meascán mearaí atá ionam. Tráth dá raibh, bhí mé i gceannas ar an bhforaois, mar is léir ó bheanna mo chinn, ach anois agus mé i mo thoilg agus i mo ghiolla, agus dualgas orm eitilt tríd an aer - ní féidir liom mo chosa a úsáid beag na mór. Dá bhrí sin, impím ort mo bhaint ó chéile."

D'ordaigh Ozma go mbainfí an Gump ó chéile.

Cuireadh an cloigeann lena bheanna ar crochadh arís os cionn

an mhatail sa halla, agus cuireadh na toilg ar ais sna parlúis feithimh.

Cuireadh an scuab eireabail ar ais chun na cistine mar ar úsáideadh arís í chun an t-urlár a scuabadh, agus i ndeireadh thiar thall, chuir an Fear Bréige ar ais na línte éadaí agus na pionnaí go léir a thóg sé an lá eachtrúil sin a cuireadh an Rud le chéile.

Ba dhóigh leat gurbh é sin deireadh an Ghump, agus ba ea, mar mheaisín eitlete.

Ach lean an cloigeann a bhí ar crochadh os cionn an mhatail air ag labhairt i gcónaí pé uair a bhuaileadh an fonn é, agus na mhinic a bhaineadh sé stangadh as na daoine a bhíodh ag feitheamh sa halla le labhairt leis an mBanríon nuair a chuireadh sé ceisteanna orthu gan choinne.

Cuireadh cóir mhaith ar an gCapall Sábhadóireachta, a bhí i seilbh phearsanta Ozma agus ba mhinic a théadh sí ag marcaíocht ar an gcréatúr ar feadh shráideanna an Cathrach Iathghlaise.

Chuir sí cruite óir ar a chosa, ionas nach gcreimfí iad, agus chuireadh clingireacht na gcruite órga ar an gcosán iontas ar ghéillsinigh na Banríona i gcónaí agus iad ag machnamh ar léiriú a cumhachtaí draíochta.

"Ní raibh an tAsarlaí Oscartha chomh hoscарtha riamh leis an mBanríon Ozma," a deireadh na daoine lena chéile de chogar, "óir mhaíodh sé go bhféadfadh sé go leor rudaí a dhéanamh ach níorbh fhéidir. Os a choinne sin, déanann an Bhanríon nua go leor rudaí nach mbeadh éinne ag súil leo uaithe."

D'fhan Seán Puimcíncheann le Ozma go deireadh a shaoil. Níor

milleadh é leath chomh tapaidh agus a mheas sé féin, cé go raibh sé i gcónaí chomh dúr agus a bhí riamh.

Rinne an Deargadaol iarracht mórán de na healaíona agus den eolaíocht a mhúineadh dó, ach ba dhalta chomh lag sin é Seán gur caitheadh i dtraipisí aon iarracht ar oideachas a chur air.

Ach ar mháirseáil arm Glinda abhaile, agus a raibh síocháin i réim sa Chathair Iathghlas arís, d'fhógair an Fear Coille Stáin go raibh rún aige filleadh ar a ríocht féin i measc na gCaochadóirí.

"Ní mór de ríocht í," ar seisean le Ozma, "ach ar a shon sin amháin is furasta i bhfad í a rialú. Thug mé Impire orm féin de bhrí gur modh monarc amach is amach mé, agus ní féidir le duine ná deoraí cur isteach ar an gcaoi a ndéanaim gnóthaí poiblí nó pearsanta.

Nuair a bhainfidh mé an baile amach cuirfidh mé cóta nua de phláta nicil orm; óir d'éirigh mé leamh agus scríobadh le déanaí mé;

Agus is mé a bheidh sásta an uair sin ach a dtabharfá cuairt orm."

"Go raibh maith agat," arsa Ozma.

"B'fhéidir go nglacfainn leis an gcuireadh sin lá éigin. Agus cad a tharlóidh don Fhear Bréige?"

"Fillfidh mé le mo chara an Fear Coille Stáin," a dúirt an neach líonta, go dáiríre. "Bheartaíomar nach scarfaí óna chéile go deo as seo amach muid."

"Agus thug mé post an Chisteora Ríoga don Fhear Bréige," arsa an Fear Coille Stáin.

"Óir rith sé liom gur rud maith an rud é cisteoir Ríoga atá lán d'airgead a bheith ag duine. Cad is dóigh leat?"

"Is dóigh liom," a dúirt an Bhanríon bheag, agus meangadh gáire ar a haghaidh, "nach foláir gurb é do chara an fear is saibhre ar domhan."

"Is ea go deimhin," arsa an Fear Bréige. "Ach ní mar gheall ar mo chuid airgid. Óir is dóigh liom gur fearr i bhfad ar gach slí, meabhair chinn ná airgead."

Seans gur thug tú faoi deara má bhíonn airgead ag duine gan mheabhair chinn, nach féidir leis leas a bhaint as, ach má bhíonn meabhair chinn ag duine gan airgead, go mbeidh ar a chumas an saol a chaitheamh go sóch go deireadh a ré."

"Ag an am céanna," arsa an Fear Coille Stáin, "ní mór duit a admháil gur rud é croí maith nach féidir a chruthú le meabhair chinn, agus nach féidir a cheannach le hairgead. Seans gur mise an duine is saibhre ar domhan i ndeireadh na dála."

"Tá an bheirt agaibh saibhir, a chairde," arsa Ozma go caoin, "agus is é an saibhreas sin agaibhse an t-aon saibhreas is fiú a bheith ag duine - saibhreas na sástachta!"

C Í Ć
R O



Tá Dorothy imithe abhaile go Kansas, tá an Fear Bréige i gceannas ar an gCathair Iathghlas agus tá an Fear Coille Stáin i gceannas ar Chríoch na gCaochadóirí. Tá an saol sóch in Oz, ach ansin éiríonn na cailíní amach faoi stiúir an Ghinearáil Jinjur agus cuireann siad an Chathair Iathghlas faoina smacht agus an ruaig ar an bhFear Bréige le cúnamh na Caillí, Mambaí.

Téann an Fear Bréige ar thuras chuig a sheanchara an Fear Coille Stáin agus castar cairde nua air fan na slí - Típ, seán Puimpcíncheann, an Deargadaol Oll-Mhéadaithe, an Capall Sábhadóireachta agus an Gump. Téann an bhuíon go leir agus an Fear Coille Stáin chuig Glinda Mhaith agus iad ag súil gur féidir léi cabhrú leo deireadh a chur leis an éirí amach.

Ní mar a shíltear a bhítear, áfach, agus tá cor eile sa scéal - Ozma, banphrionsa Oz atá ar iarraidh le fada.

Cé hí Ozma? Cá bhfuil sí? An féidir an Chathair Iathghlas a tharrtháil ón Arm Ceannairce?

Iath, Land, territory, country
Iontach, Wonderful, surprising, strange
(var. iontach)

